BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

26 Márta 2026*

Clár

I. An creat dlíthiúil agus cúlra na ndíospóidí 9

A. Cinneadh 2022/329 10

B. Cinneadh 2014/145, arna leasú, *inter alia*, le Cinneadh 2022/329 11

C. Rialachán Uimh. 269/2014 12

D. An cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid (Cásanna C-696/23 P agus C-35/24 P) . 12

E. Na gníomhartha atá faoi chonspóid (Cásanna C-704/23 P, C-711/23 P agus C-111/24 P) . . 14

1. Na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid (Cásanna C-704/23 P, C-711/23 P agus C-111/24 P) 14

2. Na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid (Cásanna C-704/23 P, C-711/23 P agus C-111/24 P) 15

3. Na dara gníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid (Cásanna C-70423 P agus C-111/23 P) 15

II. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus na breithiúnais atá faoi achomharc 16

A. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-696/23 P) 16

B. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an dara breithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-704/23 P) 17

C. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an tríú breithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-711/23 P) 19

D. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an ceathrú breithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-35/24 P) 20

* Teangacha an cháis: an Béarla agus an Fhraincis.

E. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an cúigiú breithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-111/24 P) . . . 21

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais agus argóintí na bpáirtithe san achomharc . . 22

A. Uamadh . . . 22

B. Na hiarratais ar idiragairt . . . 22

C. Na horduithe atá á lorg ag na páirtithe san achomharc . . . 23

1. An t-ordú atá á lorg i gCás C-696/23 P . . . 23

2. An t-ordú atá á lorg i gCás C-704/23 P . . . 23

3. An t-ordú atá á lorg i gCás C-711/23 P . . . 24

4. An t-ordú atá á lorg i gCás C-35/24 P . . . 24

5. An t-ordú atá á lorg i gCás C-111/24 P . . . 24

D. Na hiarrataí an chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú . . . 25

1. An iarraidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú i gCás c-696/23 P . . . 25

2. An iarraidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú i gCás C-711/23 P . . . 26

IV. Na hachomhairc . . . 27

A. Na saincheisteanna dlí lena líomhnaítear sárú ar chritéar (g) ag an gCúirt Ghinearálta . . . 28

1. Na hargóintí ina líomhnaítear gur bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as an abairt ‘a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’, de réir bhrí chritéar (g) . . . 29

(a) An dara foras achomhairc agus an chéad chuid den tríú foras achomhairc i gCás C-711/23 P agus an dara foras achomhairc agus an chéad chuid den tríú foras achomhairc i gCás C-35/24 P . . . 29

(1) Argóintí na bpáirtithe . . . 29

(2) Breithniú na Cúirte Breithiúnais . . . 30

(b) An dara gearán sa dara cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P, an chéad chuid go dtí an tríú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-711/23 P, an chéad ghearán sa dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-35/24 P agus an seachtú foras achomhairc i gCás C-111/24 P . . . 36

(1) Argóintí na bpáirtithe . . . 36

(2) Breithniú na Cúirte Breithiúnais . . . 37

2. Na forais achomhairc lena n-éilítear gur bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as an gcoincheap 'tionchar' de réir bhrí chritéar (g) . . . 38

(a) Argóintí na bpáirtithe . . . 38

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais . . . 41

(1) Inghlacthacht an chéad fhoras achomhairc i gCás C-696/23 P . . . 41

(2) Substaint an cháis . . . 43

(i) An chéad fhoras achomhairc i gCás C-696/23, an tríú cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P agus an ceathrú cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-35/24 P . . . 43

(ii) An chéad ghearán agus an dara gearán den chéad chuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 agus an dara foras achomhairc agus an chéad chuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P . . . 46

B. Na forais achomhairc lena n-éilítear gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabal na comhréireachta agus Airteagal 52(1) den Chairt agus an dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P . . . 49

1. An tríú foras achomhairc i gCás C-696/23 P, lena n-éilítear sárú ar an gcéad abairt d'Airteagal 52(1) den Chairt . . . 49

(a) Argóintí na bpáirtithe . . . 49

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais . . . 50

2. An ceathrú foras achomhairc i gCás C-696/23 P agus an tríú foras achomhairc i gCás C-704/23 P, lena n-éilítear sárú ar an dara habairt d'Airteagal 52(1) den Chairt, agus an dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-704/23 P, lena n-éilítear sárú a phrionsabal na comhréireachta . . . 51

(a) Argóintí na bpáirtithe . . . 51

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais . . . 53

(1) Inghlacthacht an chéad, dara agus ceathrú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-696/23 P . . . 53

(2) Substaint an cháis . . . 54

(i) Barúlacha tosaigh . . . 54

(ii) Anailís . . . 55

3. An dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P . . . 58

(a) Argóintí na bpáirtithe . . . 58

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais . . . 58

C. Na forais achomhairc lena n-éilítear earráidí dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta ina hanailís ar phléadálacha neamhdhleathachta chritéar (g) 59

1. An tríú foras achomhairc i gCás C-111/24 P 60

(a) Argóintí na bpáirtithe 60

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 60

2. An dara cuid den tríú foras achomhairc i gCásanna C-711/23 P agus C-35/24 P 63

(a) Argóintí na bpáirtithe 63

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 64

D. Na forais achomhairc lena n-éilítear earráidí dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta ina hanailís ar phrionsabal na córa comhionainne 66

1. Argóintí na bpáirtithe 66

2. Breithniú na Cúirte Breithiúnais 67

E. Na forais achomhairc lena n-éilítear earráidí dlí agus saobhadh ar na fíorais agus ar an bhfianaise a rinne an Chúirt Ghinearálta maidir leis an gceist ar comhlíonadh na heilimintí a chomhdhéanann critéar (g) maidir leis na hachomharcóirí 68

1. Na hearráidí dlí agus saofa líomhnaithe a rinne an Chúirt Ghinearálta ina hanailís ar cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn na hearnálacha eacnamaíocha ina n-oibríonn nó ina n-oibrigh an dara go dtí an cúigiú achomharcóir foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise 69

(a) An dara foras achomhairc i gCás C-704/23 P agus an chéad chuid de na chéad fhorais achomhairc i gCásanna C-711/23 P agus C-35/24 P 69

(1) Argóintí na bpáirtithe 69

(2) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 71

(i) Inghlacthacht an dara foras achomhairc i gCás C-704/23 P agus na chéad choda den chéad fhoras achomhairc i gCás C-35/24 P 71

(ii) Substaint an cháis 71

(b) An chéad ghearán sa dara cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P, an dara cuid den chéad fhoras achomhairc agus an ceathrú go dtí an séú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-711/23 P, an dara agus an tríú cuid den chéad fhoras achomhairc, an chéad chuid agus an dara gearán sa dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-35/24 P, agus an cúigiú agus an séú foras achomhairc i gCás C-111/24 P 73

(1) An chéad ghearán sa dara cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P 73

(i) Argóintí na bpáirtithe 73

(ii) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 73

(2) An dara cuid den chéad fhoras achomhairc agus an ceathrú go dtí an séú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-711/23 P 75

(i) Argóintí na bpáirtithe 75

(ii) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 76

(3) An dara agus an tríú cuid den chéad fhoras achomhairc agus an chéad chuid agus an dara gearán den dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-35/24 P 78

(i) Argóintí na bpáirtithe 78

(ii) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 79

(4) An cúigiú agus and séú foras achomhairc i gCás C-111/24 P 80

(i) Argóintí na bpáirtithe 80

(ii) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 81

2. Na hearráidí dlí agus saofa líomhnaithe a rinne an Chúirt Ghinearálta maidir le 'tionchar' an dara hachomharcóir agus feidhmiú 'gníomhaíochta' an chéad achomharcóra agus an chúigiú hachomharcóir, de réir bhrí chritéar (g) 82

(a) An chéad chuid den dara foras achomhairc i gCás C-696/23 P 82

(1) Argóintí na bpáirtithe 82

(2) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 83

(b) An tríú gearán den chéad chuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P . 83

(1) Argóintí na bpáirtithe 83

(2) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 84

(c) Cás C-111/24 P 84

(1) Argóintí na bpáirtithe 84

(2) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 85

(i) Inghlacthacht 85

(ii) Substaint an cháis 86

F. An dara cuid den chéad fhoras achomhairc agus an cúigiú foras achomhairc i gCás C-696/23 P, an tríú cuntar éilimh i gCás C-704/23 P, an cúigiú cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-35/24 P agus an chéad fhoras achomhairc i gCás C-111/24 P 87

1. An dara cuid den chéad fhoras achomhairc agus an cúigiú foras achomhairc i gCás C-696/23 P 87

(a) An dara cuid den chéad fhoras achomhairc 87

(1) Argóintí na bpáirtithe 87

(2) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 87

(b) An cúigiú foras achomhairc 88

2. An tríú cuntar éilimh i gCás C-704/23 P 88

3. An cúigiú cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-35/24 P 89

4. An chéad fhoras achomhairc i gCás C-111/24 P 89

(a) Argóintí na bpáirtithe 89

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais 90

V. Conclúid 92

VI. Costais 92

(Achomharc – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise an fhogha mhíleata faoin Úcráin – Cinneadh 2014/145/CBES – Airteagal 1(1)(e) agus Airteagal 2(1)(g) – Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 – Airteagal 3(1)(g) – Cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo – Coincheap ‘príomhdhaoine gnó atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’ – Pléadáil neamhdhleathachta – Airteagail 7, 16, 17 agus 47 agus Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine agus an ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil – Srianta – Prionsabail na dlíthiúlachta agus na na comhreachta – Prionsabal na córa comhionainne)

I gCásanna Uamtha C-696/23 P, C-704/23 P, C-711/23 P, C-35/24 P agus C-111/24 P,

CÚIG ACHOMHARC faoi Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 16 Samhain 2023 maidir le Cásanna C-696/23 P agus C-704/23 P, an 22 Samhain 2023 maidir le Cás C-711/23 P, an 18 Eanáir 2024 maidir le Cás C-35/24 P agus an 8 Feabhra 2024 maidir le Cás C-111/24 P,

Dmitry Alexandrovich Pumpyanskiy, atá ina chónaí in Yekaterinburg (an Rúis), arna ionadú ag A. Egger, P. Goeth, G. Lansky agus E. Steiner, Rechtsanwälte (C-696/23 P),

Tigran Khudaverdyan, atá ina chónaí i Moscó (an Rúis), arna ionadú ar dtús ag F. Bélot, T. Bontinck, M. Brésart agus J. Goffin, agus ina dhiaidh sin ag F. Bélot, T. Bontinck agus J. Goffin, avocats (C-704/23 P),

Viktor Filippovich Rashnikov, atá ina chónaí in Magnitogorsk (an Rúis), arna ionadú ag M. Campa, avvocato, M. Moretto, avocat, M. Pirovano, avvocata, D. Rovetta, avocat, agus V. Villante, avvocato (C-711/23 P),

Dmitry Arkadievich Mazepin, atá ina chónaí i Moscó, arna ionadú ag A. Bass, avocat, M. Campa, avvocato, M. Moretto, D. Rovetta, avocats, agus V. Villante, avvocato (C-35/24 P),

German Khan, atá ina chónaí i Londain (an Ríocht Aontaithe), arna ionadú ag A. Bass agus T. Marembert, avocats (C-111/24 P),

achomharcóirí,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

Comhairle an Aontais Eorpaigh, arna ionadú ar dtús ag B. Driessen, P. Mahnič, P. Pecheux, V. Piessevaux, J. Rurarz, L. Vétillard agus S. Van Overmeire, agus ina dhiaidh sin ag B. Driessen, P. Pecheux, V. Piessevaux, J. Rurarz agus L. Vétillard agus S. Van Overmeire, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéad chéim,

le tacaíocht ó:

Poblacht na Seice, arna hionadú ag K. Najmanová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag M. Carpus Carcea agus L. Puccio, i gcáil Gníomhairí,

idiragraithe san achomharc (C-35/24 P),

Poblacht na Laitvia, arna hionadú ag J. Davidoviča, K. Pommere agus S. Zābele, i gcáil Gníomhairí,

idiragraí ag an gcéad chéim (C-35/24 P),

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, C. Lycourgos, I. Jarukaitis, M. L. Arastey Sahún (Rapóirtéir), I. Ziemele, J. Passer, O. Spineanu-Matei, M. Condinanzi agus F. Schalin, Uachtaráin Dlísheomra, E. Regan, N. Piçarra, A. Kumin, B. Smulders, S. Gervasoni agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: A. Lamote, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh éisteacht an 11 Feabhra 2025,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 5 Meitheamh 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena achomharc i gCás C-696/23 P, iarrann Dmitry Alexandrovich Pumpyanskiy ('an chéad achomharcóir') go gcuirfí an méid seo a leanas ar neamhní - breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 6 Meán Fómhair 2023, *Pumpyanskiy* v *an Chomhairle* (T-270/22, 'an chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2023:490) lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá chaingean go gcuirfí Chinneadh (CBES) 2022/397 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 80, lch. 31) ar neamhní, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/396 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 80, lch. 1) (le chéile, 'an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid') - a mhéid a n-áirítear a ainm ar na liostaí atá i gceangal leis an gcinneadh agus leis an rialachán atá faoi chonspóid.

2 Lena achomharc i gCás C-704/23 P, iarrann Tigran Khudaverdyan ('an dara hachomharcóir') go gcuirfí an méid seo a leanas ar neamhní - breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 6 Meán Fómhair 2023, *Khudaverdyan* v *an Chomhairle* (T-335/22, 'an dara breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2023:500) lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá chaingean go gcuirfí ar neamhní, ar an gcéad dul síos, Cinneadh (CBES) 2022/429 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 87 I, lch. 44) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 87 I, lch. 1) (le chéile, 'na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid'), ar an dara dul síos, Cinneadh (CBES) 2022/1530 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 239, lch. 149) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 239, lch. 1) (le chéile, 'na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid') agus, ar an tríú dul síos, Cinneadh (CBES) 2023/572 ón gComhairle an 13 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2023 L 75 I, l. 134) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/571 ón gComhairle an 13 Márta 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2023 L 75 I, lch. 1) (le chéile, 'na dara gníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid' agus, i dteannta leis na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid agus na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid, 'na gníomhartha atá faoi chonspóid') - a mhéid a n-áirítear a ainm ar na liostaí atá i gceangal leis na gníomhartha atá faoi chonspóid.

3 Lena achomharc i gCás C-711/23 P, iarrann Viktor Filippovich Rashnikov ('an tríú hachomharcóir') go gcuirfí breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Meán Fómhair 2023, *Rashnikov* v *an Chomhairle* (T-305/22, 'an tríú breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2023:530), lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá chaingean chun na gníomhartha atá faoi chonspóid a neamhniú, a mhéid a áirítear agus a choinnítear a ainm ar na liostaí a ghabhann leis na gníomhartha sin.

4 Lena achomharc i gCás C-35/24 P, iarrann Dmitry Arkadievich Mazepin ('an ceathrú hachomharcóir') go gcuirfí breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Samhain 2023, *Mazepin* v *an Chomhairle* (T-282/22, 'an ceathrú breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2023:701), lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá chaingean chun an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a áirítear a ainm sna gníomhartha sin ar na liostaí atá i gceangal leo.

5 Lena achomharc i gCás C-111/24 P, iarrann German Khan ('an cúigiú hachomharcóir') go gcuirfí breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 29 Samhain 2023, *Khan* v *an Chomhairle* (T-333/22, 'an cúigiú breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2023:758), lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá chaingean chun na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid agus na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a áirítear agus a choinnítear a ainm ar na liostaí atá i gceangal leis na gníomhartha sin.

I. An creat dlíthiúil agus cúlra na ndíospóidí

6 Leagtar amach comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil na ndíospóidí i míreanna 2 go 17 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, i míreanna 2 go 18 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, i míreanna 2 go 25 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, i míreanna 2 go 15 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 2 go 18 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc. Chun críocha na gcásanna seo, féadfar achoimre a dhéanamh ar an gcomhthéacs sin agus é a fhorlíonadh mar seo a leanas.

7 Tagann na cásanna seo chun cinn i gcomhthéacs na mbeart sriantach a ghlac an tAontas Eorpach ó 2014 i leith mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

8 Is daoine gnó Rúiseacha iad an chéad, an tríú agus an ceathrú hachomharcóir, is duine gnó Airméanach é an dara hachomharcóir agus is duine gnó Rúiseach agus Iosraelach é an cúigiú hachomharcóir.

9 An 17 Márta 2014, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh, ar bhonn Airteagal 29 CAE, Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 16).

10 An lá céanna, ghlac an Chomhairle, ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 6).

11 Tar éis ionradh fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, an 25 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/329 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 50, lch. 1, agus ceartúchán IO 2022 L 241, lch. 17). An lá céanna, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2022/330 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 51, lch. 1).

A. Cinneadh 2022/329

12 Foráiltear an méid seo a leanas in aithrisí 5 agus 8 go 11 de Chinneadh 2022/329:

'(5) An 24 Eanáir 2022, [...] d'athdhearbhaigh an Chomhairle go n-eascródh iarmhairtí ollmhóra agus costais thromchúiseacha as aon ionsaí míleata breise a dhéanfadh an Rúis ar an Úcráin, agus go n-áirítear air sin réimse leathan beart sriantach ar earnálacha agus ar dhaoine aonair a ghlacfaí i gcomhar le comhpháirtithe.

[...]

(8) An 22 Feabhra 2022, d'eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh an ghníomhaíocht neamhdhleathach sin, lena mbaintear an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a thuilleadh agus is sárú tromchúiseach í ar an dlí idirnáisiúnta agus ar chomhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe, Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí, Cairt Pháras agus Meabhrán Bhúdaipeist, chomh maith le Comhaontuithe Mhionsc agus Rún 2202 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. D'áitigh an tArdionadaí ar an Rúis, mar pháirtí sa choinbhleacht, an t-aitheantas sin a aisiompú, seasamh lena gealltanais, cloí leis an dlí idirnáisiúnta agus filleadh ar an bplé faoi chuimsiú fhormáid na Normainne agus an Ghrúpa Teagmhála Thríthaobhaigh. D'fhógair sé go bhfreagródh an tAontas do na sáruithe is déanaí sin ag an Rúis trí bhearta breise sriantacha a ghlacadh mar ábhar práinne.

(9) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine an t-ionsaí sin.

(10) An 24 Feabhra 2022, d'eisigh an tArdionadaí [an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála] dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh go fíorghéar an t-ionradh ar an Úcráin a rinne fórsaí armtha de chuid Chónaidhm na Rúise agus rannpháirtíocht na Bealarúise sa fogha sin faoin Úcráin. Chuir an tArdionadaí [an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála] in iúl go n-áireofar i bhfreagairt an Aontais bearta sriantacha earnálacha agus bearta sriantacha aonair araon.

(11) I bhfianaise a thromchúisí atá cúrsaí, measann an Chomhairle gur cheart na critéir ainmniúcháin a leasú le go n-áireofaí iontu daoine agus eintitis a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a bhaineann tairbhe as an Rialtas sin chomh maith le daoine agus eintitis a bhfuil foinse mhór ioncaim á sholáthar dó, agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu le daoine nó eintitis liostaithe.'

B. Cinneadh 2014/145, arna leasú, inter alia, le Cinneadh 2022/329

13 Le hAirteagal 1(1) de Chinneadh 2014/145, arna leasú le Cinneadh 2022/329 ('Cinneadh 2014/145'), ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh, faoi réir na maoluithe a shonraítear in Airteagal 1(2), (3) agus (6), chun cosc a chur ar theacht isteach ina gcríocha, nó ar idirthuras trína gcríocha, *inter alia*, daoine nádúrtha a chomhlíonann na critéir a leagtar síos, *inter alia*, i bpointí (a), (b), (d) agus (e) de.

14 Foráiltear le hAirteagal 2(1)(a), (d), (f) agus (g) de Chinneadh 2014/145 do reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ar le, *inter alia*, daoine nádúrtha iad a chomhlíonann na critéir a leagtar amach sna pointí sin, chomh maith leis na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú na ndaoine sin, ós rud é gurb ionann na critéir sin, go bunúsach, agus iad siúd a leagtar síos in Airteagal 1(1)(a), (b), (d) agus (e) den chinneadh sin. Léitear an fhoráil sin mar a leanas:

'Déanfar an méid seo a leanas a reo - na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile, ar leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí seo a leanas iad, nó atá faoina n-úinéireacht nó atá ina seilbh nó á rialú acu:

(a) daoine nádúrtha atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den cobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin, nó as na gníomhaíochtaí nó beartais sin a chur chun feidhme;

[...]

(d) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a thacaíonn, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine, nó a bhaineann tairbhe astu;

[...]

(f) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag tacú go gníomhach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, ar bhonn ábhartha nó ar bhonn airgeadais, nó atá ag baint tairbhe as an Rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine; nó

(g) príomhdhaoine gnó nó príomhdhaoine dlítheanacha, príomheintitis nó príomhchomhlachtaí atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine,

[...]

agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo, arna liostú san Iarscríbhinn. '
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Foráladh an méid seo a leanas le hAirteagal 2(1) de Chinneadh 2014/145 ina leagan bunaidh:

‘Déanfar an méid seo a leanas a reo - na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar le daoine nádúrtha iad atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo, mar a liostaítear san Iarscríbhinn, nó atá faoina n-úinéireacht nó atá ina seilbh nó á rialú acu. ’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear le hAirteagal 2(3) go (5), (7) agus (8) de Chinneadh 2014/145, go bunúsach, go bhféadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi imthosca agus coinníollacha áirithe, scaoileadh cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a údarú agus íocaíochtaí le heintitis áirithe a údarú agus go bhféadfaidh na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh sin íocaíochtaí a dhéanamh atá dlite faoi chonradh a tugadh i gcrích roimh an dáta a áiríodh ar an liosta sin iad.

17 Foráiltear leis an tríú mír d’Airteagal 6 den chinneadh sin go ndéanfar athbhreithniú leanúnach air agus go ndéanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.

C. Rialachán Uimh. 269/2014

18 Liostaítear in Airteagal 3(1)(a), (d), (f) agus (g) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú le Rialachán 2022/330 (‘Rialachán Uimh. 269/2014’), na critéir lena rialaítear, *inter alia*, liostú, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, daoine nádúrtha a bhfuil a gcistí agus a n-acmhainní eacnamaíocha reoite i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Rialachán sin. Go bunúsach, is ionann na critéir sin agus na critéir dá dtagraítear i mír 14 den bhreithiúnas seo.

19 Go bunúsach, atáirgtear in Airteagail 4 go 6b den Rialachán sin na forálacha céanna a leagtar amach, faoi seach, i míreanna 3 go 5, 7 agus 8 d’Airteagal 2 de Chinneadh 2014/145.

20 Foráiltear le hAirteagal 14(4) de Rialachán Uimh. 269/2014 go ndéanfar athbhreithniú ar an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann leis go tráthrialta agus gach 12 mhí ar a laghad.

D. An cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid (Cásanna C-696/23 P agus C-35/24 P)

21 An 9 Márta 2022, i bhfianaise thromchúis na staide san Úcráin, ghlac an Chomhairle an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid. Leis na gníomhartha sin, cuireadh ainmneacha an chéad achomharcóir agus an ceathrú hachomharcóir, faoi seach, leis an liosta atá i gceangal le Cinneadh 2014/145 agus leis an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 269/2014, ar na cúiseanna seo a leanas:

Is é [an chéad achomharcóir] cathaoirleach bhord stiúrthóirí PJSC Pipe Metallurgic Company (‘TMK’), agus is é Uachtarán agus comhalta boird Group Sinara é. Tacaíonn sé le húdaráis Chónaidhm na Rúise agus fiontair atá faoi úinéireacht Stáit, iarnróid na Rúise, Gazprom agus Rosneft san áireamh, agus baineann sé tairbhe as comhar leo. Dá bhrí sin, tá sé rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.

An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail [an chéad achomharcóir] agus 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus le comhaltaí eile de Rialtas na Rúise chun tionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair a phlé. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur ball de dhlúthchiorcal Vladimir Putin é agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é atá in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.

[...]

'Is é [an ceathrú hachomharcóir] úinéir agus [príomhfheidhmeannach] na cuideachta leasacháin mianraí, Uralchem. Monaróir Rúiseach is ea Uralchem Group a dhéanann raon leathan táirgí ceimiceacha, leasacháin mhianracha agus sailpítear amóiniach san áireamh. De réir na cuideachta, is é an táirgeoir is mó níotráit amóiniam agus an dara táirgeoir is mó leasacháin amóinia agus nítrigine sa Rúis. Dá bhrí sin, tá [an ceathrú hachomharcóir] rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.

An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh fhogha na Rúise faoin Úcráin, bhuail [an ceathrú hachomharcóir] agus 36 dhuine gnó eile leis an Uachtarán Vladimir Putin agus le comhaltaí eile de Rialtas na Rúise chun tionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair a phlé. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur ball de dhlúthchiorcal Vladimir Putin é agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Léirítear leis sin freisin gur duine de na ceannairí gnó is mó é atá in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.

I mí na Nollag 2021, d'athscríobh [an ceathú achomharcóir] a chuideachtaí a bhí lonnaithe sa Chipir, Uralchem Holding agus CI-Chemical Invest, a rialaíonn 'Uralchem', chuig dlínse na Rúise ag ceantar riaracháin speisialta ar Oileán Oktyabrsky i réigiún Kaliningrad.'

E. Na gníomhartha atá faoi chonspóid (Cásanna C-704/23 P, C-711/23 P agus C-111/24 P)

1. Na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid (Cásanna C-704/23 P, C-711/23 P agus C-111/24 P)

22 An 15 Márta 2022, i bhfianaise thromchúis na staide san Úcráin, ghlac an Chomhairle na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid. Leis na gníomhartha sin, cuireadh ainmeacha an dara, tríú agus cúigiú hachomharcóir leis an liosta atá i gceangal le Cinneadh 2014/145 agus leis an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 269/2014, ar na cúiseanna seo a leanas, agus an fhoclaíocht chéanna ann sa dá liosta:

‘Mór-scairshealbhóir in ilchomhlacht Alfa Group is ea [an cúigiú hachomharcóir], lena n-áirítear Alfa Bank, ar ceann de na cáiníocóirí is mó sa Rúis é. Creidtear gur duine de na daoine is mó tionchar sa Rúis é. Cosúil le húinéirí eile Alfa Bank (Mikhail Fridman agus Piotr Aven), tá dlúthchaidreamh aige le Vladimir Putin agus leanann sé de fhabhair thábhachtacha a mhalartú leis. Baineann úinéirí Alfa Group tairbhe as buntáistí tráchtála agus dlíthiúla a eascraíonn as an gcaidreamh sin. Bhí tionscadal carthanachta, Alfa-Endo, faoi stiúir an iníon is sine le Vladimir Putin, Maria, agus é maoinithe ag Alfa Bank. Thug Vladimir Putin luach saothair do dhílseacht Alfa Group d’údaráis na Rúise trí chabhair pholaitiúil a thabhairt do phleananna infheistíochta coigríche Alfa Group.

Dá bhrí sin, tá sé, go gníomhach, ag tabhairt tacaíocht ábharach nó airgeadais do chinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó díchobhsú na hÚcráine, agus tairbhíonn sé de. Tá sé ar dhuine de na mórphearsana gnó Rúiseacha chomh maith a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha lena gcuirtear foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.

[...]

Is mórolagarc Rúiseach é [an tríú hachomharcóir] atá ina úinéir agus ina chathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí na cuideachta Magnitogorsk Iron & Steel Works (MMK). Tá MMK ar cheann de na cáiníocóirí is mó sa Rúis. Mhéadaigh an t-ualach cánach ar an gcuideachta le déanaí, rud a d’fhág go ndeachaigh fáltais i bhfad níos airde isteach i mbuiséad stáit na Rúise.

Dá bhrí sin, is príomhdhuine gnó Rúiseach é atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.

[...]

Is é [an dara hachomharcóir] iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin Yandex [NV] – ceann de na cuideachtaí teicneolaíochta is mó sa Rúis a bhfuil sainchúram aige i dtáirgí cliste agus seirbhísí faoi chumhacht na meaisínfhoghlama. Chuir iarcheann nuachta Yandex i leith na cuideachta go bhfuil sí ina “eilimint lárnach ag ceilt faisnéise” ó na Rúiseach faoin gcogadh san Úcráin. Thairis sin, bhí rabhadh á thabhairt ag an gcuideachta d’úsáideoirí na Rúise a lorg nuacht faoin Úcráin ar a inneall cuardaigh faoi fhaisnéis neamhiontaofa ar an idirlíon, tar éis do Rialtas na Rúise bagairt a dhéanamh ar na meáin Rúiseacha maidir leis an méid a fhoilsíonn siad.

An 24 Feabhra 2022, d'fhreastail [an dara hachomharcóir] ar chruinniú olagarc sa Chreimil le Vladimir Putin chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na n-olagarc a bhfuil dlúthchaidreamh acu le Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Thairis sin, is duine de na mórphearsana gnó é in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.'

23 Foráiltear an méid seo a leanas le haithris 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle, ceann amháin den dá ghníomh tosaigh atá faoi chonspóid:

'An 25 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle [Rialachán 2022/330], lena leasaíodh na critéir ainmniúcháin ionas go n-áireofar daoine agus eintitis a thacaíonn le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus a thairbhíonn de, daoine agus eintitis a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil baint acu le daoine nó eintitis liostaithe.'

2. Na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid (Cásanna C-704/23 P, C-711/23 P agus C-111/24 P)

24 An 14 Meán Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid, lenar choinnigh sí ainmneacha an dara, an tríú agus an chúigiú hachomharcóir ar an liosta atá i gceangal le Cinneadh 2014/145 agus ar an liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 269/2014 ar bhonn na gcúiseanna céanna a leagtar amach i mír 22 den bhreithiúnas seo, agus í á thabhairt faoi deara, maidir leis an dara hachomharcóir, gur luadh sa ráiteas ar chúiseanna anois go raibh sé ina 'iar-'Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Yandex.

3. Na dara gníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid (Cásanna C-70423 P agus C-111/23 P)

25 An 13 Márta 2023, ghlac an Chomhairle na dara gníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid, lenar choinnigh sí ainmneacha an dara agus an tríú hachomharcóir ar na liostaí atá i gceangal le Cinneadh 2014/145 agus Rialachán Uimh. 269/2014. Cé nár athraíodh na cúiseanna leis an liostú sin a mhéid a bhaineann leis an tríú hachomharcóir, is mar seo a leanas atá na cúiseanna le liostú an dara hachomharcóir anois:

Is iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Yandex NV é [an dara hachomharcóir], a d'éirigh as na poist sin tar éis don Aontas Eorpach é a ainmniú. Tá sé fós i measc na mbainisteoirí is mó ar Yandex, rud a fhágann go mbíonn lámh aige ag múnlú gníomhaíochtaí na cuideachta.

Is é Yandex an gnólacht teicneolaíochta is mó sa Rúis. Tugann sé ioncam cánach suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Is scairshealbhóirí agus infheisteoirí sa chuideachta sin iad bainc sa Rúis atá faoi úinéireacht Stáit, amhail Sberbank agus VTB. Sa bhliain 2019, d'aontaigh Yandex le

hathstruchtúrú a thug 'scair órga' (*golden share*) don Public Interest Foundation nuabhunaithe a tógadh chun 'leasanna Chónaidhm na Rúise a chosaint'. Tríd an bhFondúireacht Leasa Poiblí, tá Rialtas Chónaidhm na Rúise in ann crosadh a bheith acu thar liosta sainithe saincheisteanna.

Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lean Yandex beartas faisnéise agus cinsireacht Rialtas Chónaidhm na Rúise. Chomhlíon torthaí cuardaigh inneall cuardaigh Yandex éilimh údaráis na Rúise, nach léiríonn ach na foinsí a bhaineann le bolscaireacht Rúiseach ar son an chogaidh. Thairis sin, chabhraigh Yandex le suíomhanna gréasáin atá ag brú éileamh bréagach agus ar son na Rúise faoi ionradh na hÚcráine le brabús a dhéanamh trí fhógraíocht dhigiteach.

An 24 Feabhra 2022, d'fhreastail [an dara hachomharcóir] ar chruinniú olagarc sa Chreimil le Vladimir Putin chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na n-olagarc a bhfuil dlúthchaidreamh acu le Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó ag cur gníomhaíochtaí nó beartais chun feidhme, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin.

Is príomhdhuine gnó é atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus thug sé tacaíocht ábhartha nó airgeadais do rialtas Chonaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Tá sé freagrach as a bheith ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó as beartais nó as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a chuireann cobhsaíocht nó slándáil san Úcráin i mbaol.'

II. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus na breithiúnais atá faoi achomharc

A. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-696/23 P)

26 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 17 Bealtaine 2022, thionscain an chéad achomharcóir caingean chun an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann siad leis. Mar chuid dá chaingean le haghaidh neamhniú, rinne sé agóid, *inter alia*, i gcoinne mheasúnú na Comhairle gur chomhlíon a chás an critéar dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(e) agus Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145 agus Airteagal 3(1)(g) de Rialachán Uimh. 269/2014 ('critéar (g)'). Mheas sé, agus an méid sin á dhéanamh aici, go ndearna an institiúid sin earráid fhollasach mheasúnaithe agus gur sháraigh sí a chearta bunúsacha agus prionsabal na comhréireachta freisin.

27 Sa chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, dhíbh an Chúirt Ghinearálta caingean an chéad achomharcóra. Maidir le critéar (g), chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i míreanna 51, 56 agus 58 den bhreithiúnas sin, gur thug an Chomhairle corpas fianaise ar aird a bhí nithiúil, beacht agus comhsheasmhach go leor chun a léiriú, ar an gcéad dul síos, go raibh an chéad achomharcóir ina phríomhphearsa ghnó mar gheall ar a fheidhmeanna laistigh de TMK agus grúpa Sinara agus, ar an dara dul síos, i bhfianaise na bhfeidhmeanna sin agus na n-earnálacha éagsúla gníomhaíochta inar oibrigh an dá ghnóthas sin, gur bhain a ghníomhaíocht le hearnálacha eacnamaíocha a bhí ina bhfoinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. I mír 57

den bhreithiúnas sin, shonraigh an Chúirt Ghinearálta gur bhain an coincheap 'foinse shubstaintiúil ioncaim', de réir bhrí chritéar (g), le foinse shuntasach ioncaim arna soláthar ag na hearnálacha eacnamaíocha.

28 Chinn an Chúirt Ghinearálta freisin, i mír 62 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach raibh an fíoras gur éirigh an t-achomharcóir as a dhualgais laistigh den dá chuideachta lena mbaineann an lá céanna a glacadh an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na ngníomhartha sin, ós rud é, ar dháta a nglactha, go raibh na dualgais sin fós aige. I mír 63 den bhreithiúnas sin, chinn sí freisin nach raibh sé ábhartha ach an oiread go líomhnaítear gur dhíol an chéad achomharcóir na scaireanna a bhí aige sa dá chuideachta sin cúpla lá sular glacadh na gníomhartha sin, ós rud é nach raibh forais na ngníomhartha sin bunaithe ar rialú an achomharcóra sin ar na cuideachtaí sin ná ar stádas an achomharcóra sin mar scairshealbhóir. Chinn an Chúirt Ghinearálta freisin, i mír 65 den bhreithiúnas sin, go bhféadfadh feidhmeanna amhail feidhmeanna an chéad achomharcóra laistigh de TMK agus grúpa Sinara, iontu féin, é a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó' de réir bhrí chritéar (g), gan beann ar an rialú a fheidhmíonn an t-achomharcóir sin ar na cuideachtaí sin.

29 I mír 66 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh aon amhras ann faoi fhoclaíocht chritéar (g) maidir leis an bhfíoras nár ghá go dtiocfadh 'foinse shuntasach ioncaim' a chumhdaítear leis an gcritéar sin ó 'phríomhdhaoine gnó' ach ó 'earnálacha eacnamaíocha'. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta freisin, i mír 67 den bhreithiúnas sin, d'argóint an chéad achomharcóra nach bhféadfadh an Chomhairle brath ar an bhfíoras amháin gur íoc TMK agus grúpa Sinara cánacha sa Rúis, ós rud é nach raibh aon bhunús fíorasach leis an argóint sin.

30 Maidir leis an saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus na gceart bunúsach, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 79 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur comhlíonadh na ceithre choinníoll dá dtagraítear in Airteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') sa chás seo. Go háirithe, chinn sí, i mír 80 den bhreithiúnas sin, go ndearnadh 'foráil le dlí' do na bearta sriantacha a forchuireadh ar an gcéad achomharcóir leis an gCinneadh agus leis an Rialachán atá faoi chonspóid, ós rud é go raibh siad leagtha amach i ngníomhartha a raibh, *inter alia*, feidhm ghinearálta acu agus a raibh bunús dlí soiléir acu i ndlí an Aontais.

31 Thairis sin, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 86 den bhreithiúnas sin, nach féidir difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht birt arna ghlacadh i réimse ina bhfuil lánrogha leathan ag reachtóir an Aontais ach amháin más léir go bhfuil an beart míchuí i bhfianaise an chuspóra atá an institiúid inniúil ag iarraidh a shaothrú. Sa chomhthéacs sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 87 go 95 den bhreithiúnas sin, nach raibh na srianta ar chearta bunúsacha an chéad achomharcóra, a d'eascair as na bearta sriantacha sin, díréireach.

B. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an dara breithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-704/23 P)

32 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 7 Meitheamh 2022, thionscain an dara hachomharcóir caingean chun na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann siad leis. Mar chuid dá chaingean le haghaidh neamhniú, rinne sé agóid, *inter alia*, i gcoinne mheasúnú na Comhairle gur chomhlíon a chás critéar (g). Mheas sé, agus an méid sin á dhéanamh aici, go ndearna an institiúid sin earráid fhollasach mheasúnaithe agus gur sháraigh sí a chearta bunúsacha agus prionsabal na comhréireachta freisin.

33 Leis an dara breithiúnas atá faoi achomharc, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean sin. Maidir le critéar (g), shonraigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 79 go 81 den bhreithiúnas sin, ag féachaint go háirithe don chuspóir a shaothraítear leis na bearta sriantacha a bhunaítear leis an gCinneadh agus leis an Rialachán atá faoi chonspóid, gur áiríodh leis an gcoincheap 'príomhdhuine gnó' daoine gnó atá tábhachtach i bhfianaise, de réir mar a bheidh, a stádais ghairmiúil, mhéid a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nó a sealúchas caipitil, nó fiú a bhfeidhmeanna laistigh de ghnóthas amháin nó roinnt gnóthas, go bhféachann an Chomhairle, leis an gcritéar sin, le leas a bhaint as an tionchar is dócha a bheidh ag na daoine gnó sin ar réimeas na Rúise.

34 Chinn an Chúirt Ghinearálta freisin, i míreanna 82 agus 83 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, gur léir ó chuspóir na mbeart sriantach sin nár ioncam príomhdhaoine gnó an t-ioncam a chumhdaítear le critéar (g), ach ioncam na n-earnálacha eacnamaíocha ina n-oibríonn siad. I míreanna 105 agus 106 den bhreithiúnas sin, chinn sí, go bunúsach, gur bhain an coincheap 'foinse shubstaintiúil ioncaim', de réir bhrí an chritéir sin, le foinse shuntasach ioncaim arna soláthar go díreach nó go hindíreach ag earnálacha gníomhaíochta amhail, sa chás seo, earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.

35 Thairis sin, mheas an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 90, 107 agus 108 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, i ndáil leis na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid, gur thug an Chomhairle corpas fianaise ar aird a bhí nithiúil, beacht agus comhsheasmhach go leor chun a léiriú, ar an gcéad dul síos, go raibh an dara hachomharcóir ina phríomhphearsa ghnó mar gheall ar a thábhacht agus ar a fheidhmeanna laistigh de Yandex agus ar thábhacht eacnamaíoch na cuideachta sin agus, ar an dara dul síos, i bhfianaise na bhfeidhmeanna sin agus gníomhaíochtaí na cuideachta sin, gur bhain a ghníomhaíocht le hearnálacha eacnamaíocha a bhí ina bhfoinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.

36 Maidir leis na chéad agus na dara gníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 125 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, gur mheas an Chomhairle, agus an ceart aici, go raibh naisc shuntasacha fós ag an dara hachomharcóir le Yandex, agus mar thoradh air sin go raibh údar fós lena ainm a choinneáil ar na liostaí atá faoi chonspóid.

37 Agus í ag rialú ar an saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na córa comhionainne, chinn an Chúirt Ghinearálta, *inter alia*, i míreanna 137 go 139 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, toisc nach ndéantar tagairt ann do náisiúntacht na ndaoine ainmnithe, nach bhféadfaí a mheas go sáraítear prionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais náisiúntachta le critéar (g). Agus í ag meabhrú freisin nach mór prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe a réiteach le prionsabal na dlíthiúlachta, ar dá réir nach bhféadfaidh duine, mar thaca lena éileamh, brath ar ghníomh neamhdhleathach a rinneadh i bhfabhar tríú páirtí, chinn sí, sa chás seo, nach ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus bearta sriantacha á nglacadh aici i gcoinne an dara hachomharcóir.

38 Maidir leis an saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta di, i míreanna 151 agus 166 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, ar na forais, *inter alia*, a leagtar amach i míreanna 143 agus 145 den bhreithiúnas sin, go raibh na bearta sriantacha a glacadh i leith an dara hachomharcóir iomchuí chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach toisc nach raibh na hiarmhairtí diúltacha a d'eascair as cur i bhfeidhm na mbeart sin ar an achomharcóir sin díréireach go follasach agus nach raibh sé faoi réir na mbeart sin mar gheall ar ról díreach a bhí aige sna hionsaithe arna ndéanamh ag Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

C. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an tríú breithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-711/23 P)

39 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 24 Bealtaine 2022, thionscain an tríú hachomharcóir caingean chun na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann siad leis. Mar chuid den chaingean sin, rinne sé agóid, *inter alia*, i gcoinne mheasúnú na Comhairle gur chomhlíon a chás critéar (g). Mheas sé, agus an méid sin á dhéanamh aici, go ndearna an institiúid sin earráid fhollasach mheasúnaithe agus gur sháraigh sí prionsabal na córa comhionainne freisin. Le linn na n-imeachtaí, mhaígh an tríú hachomharcóir neamhdhleathacht an chritéir sin freisin ar bhonn Airteagal 277 CFAE.

40 Leis an tríú breithiúnas atá faoi achomharc, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean sin. Maidir le critéar (g), chinn an Chúirt Ghinearálta, agus an léiriú céanna á ghlacadh aici ar na coincheapa 'príomhdhuine gnó' agus 'foinse shuntasach ioncaim' agus a glacadh sa dara breithiúnas atá faoi achomharc, i mír 78 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, gur aicmigh an Chomhairle an tríú hachomharcóir i gceart mar 'phríomhdhuine gnó', rud nár dhíospóid sé agus a d'fhéadfaí a thuiscint freisin ó thábhacht eacnamaíoch MMK a raibh sé ina úinéir agus ina chathaoirleach air. Ina theannta sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 79 go 90 den bhreithiúnas sin, gur thug an Chomhairle corpas fianaise ar aird a bhí sonrach, beacht agus comhsheasmhach go leor chun a léiriú gur bhain gníomhaíocht an tríú hachomharcóir le hearnáil eacnamaíoch, eadhon earnáil na miotalóireachta, a bhí ina foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise.

41 I mír 81 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, shonraigh an Chúirt Ghinearálta nach raibh ranníocaíocht MMK le buiséad Chónaidhm na Rúise ina toisc chinntitheach chun a chinneadh an raibh an earnáil eacnamaíoch ina raibh an tríú hachomharcóir gníomhach ina foinse shuntasach ioncaim do rialtas an tríú tír sin, ós rud é, chun críocha critéar (g) a chur i bhfeidhm, gur ceist a bhí ann maidir le ranníocaíocht na n-earnálacha eacnamaíocha ina n-iomláine a fhíorú agus ní rannchuidiú na ngnóthas go háirithe. Shonraigh sí freisin, i mír 98 den bhreithiúnas sin, chun an critéar sin a chur i bhfeidhm, nár tagraíodh ann féin don ranníocaíocht chánach a íocann príomhdhaoine gnó nó na gnóthais ina ndéanann siad gníomhaíocht, ós rud é go dtagraíonn an critéar sin don ioncam uile a ghintear leis an earnáil gníomhaíochtaí ina bhfuil na príomhdhaoine gnó sin rannpháirteach.

42 Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta freisin, i míreanna 104 go 109 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, don phléadáil maidir le neamhdhleathacht chritéar (g) a d'ardaigh an tríú hachomharcóir. I ndáil leis sin, agus é á chur in iúl aici nár suíodh leis an gcritéar sin toimhde naisc idir stádas príomhdhuine gnó agus Rialtas Chónaidhm na Rúise, thug sí faoi deara gur chomhlíon an critéar sin rún na Comhairle brú a chur ar údaráis na Rúise deireadh a chur lena ngníomhaíochtaí agus lena mbeartais lena ndéantar an Úcráin a dhíchobhsú. Thuig sí ón méid sin, i mír 108 den bhreithiúnas sin, go raibh caidreamh réasúnach idir, ar am gcéad dul síos, díriú ar phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú in earnálacha eacnamaíocha lena soláthraítear ioncam suntasach do Chonaidhm na Rúise, i bhfianaise a dtábhacht féin agus thábhacht na n-earnálacha seo do gheilleagar na Rúise agus, ar an dara dul síos, cuspóir na mbeart sriantach sa chás seo, arb é atá ann brú ar Chónaidhm na Rúise agus costais a gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú. Tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid gur áiríodh i gcritéar (g) coinníollacha a bhaineann le hiompar pearsanta na ndaoine lena mbaineann, eadhon a dtionchar mar gheall ar a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha áirithe, rud a fhágann gur féidir nasc leordhóthanach suibiachtúil a bhunú idir na daoine sin agus an tríú tír lena mbaineann, eadhon Cónaidhm na Rúise.

43 Maidir leis an saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na córa comhionainne, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta di, i míreanna 143 go 146 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, ar na cúiseanna céanna, go bunúsach, leo siúd a leagtar amach i mír 37 den bhreithiúnas seo.

D. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an ceathrú breithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-35/24 P)

44 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 18 Bealtaine 2022, thionscain an ceathrú hachomharcóir caingean chun an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann siad leis. Mar chuid dá chaingean le haghaidh neamhniú, rinne sé agóid, *inter alia*, i gcoinne mheasúnú na Comhairle gur chomhlíon a chás critéar (g). Mheas sé, agus an méid sin á dhéanamh aici, go ndearna an institiúid sin earráid fhollasach mheasúnaithe agus gur sháraigh sí prionsabal na córa comhionainne freisin. Le linn na n-imeachtaí, mhaígh an ceathrú hachomharcóir neamhdhleathacht an chritéir sin freisin ar bhonn Airteagal 277 CFAE.

45 Leis an gceathrú breithiúnas atá faoi achomharc, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean sin. Maidir le critéar (g), chinn an Chúirt Ghinearálta, agus an léiriú céanna á ghlacadh aici ar na coincheapa ‘príomhdhuine gnó’ agus ‘foinse shuntasach ioncaim’ dá dtagraítear i míreanna 33 agus 34 den bhreithiúnas seo, i mír 66 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, gur aicmigh an Chomhairle an ceathrú hachomharcóir i gceart mar ‘phríomhdhuine gnó’, rud nár dhíospóid sé agus a d’fhéadfaí a thuiscint freisin ó thábhacht eacnamaíoch Uralchem, a raibh sé ina úinéir agus ina phríomhfheidhmeannach air. I míreanna 67 go 76 den bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Ghinearálta freisin gur thug an Chomhairle corpas fianaise ar aird a bhí sonrach, beacht agus comhsheasmhach go leor chun a léiriú gur bhain gníomhaíocht an ceathrú hachomharcóir le hearnáil eacnamaíoch an leasacháin, a bhí ina foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. I ndáil leis sin, agus i gcomhréir leis na breithnithe a leagtar amach i mír 81 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 69 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, cé go bhféadfadh ranníocaíocht dhílis grúpa Uralchem le buiséad Chónaidhm na Rúise a bheith úsáideach chun a thábhacht eacnamaíoch san earnáil lena mbaineann nó stádas an cheathrú hachomharcóir mar phríomhdhuine gnó a chinneadh, ní raibh sé cinntitheach chun an cheist a fhreagairt an bhféadfaí an ceathrú hachomharcóir a aicmiú mar ‘phríomhdhuine gnó a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’, ós rud é, chun críocha critéar (g) a chur i bhfeidhm, gurb í an earnáil eacnamaíoch lena mbaineann, seachas duine nádúrtha nó gnóthas ar leith, nach mór a bheith ina foinse shuntasach ioncaim don rialtas sin.

46 Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta freisin, i míreanna 84 go 92 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, don phléadáil maidir le neamhdhleathacht chritéar (g) a d’ardaigh an ceathrú hachomharcóir. I ndáil leis sin, ghlac sí an réasúnaíocht chéanna leis an réasúnaíocht a bhfuil achoimre déanta uirthi i mír 42 den bhreithiúnas seo.

47 Maidir leis an saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na córa comhionainne, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta di, i míreanna 126 go 131 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, ar na cúiseanna céanna, go bunúsach, leo siúd a leagtar amach i mír 37 den bhreithiúnas seo. Chuir sí in iúl freisin, i mír 128 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, nár ceanglaíodh ar an gComhairle gach duine a chomhlíonann critéar amhail critéar (g) a áireamh ar liostaí na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha. Chinn an Chúirt go bhfuil lánrogha

leathan ag an gComhairle lena gceadaítear di, i gcás inarb iomchuí, gan daoine a chur faoi réir bearta sriantacha má mheasann sí, i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraítear leis na bearta sin, nach iomchuí déanamh amhlaidh.

E. Na caingne os comhair na Cúirte Ginearálta agus an cúigiú breithiúnas atá faoi achomharc (Cás C-111/24 P)

48 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 6 Meitheamh 2022, thionscain an cúigiú hachomharcóir caingean chun na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid agus na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann siad leis. Mar chuid dá chaingean le haghaidh neamhniú, rinne sé agóid, *inter alia*, i gcoinne mheasúnú na Comhairle gur chomhlíon a chás critéar (g). Mheas an cúigiú hachomharcóir, tríd an méid sin a dhéanamh, go ndearna an institiúid sin earráid fhollasach mheasúnaithe. Mhaígh sé freisin go raibh an critéar sin neamhdhleathach mar gheall ar easpa bunús dlí agus sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

49 Leis an gcúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean sin. Agus rialú á thabhairt aici ar phléadáil neamhdhleathachta critéar (g) mar gheall ar easpa bunús dlí, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 37 den bhreithiúnas sin, i gcás ina bhfuil cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le forálacha Chaibidil 2 de Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh lena bhforáiltear do bhearta sriantacha, go gceadaítear le hAirteagal 215(2) CFAE don Chomhairle bearta den sórt sin a ghlacadh i gcoinne aon duine, eintiteas nó grúpa, go háirithe i gcoinne seolaithe nach bhfuil aon nasc acu le réimeas rialaithe tríú tír.

50 Shonraigh an Chúirt Ghinearálta freisin, i mír 45 den bhreithiúnas sin, ós rud é go dtagraíonn sé don ioncam go léir arna ghiniúint ag an earnáil gníomhaíochtaí ina n-oibríonn na príomhdhaoine gnó lena mbaineann, go gcumhdaítear le critéar (g) na cánacha go léir arna nginiúint ag an earnáil eacnamaíoch atá i gceist, fiú na cánacha sin nár íoc na daoine sin.

51 Maidir leis an bpléadáil maidir le neamhdhleathacht critéar (g) ar an bhforas gur sáraíodh prionsabal na comhréireachta, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dó, i míreanna 50 go 63 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, ar chúiseanna atá cosúil leis na cúiseanna a leagtar amach i mír 42 den bhreithiúnas seo. I mír 58 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, chinn sí gur chomhlíon an díriú ar dhaoine a gcomhlíonann a staid critéar (g), gan beann ar a gcánachas sa Rúis, an cuspóir atá á shaothrú, ós rud é go bhfuil baint ag na daoine sin le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus gur léir, dá bhrí sin, nach raibh sé míchuí go follasach. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta freisin, i mír 60 den bhreithiúnas sin, d'argóint an chúigiú hachomharcóir bunaithe ar aithris 11 de Chinneadh 2022/329 ar an bhforas nach féidir le haithris maolú ar fhorálacha iarbhír an ghnímh lena mbaineann.

52 Maidir le critéar (g) a chur i bhfeidhm i ndáil leis an gcúigiú hachomharcóir, ghlac an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 88 go 93 agus i mír 106 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, an léiriú céanna ar na coincheapa 'príomhdhuine gnó' agus 'foinse shuntasach ioncaim' agus a leagtar amach i míreanna 33 agus 34 den bhreithiúnas seo, agus í ag meabhrú nár faoin gComhairle a bhí sé a léiriú go bhfuil dlúthnasc nó idirspleáchas ann idir príomhdhaoine gnó agus Rialtas Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, i míreanna 92 agus 93 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, shonraigh sí, ar an gcéad dul síos, nár caitheadh amhras ar léiriú an choincheapa 'príomhdhuine gnó' toisc gur bhain roinnt leaganacha teanga de chritéar (g) úsáid as an aidiacht 'príomh', cé gur bhain cinn eile úsáid as an aidiacht 'tábhachtach' agus, ar an dara dul síos, cé go

bhféadfadh na feidhmeanna atá ag duine gnó tacú leis an bhfíoras go bhfuil 'tionchar' aige, de réir bhrí an chritéir sin, nach iad, áfach, an t-aon toisc amháin a fhéadfaidh an Chomhairle a chur san áireamh chun na críche sin.

53 Maidir le fiúntas na ngníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 105 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, go raibh an Chomhairle i dteideal a chinneadh, i bhfianaise na fianaise go léir, gan earráid mheasúnaithe a dhéanamh, go raibh an cúigiú hachomharcóir ina 'phríomhdhuine gnó' ar dháta glactha na ngníomhartha sin. I míreanna 106 go 111 den bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh an Chomhairle i dteideal a chinneadh, ar bhonn corpas fianaise atá sonrach, beacht agus comhsheasmhach go leor, go raibh baint ag Alfa Group, lena n-áirítear Alfa Bank agus a bhfuil an cúigiú hachomharcóir ar cheann de na scairshealbhóirí is mó ann, le hearnáil eacnamaíoch, eadhon an earnáil baincéireachta, a chuir foinse shuntasach ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise.

54 Maidir leis na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 125 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, nach ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus í ag cinneadh nach raibh aon athrú ar staid aonair an chúigiú hachomharcóir agus go raibh sí ag brath ar an bhfianaise chéanna chun na bearta sriantacha a glacadh i gcoinne an achomharcóra sin a choinneáil ar bun.

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais agus argóintí na bpáirtithe san achomharc

A. Uamadh

55 An 5 Meitheamh 2024, d'iarr Uachtarán na Cúirte Breithiúnais ar na páirtithe a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an bhféidearthacht Cásanna C-696/23 P, C-704/23 P, C-711/23 P, C-35/24 P agus C-111/24 P a uamadh chun críocha a raibh fágtha de na himeachtaí.

56 I litreacha dar dáta an 20 Meitheamh 2024, chuir an dara, an tríú agus an ceathrú hachomharcóir in iúl don Chúirt nach raibh aon agóid acu i gcoinne uamadh na gcásanna sin. Le cúig litir dar dáta an 27 Meitheamh 2024, an 3 Iúil 2024, an 1 Iúil 2024, an 28 Meitheamh 2024 agus an 1 Iúil 2024 faoi seach, chuir an Chomhairle in iúl don Chúirt nach raibh aon agóid aici ach an oiread i gcoinne uamadh na gcúig chás sin. I litreacha dar dáta an 20 Meitheamh 2024 agus an 19 Meitheamh 2024 faoi seach, luaigh an chéad achomharcóir agus an cúigiú hachomharcóir gur chuir siad i gcoinne uamadh na gcásanna sin chun críocha an chuid eile de na himeachtaí.

57 An 5 Iúil 2024, chinn Uachtarán na Cúirte nach raibh aon ghá na cásanna a uamadh ag an gcéim sin de na himeachtaí.

B. Na hiarratais ar idiragairt

58 Le doiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 11 Aibreán 2024, rinne Poblacht na Seice iarratas ar idiragairt a dhéanamh i gCás C-35/24 P mar thaca leis an ordú atá á lorg ag an gComhairle. Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 7 Bealtaine 2024, glacadh leis an iarratas ar idiragairt sin.

59 Le doiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 3 Bealtaine 2024, rinne an Coimisiún iarratas ar idiragairt a dhéanamh i gCás C-35/24 P mar thaca leis an ordú atá á lorg ag an gComhairle. Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 31 Bealtaine 2024, glacadh leis an iarratas ar idiragairt sin.

C. Na horduithe atá á lorg ag na páirtithe san achomharc

1. An t-ordú atá á lorg i gCás C-696/23 P

60 Iarrann an chéad achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– rialú a thabhairt ar shubstaint na caingne agus an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann siad leis agus a ordú don Chomhairle na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag an gcéad chéim, agus

– mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta agus na costais a fhorchoimeád.

61 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe;

– mar mhalairt air sin, i gcás ina gcinnfidh an Chúirt an chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus an cás a réiteach, an chaingean ar na tuillteanais a dhíbhe; agus

– a ordú don chéad achomharcóir na costais a íoc ag an gcéad chéim agus ar achomharc.

2. An t-ordú atá á lorg i gCás C-704/23 P

62 Iarrann an dara hachomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an dara breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– breithiúnas a thabhairt ar shubstaint na caingne agus na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní sa mhéid a bhaineann siad leis, agus

– a ordú, faoi Airteagal 268 CFAE, cúiteamh as an dochar morálta a d'fhulaing sé mar gheall ar ghlacadh na ngníomhartha sin, agus

– a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

63 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe;

– mar mhalairt air sin, i gcás ina gcinnfidh an Chúirt an dara breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus an cás a réiteach, an chaingean ar na tuillteanais a dhíbhe; agus

– a ordú don dara hachomharcóir na costais a íoc.

3. An t-ordú atá á lorg i gCás C-711/23 P

64 Iarrann an tríú hachomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an tríú breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– mar mhalairt air sin, an tríú breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta agus, in aon chás,

– a ordú don Chomhairle na costais a íoc ag an gcéad chéim agus ar achomharc.

65 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe, agus

– a ordú don tríú hachomharcóir na costais a íoc.

4. An t-ordú atá á lorg i gCás C-35/24 P

66 Iarrann an ceathrú hachomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an ceathrú breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– mar mhalairt air sin, an ceathrú breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta agus, in aon chás,

– a ordú don Chomhairle na costais a íoc ag an gcéad chéim agus ar achomharc.

67 Iarrann an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na Seice, Poblacht na Laitvia agus an Coimisiún Eorpach, ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe, agus

– a ordú don cheathrú hachomharcóir na costais a íoc.

5. An t-ordú atá á lorg i gCás C-111/24 P

68 Iarrann an cúigiú hachomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an cúigiú breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– an chaingean ar na tuillteanais a réiteach agus na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid agus na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– mar mhalairt air sin, an cúigiú breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta agus, in aon chás,

– a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

69 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe, agus

– a ordú don chúigiú hachomharcóir na costais a íoc.

D. Na hiarrataí an chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú

1. An iarraidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú i gCás c-696/23 P

70 Le doiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 16 Meitheamh 2025, d'iarr an chéad achomharcóir go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta i gCás C-696/23 P, i gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

71 Mar thaca lena iarratas, áitíonn sé, ar an gcéad dul síos, murab ionann agus an méid a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 32 dá Thuairim sa chás sin, go maíonn sé, ina achomharc, nach féidir é a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó', ós rud é gur aistrigh sé a scaireanna in TMK agus grúpa Sinara agus gur éirigh sé as a fheidhmeanna sa chuideachta sin agus sa ghrúpa sin. Ar an dara dul síos, chinn an Chomhairle go mícheart, ag an éisteacht os comhair na Cúirte Breithiúnais, gan deis a bheith ag an gcéad achomharcóir freagra a thabhairt, go raibh sé faoi réir bearta sriantacha toisc go raibh sé ina 'phríomhoifigeach feidhmiúcháin de chuideachta', cé go raibh a liostú bunaithe ar an bhfíoras go raibh sé ina Chathaoirleach de TMK agus ina Uachtarán agus ina chomhalta de bhord stiúrthóirí grúpa Sinara.

72 Faoi Airteagal 83 dá Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, tráth ar bith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a ordú go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise os a comhair, nó i gcás, tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid sin den nós imeachta, ina dtíolacfaidh páirtí fíoras nua a mbeidh a chineál ina thoisc chinntitheach ar bhreith na Cúirte Bhreithiúnais nó i gcás ina gcaithfear an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

73 Sa chás seo, maidir leis an míthuiscint a líomhnaítear a bheith ag an Abhcóide Ginearálta ar achomharc an chéad achomharcóra i mír 32 dá Tuairim i gCás C-696/23 P, ba cheart a mheabhrú nach bhforáiltear i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná sna Rialacha Nós Imeachta don fhéidearthacht do pháirtithe leasmhara barúlacha a thíolacadh mar fhreagairt ar Thuairim an Abhcóide Ghinearálta. Thairis sin, faoin dara mír d'Airteagal 252 CFAE, tá ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó nó di le neamhchlaontacht agus le neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna ina n-éilítear a rannpháirtíocht i gcomhréir le Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, níl an Chúirt Bhreithiúnais faoi cheangal na tuairime sin ná na réasúnaíochta ar a mbunaíonn an tAbhcóide

Ginearálta an tuairim. Dá bhrí sin, ní féidir le heasaontas páirtí le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta, beag beann ar na ceisteanna a scrúdaíonn an tAbhcóide Ginearálta ina Thuairim, a bheith ina fhoras ann féin a thugann údar le hatosú an nós imeachta ó bhéal (breithiúnas an 5 Márta 2024, *Public.Resource.Org agus Right to Know* v *an Coimisiún agus páirtithe eile*, C-588/21 P, EU:C:2024:201, míreanna 47 agus 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

74 Thairis sin, maidir leis an earráid a líomhnaítear a rinne an Chomhairle ag an éisteacht os comhair na Cúirte, is léir nach 'argóint' í sin nár pléadh idir na páirtithe, de réir bhrí Airteagal 83 de na Rialacha Nós Imeachta, ach earráid chléireachais atá cosúil le sciorradh focail nó aicearra teanga.

75 I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nach gá a ordú go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta i gCás C-696/23 P.

2. An iarraidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú i gCás C-711/23 P

76 Le doiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 5 Meitheamh 2025, d'iarr an tríú hachomharcóir go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta i gCás C-711/23 P, i gcomhréir le hAirteagal 83 de na Rialacha Nós Imeachta.

77 Mar thaca lena iarratas, maíonn sé gur leasaíodh Cinneadh 2014/145 agus Rialachán Uimh. 269/2014, faoi seach, le Cinneadh (CBES) 2025/904 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 (IO L, 2025/904) agus le Rialachán (AE) 2025/903 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 (IO L, 2025/903). Tá gnéithe sa dá ghníomh sin de chuid an Aontais Eorpaigh a thagann salach ar an seasamh a ghlac an Chomhairle ag an éisteacht os comhair na Cúirte maidir le léiriú agus dlíthiúlacht chritéar (g) agus cineál sealadach líomhnaithe na mbeart sriantach. Dá bhrí sin, is fíoras nua é nach raibh na páirtithe ar an eolas faoi tráth na héisteachta sin, a bhí ar siúl an 11 Feabhra 2025, agus, i bhfianaise freisin go bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag forálacha áirithe de na gníomhartha sin maidir leis na gníomhartha atá faoi chonspóid, a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar chinneadh na Cúirte Breithiúnais.

78 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil Cinneadh 2025/904 agus Rialachán 2025/903 infheidhme *ratione temporis* maidir le Cás C-711/23 P. Ní mór measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na ngníomhartha atá faoi chonspóid sa chás sin i bhfianaise na staide a bhí ann ar dháta a nglactha, agus mar thoradh air sin nach bhfuil aon chontrárthacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir ábhar an chinnidh agus an rialacháin thuasluaite agus an seasamh a ghlac an Chomhairle ag an éisteacht sa chás sin de chineál a mbeadh tionchar cinntitheach aige ar chinneadh na Cúirte. Ina theannta sin, fiú dá mbeadh éifeachtaí cúlghabhálacha ag forálacha áirithe de na gníomhartha sin ar staid an tríú hachomharcóir agus na ngníomhartha atá faoi chonspóid, ní bheadh iarmhairt den sórt sin ina údar leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta a atosú, ós rud é, fiú dá ndiúltófaí don achomharc sa chás sin, nach mbainfí den tríú hachomharcóir an fhéidearthacht úsáid a bhaint as na leigheasanna arna gcur ar fáil le dlí an Aontais, nó fiú leis an dlí náisiúnta, chun agóid a dhéanamh i gcoinne na bhforálacha sin agus na n-éifeachtaí agus na n-impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu.

79 Thairis sin, ní léir gur cheart an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár phléigh na páirtithe, ionas go mbeidh an fhaisnéis go léir is gá ag an gCúirt chun rialú a thabhairt.

80 I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nach gá a ordú go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta i gCás C-711/23 P.

IV. Na hachomhairc

81 Ag féachaint don cheangal eatarthu, is iomchuí na cásanna reatha a uamadh chun críocha an bhreithiúnais, i gcomhréir le hAirteagal 54(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

82 Mar thaca lena achomharc i gCás C-696/23 P, maíonn an chéad achomharcóir cúig fhoras achomhairc. Lena chéad fhoras achomhairc, áitíonn sé go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó' de réir bhrí chritéar (g). Lena dhara foras achomhairc, maíonn sé go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sí go raibh 'baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise', de réir bhrí an chritéir sin. Lena thríú foras achomhairc, áitíonn an chéad achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí go ndearnadh 'foráil le dlí' do bhunús dlí an chinnidh agus an rialacháin atá faoi chonspóid de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 52(1) den Chairt. Leis an gceathrú foras achomhairc, líomhnaítear earráid dlí lena gcuirtear an chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc ó bhail, sa mhéid is gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart go raibh na bearta sriantacha a bhfuil sé faoina réir comhréireach. Lena chúigiú foras achomhairc, cuireann an chéad achomharcóir in iúl go n-athdhearbhaíonn sé na hargóintí go léir a raibh sé ag brath orthu ag an gcéad chéim a bhaineann leis an dara critéar ar a raibh na bearta sriantacha a rinneadh ina choinne bunaithe, eadhon an critéar a leagtar síos, *inter alia*, in Airteagal 2(1)(f) de Chinneadh 2014/145, agus iarrann sé ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt ar na hargóintí sin i gcás ina seasfaidh sí lena chaingean agus nach dtarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

83 Lena achomharc i gCás C-704/23 P, maíonn an dara hachomharcóir ceithre fhoras achomhairc, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus critéar (g) á léiriú agus á chur i bhfeidhm aici agus, ar an dara dul síos, gur thug an Chúirt Ghinearálta neamhaird ar raon feidhme a hathbhreithnithe bhreithiúnaigh. Leis an tríú agus an ceathrú foras achomhairc, líomhnaítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta measúnú mícheart ar na saincheisteanna dlí a d'ardaigh sé mar thaca lena chaingean ag an gcéad chéim, lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus ar a chearta bunúsacha.

84 Maíonn an tríú hachomharcóir cúig fhoras achomhairc mar thaca lena achomharc i gCás C-711/23 P. Lena chéad fhoras achomhairc, maíonn sé gur thug an Chúirt Ghinearálta neamhaird ar raon feidhme a hathbhreithnithe bhreithiúnaigh agus, dá bhrí sin, go ndearna sí roinnt earráidí dlí agus saobhadh fíoras. Leis an dara agus an tríú foras achomhairc, líomhnaítear, go bunúsach, sárú ar chritéar (g), agus maíonn an tríú hachomharcóir, mar mhalairt air sin, ina thríú foras achomhairc, neamhdhleathacht agus neamh-infheidhmeacht an chritéir sin ar bhonn Airteagal 277 CFAE. Lena cheathrú foras achomhairc, áitíonn sé gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na coincheapa 'foinse [...] ioncaim' agus 'foinse shuntasach ioncaim', de réir bhrí chritéar (g), gur shaobh sí na fíorais agus an fhianaise, gur sháraigh sí ceanglais fhíor-riachtanacha nós imeachta agus a hoibleagáid cúiseanna a lua, agus gur chuir sí an critéar sin i bhfeidhm go mícheart. Lena chúigiú foras achomhairc, maíonn an tríú hachomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe i bhfianaise an chritéir sin.

85 Tá an fhoclaíocht chéanna sna cúig fhoras achomhairc a chuir an ceathrú hachomharcóir chun cinn ina achomharc i gCás C-35/24 P agus sna cúig fhoras achomhairc a chuir an tríú hachomharcóir chun cinn, cé is moite den cheathrú foras achomhairc lena ndéanann an ceathrú hachomharcóir gearán nár chuir an Chúirt Ghinearálta critéar (g) i bhfeidhm go mícheart ach gur aisiompaigh sí an dualgas cruthúnais.

86 Lena achomharc i gCás C-111/24 P, maíonn an cúigiú hachomharcóir ocht foras achomhairc. Lena chéad fhoras achomhairc, déanann sé gearán nár thug an Chúirt Ghinearálta aghaidh ar a ghearáin maidir le substaint an chritéir a leagtar síos, *inter alia*, in Airteagal 2(1)(d) de Chinneadh 2014/145, ar dá réir nach mór cistí agus acmhainní eacnamaíocha ar le daoine nádúrtha iad, *inter alia*, a thugann tacaíocht airgeadais do chinnteoirí na Rúise nó a bhaineann tairbhe as cinnteoirí na Rúise, a reo ('critéar (d)'). Lena dhara foras achomhairc, déanann sé gearán gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta an coincheap 'príomhdhuine gnó', de réir bhrí chritéar (g), agus, lena thríú foras achomhairc, gur chinn sí go mícheart go ndearna Airteagal 215(2) CFAE an ceanglas maidir le nasc leordhóthanach idir na daoine atá faoi réir bearta sriantacha agus an tríú tír lena mbaineann a chur as feidhm. An ceathrú foras achomhairc lena n-éilítear earráid dlí, sa mhéid is gur ghlac an Chúirt Ghinearálta léiriú ar chritéar (g) lena sáraítear prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, an ceart chun maoine agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh. Lena chúigiú foras achomhairc, cáineann an cúigiú hachomharcóir an Chúirt Ghinearálta as brí agus raon feidhme míre fianaise a shaobhadh agus as mainneachtain freagra a thabhairt ar cheann dá argóintí agus, lena séú foras achomhairc, as mainneachtain critéar (g) a chur i bhfeidhm i gceart nó trí thoimhde chun teacht ar an gconclúid gur foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í an earnáil baincéireachta ar an iomlán. Leis an seachtú foras achomhairc, líomhnaítear sárú ar choincheap na n-earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn 'foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise', de réir bhrí chritéar (g), agus líomhnaítear leis an ochtú foras achomhairc sárú ar phrionsabail na trialach córa agus comhionannas arm.

87 I bhfianaise an naisc, nó fiú an chéannachta, idir go leor de na forais ar a bhfuil na cúig achomharcóirí ag brath mar thaca lena n-achomhairc faoi seach, déanfaidh an Chúirt anailís chomhpháirteach ar na forais sin sula dtabharfaidh sí aghaidh orthu siúd a bhaineann go sonrach le hachomhairc áirithe. Ina theannta sin, i bhfianaise an ghá atá ann raon feidhme chritéar (g) a shoiléiriú sula ndéanfar scrúdú ar a dhlíthiúlacht, scrúdófar na saincheisteanna a bhaineann le léiriú an chritéir sin roimh na saincheisteanna a bhaineann le diúltú do phléadáil neamhdhleathachta an chritéir sin.

A. Na saincheisteanna dlí lena líomhnaítear sárú ar chritéar (g) ag an gCúirt Ghinearálta

88 Is iomchuí scrúdú a dhéanamh le chéile ar na saincheisteanna dlí, na codanna agus na gearáin lena gcáineann na cúig achomharcóirí, go bunúsach, léiriú na Cúirte Ginearálta ar chritéar (g). Is iad sin go sonrach an chéad fhoras achomhairc agus an dara cuid den dara foras achomhairc a d'ardaigh an chéad achomharcóir i gCás C-696/23 P, an chéad ghearán agus an dara gearán den chéad chuid den chéad foras achomhairc, an dara gearán den dara cuid den chéad foras achomhairc agus an tríú cuid den chéad foras achomhairc a d'ardaigh an dara hachomharcóir i gCás C-704/23 P, an dara foras achomhairc, an chéad chuid den tríú foras achomhairc agus an chéad chuid go dtí an tríú cuid den cheathrú foras achomhairc a d'ardaigh an tríú hachomharcóir i gCás C-711/23 P, an ceathrú cuid den chéad foras achomhairc, an dara foras achomhairc, an chéad chuid den tríú foras achomhairc agus an chéad ghearán den dara cuid den cheathrú foras achomhairc a d'ardaigh an ceathrú hachomharcóir i gCás C-35/24 P agus an dara foras achomhairc, an chéad chuid den cheathrú foras achomhairc agus an seachtú foras achomhairc a d'ardaigh an cúigiú hachomharcóir i gCás C-111/24 P.

89 Mar mheabhrú, foráiltear le critéar (g) go ndéanfar an méid seo a leanas a reo - na cistí agus na sócmhainní eacnamaíocha uile ar leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí seo a leanas iad: 'príomhdhaoine gnó nó príomhdhaoine dlítheanacha, príomheintitis nó príomhchomhlachtaí atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine'.

90 Déanfar an scrúdú ar na saincheisteanna dlí, codanna agus gearáin dá dtagraítear i mír 88 den bhreithiúnas seo a roinnt ina dhá chuid ina bpléitear faoi seach leis an léiriú ar an abairt ‘a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’ agus ar an aidiacht ‘príomh’ lena gcáilítear na daoine gnó a chumhdaítear le critéar (g).

1. Na hargóintí ina líomhnaítear gur bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as an abairt ‘a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’, de réir bhrí chritéar (g)

91 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go bhféachtar leis an dara cuid den dara foras achomhairc ar a bhfuil an chéad achomharcóir ag brath mar thaca lena achomharc i gCás C-696/23 P le léiriú na Cúirte Ginearálta ar an abairt sin a cháineadh, go n-éilítear measúnú foriomlán ar chritéar (g) lena láimhseáil, agus mar thoradh air sin go scrúdófar an chuid sin ar leithligh ina dhiaidh sin.

(a) An dara foras achomhairc agus an chéad chuid den tríú foras achomhairc i gCás C-711/23 P agus an dara foras achomhairc agus an chéad chuid den tríú foras achomhairc i gCás C-35/24 P

(1) Argóintí na bpáirtithe

92 Lena dhara foras achomhairc i gCás C-711/23 P, déanann an tríú hachomharcóir gearán go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, go bunúsach, i míreanna 68 go 70 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, gur ghá go dtiocfadh an ‘t-ioncam suntasach’ a soláthraíodh do Rialtas Chónaidhm na Rúise ó ‘earnálacha eacnamaíocha’, cé gur cheart go dtiocfadh sé ó ‘phríomhdhaoine gnó’ a chumhdaítear le critéar (g). Sa chomhthéacs sin, áitíonn an tríú hachomharcóir go léiríonn seacht leagan teanga de chritéar (g), eadhon na leaganacha Bulgáirise, Danmhairgise, Eastóinise, Laitvise, Liotuáinise, Slóivéinise agus Fionlainnise, go soiléir nach mór don ioncam teacht ó na daoine gnó sin. Is léir freisin ó aithris 11 de Chinneadh 2022/329 agus ó aithris 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/427 go raibh sé ar intinn ag reachtas an Aontais díriú ar phríomhdhaoine gnó a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise iad féin. Dá bhrí sin, níor shainaithin an Chúirt Ghinearálta i gceart an cuspóir a shaothraítear le critéar (g), agus mar thoradh air sin tá an léiriú teileolaíoch ar an gcritéar sin a glacadh i míreanna 68 go 70 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc mícheart sa dlí.

93 Ina fhreagra, deir an tríú hachomharcóir nach bhfágann an léiriú atá beartaithe aige go bhfuil an chuid d’fhoclaíocht chritéar (g) míloighciúil ar dá réir nach mór do phríomhdhaoine gnó a bheith rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha. Is é is aidhm don soiléiriú sin idirdhealú a dhéanamh idir daoine gnó a bhfuil ról leanúnach gníomhach acu in earnálacha den sórt sin agus iad siúd nach bhfuil ach ról éighníomhach acu iontu trí scairshealbha suntasacha a shealbhú. Cuireann sé in iúl freisin nach bhfuil aon fhorluí idir critéar (g) agus critéir eile a leagtar síos in Airteagal 1(1) agus Airteagal 2(1) de Chinneadh 2014/145 agus in Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 269/2014 i gceist leis an léiriú sin. In aon chás, d’fhéadfadh forluí a bheith ann fós idir roinnt critéar liostaithe atá i gceangal leis na gníomhartha sin de chuid an Aontais.

94 Leis an gcéad chuid dá thríú foras achomhairc, déanann an tríú hachomharcóir gearán go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, go bunúsach, i míreanna 69 agus 70 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, gur ghá nach dtiocfadh an t-ioncam suntasach a soláthraíodh do Rialtas Chónaidhm na Rúise ach ó ‘earnálacha eacnamaíocha’, cé gur cheart go dtiocfadh sé ó

'phríomhdhaoine gnó' freisin. I ndáil leis sin, braitheann an tríú hachomharcóir arís ar aithris 11 de Chinneadh 2022/329 agus ar aithris 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/427, agus cuireann sé in iúl ag an am céanna nach raibh an Chúirt Ghinearálta comhsheasmhach gan aon luach a thabhairt do na haithrisí sin, cé go raibh sí ag brath ar aithrisí éagsúla eile chun údar a thabhairt lena réasúnaíocht i míreanna eile den tríú breithiúnas atá faoi achomharc. Cuireann sé in iúl freisin, i bhfianaise gur aithin an Chúirt Ghinearálta, i mír 109 den bhreithiúnas sin, go leagtar síos le critéar (g) coinníollacha a bhaineann le hiompar pearsanta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann, is leis an léiriú a mholann sí i bhfianaise an dá aithris sin amháin is féidir iompar pearsanta an duine gnó atá i gceist a chur san áireamh, eadhon a rannchuidiú leis an earnáil eacnamaíoch atá i gceist, agus é á chur san áireamh nach féidir a thionchar laistigh den earnáil eacnamaíoch sin a mheas, ann féin, mar iompar pearsanta.

95 Baineann an dara foras achomhairc de chuid an cheathrú hachomharcóir i gCás C-35/24 P le míreanna 56 agus 57 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc agus tá sé bunaithe ar na hargóintí céanna leis na hargóintí a leag an tríú hachomharcóir amach mar thaca lena dhara foras achomhairc i gCás C-711/23 P, lena n-áirítear iad siúd a forbraíodh ina fhreagra. Mar sin féin, cuireann an ceathrú hachomharcóir in iúl nár chomhlíon an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid cúiseanna a lua trí mhainneachtain anailís a dhéanamh ar na leaganacha teanga éagsúla de chritéar (g).

96 I gcomhthéacs na chéad choda dá thríú foras achomhairc, a bhaineann go bunúsach le míreanna 56 agus 57 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, arna léamh i gcomhar le mír 92 den bhreithiúnas sin, ardaíonn an ceathrú hachomharcóir na hargóintí céanna leis na hargóintí a leag an tríú hachomharcóir amach mar thaca leis an gcéad chuid den tríú foras achomhairc dá achomharc i gCás C-711/23 P.

97 Cuireann an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Laitvia agus ón gCoimisiún i gCás C-35/24 P, i gcoinne fhiúntas argóintí an tríú agus an cheathrú hachomharcóir.

(2) Breithniú na Cúirte Breithiúnais

98 Áitíonn an tríú hachomharcóir, lena dhara foras achomhairc agus leis an gcéad chuid dá thríú foras achomhairc, agus an ceathrú hachomharcóir, lena dhara foras achomhairc agus leis an gcéad chuid dá thríú foras achomhairc, go bunúsach, gur léir ó roinnt leaganacha teanga de chritéar (g) agus ó chomhthéacs an chritéir sin go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais go dtiocfadh an fhoinse shuntasach ioncaim a chuirtear ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, de réir bhrí an chritéir sin, ó 'phríomhdhaoine gnó' a chumhdaítear leis an gcritéar sin agus ní ó 'earnálacha eacnamaíocha', mar a chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, dá bhrí sin, i míreanna 69 agus 70 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 56 agus 57 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc. Líomhnaíonn an ceathrú hachomharcóir freisin gur sáraíodh an oibleagáid cúiseanna a lua, sa mhéid nach ndearna an Chúirt Ghinearálta comparáid idir na leaganacha teanga de chritéar (g), contrártha do chásdlí na Cúirte Breithiúnais.

99 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, i gcomhréir le cásdlí socair, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, is gá machnamh a dhéanamh ní hamháin ar fhoclaíocht na forála sin, ach freisin ar a comhthéacs agus ar chuspóirí na rialacha ar cuid díobh í [féach breithiúnais an 17 Samhain 1983, *Merck*, 292/82, EU:C:1983:335, mír 12, agus an 26 Aibreán 2022, *Landespolizeidirektion Steiermark (Uastréimhse rialaithe ag teorainneacha inmheánacha)*, C-368/20 agus C-369/20, EU:C:2022:298, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear). Shoiléirigh an Chúirt nach mór gníomhartha an Aontais lena bhforáiltear do bhearta sriantacha a léiriú i bhfianaise chomhthéacs

stairiúil na bhforálacha arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus a bhfuil na gníomhartha sin ina gcuid díobh (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Márta 2016, *National Iranian Oil Company* v *an Chomhairle*, C-440/14 P, EU:C:2016:128, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear).

100 Chuige sin, ní féidir leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i gceann de na leaganacha teanga d'fhoráil de dhlí an Aontais a bheith ina bunús amháin le léirmhíniú na forála sin agus ní féidir tosaíocht a thabhairt di ar na leaganacha teanga eile. Bheadh cur chuige den sórt sin ar neamhréir leis an gceanglas maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais, ós rud é nach mór forálacha dhlí an Aontais a léiriú agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach i bhfianaise na leaganacha atá ann i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh. I gcás ina mbeidh éagsúlacht idir na leaganacha teanga, ní mór an fhoráil atá i gceist a léiriú trí thagairt a dhéanamh do chuspóir agus do scéim ghinearálta na rialacha ar cuid díobh í (féach breithiúnais an 25 Márta 2010, *Helmut Müller*, C-451/08, EU:C:2010:168, mír 38, agus an 20 Samhain 2025, *Lolach*, C-327/24, EU:C:2025:901, mír 29).

101 Ina theannta sin, ní mór a mheabhrú nach mór réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta a nochtadh go soiléir agus go haonchiallach sna cúiseanna ar a bhfuil breithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta bunaithe ionas go mbeidh na daoine lena mbaineann in ann na cúiseanna leis an gcinneadh a rinneadh a fháil amach agus go mbeidh an Chúirt Bhreithiúnais in ann a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú. Ní ceanglaítear leis an oibleagáid cúiseanna a lua atá ar an gCúirt Ghinearálta cuntas a sholáthar a leanann go huileghabhálach agus ceann ar cheann na hargóintí go léir a chuir na páirtithe ar aghaidh sa chás, agus féadfadh réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta a bheith intuigthe ar choinníoll go gcuireann sí ar chumas na ndaoine lena mbaineann a fháil amach cén fáth nár sheas an Chúirt Ghinearálta lena n-argóintí agus go dtugann sí ábhar leordhóthanach don Chúirt Bhreithiúnais chun a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú (breithiúnas an 18 Eanáir 2024, *Jenkinson* v *an Chomhairle agus páirtithe eile*, C-46/22 P, EU:C:2024:50, mír 131 agus an cásdlí dá dtagraítear).

102 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua a líomhain an ceathrú hachomharcóir, sa mhéid is gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 56 agus 57 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, anailís a dhéanamh ar na leaganacha teanga éagsúla de chritéar (g), cé go ndearna sí tagairt, i mír 52 den bhreithiúnas sin, do chásdlí atá cosúil leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 99 den bhreithiúnas seo, ní mór a thabhairt faoi deara nár bhraith na páirtithe ag an gcéad chéim ar éagsúlacht a bheith ann idir leaganacha teanga an chritéir sin maidir le ceist thionscnamh na foinse suntasacha ioncaim, agus mar thoradh air sin nár ceanglaíodh ar an gCúirt Ghinearálta freagra a thabhairt ar argóint nár ardaíodh. Dá bhrí sin, níor mhainnigh an chúirt sin a hoibleagáid cúiseanna a lua a chomhlíonadh.

103 Ar an dara dul síos, maidir le hargóintí an tríú agus an cheathrú hachomharcóir go bhfuil an léiriú teileolaíoch ar chritéar (g) arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta, i míreanna 69 agus 70 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 56 agus 57 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, mícheart toisc go bhfuil foclaíocht an chritéir sin agus a chomhthéacs ag teacht salach ar na cuspóirí a shainaithin an Chúirt Ghinearálta, is gá a fháil amach, i bhfianaise na rialacha maidir le léiriú dá dtagraítear i míreanna 99 agus 100 den bhreithiúnas seo, an ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus critéar (g) á léiriú aici, sa chaoi nach mór don 'fhoinse shuntasach ioncaim' a chuirtear ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise teacht ó 'phríomhdhaoine gnó' ach ó 'earnálacha eacnamaíocha'.

104 Ar an gcéad dul síos, maidir le foclaíocht chritéar (g), is gá, chun bunús na foinse suntasacha ioncaim a chuirtear ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise a chinneadh, scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise na leaganacha teanga éagsúla den chritéar sin, ar a bhfuil i gceist leis an bhforainm

coibhneasta ‘a’ san abairt ‘a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’ nó cén téarma lena mbaineann an fhoclaíocht sin ‘a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’.

105 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil comhthuiscint idir na páirtithe go dtagraíonn an nath ‘a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha’ don fhrása ainmfhoclach iomlán ‘príomhdhaoine gnó nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí’. Sna himthosca sin, féadfaidh an abairt ‘a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’ tagairt a dhéanamh don fhrása ainmfhoclach ‘príomhdhaoine gnó nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha’ nó don fhrása ainmfhoclach ‘earnálacha eacnamaíocha’ amháin.

106 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, murab ionann agus an méid a mhaíonn an tríú agus an ceathrú hachomharcóir, nach féidir baint a bheith ag an abairt ‘a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’, sna leaganacha Danmhairgise, Eastóinise, Fionlainnise, Liotuáinise agus Laitvise de chritéar (g), ach le ‘[h]earnálacha eacnamaíocha’. Ní mór go dtagraíonn na forainmneacha coibhneasta ‘*der*’ sa leagan Danmhairgise, ‘*mis*’ sa leagan Eastóinise agus ‘*kas*’ sa leagan Laitvise, sna teangacha sin faoi seach, do na téarmaí nó na nathanna ‘*økonomiske sektorer*’, ‘*majandussektoritega*’ agus ‘*ekonomikas nozarēs*’ (‘earnálacha eacnamaíocha’). Chomh maith leis sin, sa Liotuáinis, ní féidir tagairt a dhéanamh leis an bhfocal ‘*užtikrinančiais*’ (‘a sholáthraíonn’) ach don fhrása ainmfhoclach ‘*ekonomikos sektoriais*’ (‘earnálacha eacnamaíocha’). Maidir leis an abairt ‘*sellaisilla talouden aloilla, jotka*’ (‘le hearnálacha eacnamaíocha lena’) a úsáidtear san Fhionlainnis, luaitear go soiléir ann gurb iad na hearnálacha eacnamaíocha nach mór foinse shuntasach ioncaim a sholáthar do Rialtas Chónaidhm na Rúise.

107 Os a choinne sin, tá débhríocht sna leaganacha Bulgáirise agus Slóivéinise, dá dtagraíonn na hachomharcóirí sin, a mhéid a d’fhéadfadh na forainmneacha a bhaineann le ‘*които*’ agus ‘*ki*’ (‘a’) tagairt a dhéanamh, faoi seach, do na nathanna ‘*видни бизнесмени или Крически лица, образувания или органи*’ agus ‘*vodilni poslovneži ali pravne osebe, subjekti ali organi*’ (‘daoine gnó mór le rá/ceannasacha nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí’) agus do na nathanna ‘*икономичекиски сетори*’ agus ‘*gospodarske setorje*’ (‘earnálacha eacnamaíocha’). Tá an débhríocht chéanna le feiceáil freisin sna leaganacha Spáinnise, Máltaise, Rómáinise agus Slóvaicise. Maidir leis na leaganacha teanga eile de chritéar (g), lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, luaitear go soiléir iontu nach mór don ioncam teacht ó na hearnálacha eacnamaíocha.

108 Dá bhrí sin, is féidir sé cinn de na leaganacha teanga sin, eadhon na leaganacha Bulgáirise, Spáinnise, Máltaise, Rómáinise, Slóvaicise agus Slóivéinise, a léamh ar an dá bhealach dá bhforáiltear i mír 105 den bhreithiúnas seo, murab ionann agus na hocht leagan déag eile, nach féidir leis an nath ‘a soláthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise’ baint a bheith aige ach leis an bhfrása ainmfhoclach ‘earnálacha eacnamaíocha’.

109 Leanann sé ón méid sin roimhe seo, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte dá dtagraítear i mír 100 den bhreithiúnas seo, go bhféadfar foclaíocht chritéar (g) a léiriú go haonfhoirmeach i dteangacha uile an Aontais sa chaoi nach mór don ‘fhoinse shubstaintiúil ioncaim’ a chuirtear ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise teacht ó ‘earnálacha eacnamaíocha’. Sna himthosca sin, níl aon éagsúlacht idir na leaganacha teanga sin, agus mar thoradh air sin ní mór diúltú d’argóint an tríú agus an cheathrú hachomharcóir go bhfuil an léiriú teileolaíoch a ghlac an Chúirt Ghinearálta i

míreanna 69 agus 70 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 56 agus 57 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc contrártha d'fhoclaíocht chritéar (g) i leaganacha teanga áirithe.

110 Ar an dara dul síos, maidir le comhthéacs chritéar (g), ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, dá dtiocfadh an fhoinse shuntasach ioncaim a sholáthraítear do Rialtas Chónaidhm na Rúise ní ó 'earnálacha eacnamaíocha' iontu féin, ach ó 'phríomhdhaoine gnó nó ó dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha', go ndéanfaí raon feidhme agus éifeachtacht chritéar (g) a chur ar neamhní nó, ar a laghad, a lagú. Sa chás sin, dhéanfadh an critéar sin aithris an-mhór nó iomlán fiú ar an gcritéar a leagtar síos in Airteagal 2(1)(f) de Chinneadh 2014/145, agus coinníollacha á gcur leis nach bhfuil sa chritéar deireanach sin.

111 Foráiltear leis an Airteagal sin nach mór gach ciste agus acmhainn eacnamaíoch ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí iad a sholáthraíonn, *inter alia*, tacaíocht airgeadais do Rialtas Chónaidhm na Rúise a reo.

112 Ní mór a lua go gceadaítear cheana féin le critéar den sórt sin bearta sriantacha a fhorchur ar dhaoine nádúrtha, lena n-áirítear, más iomchuí, príomhdhaoine gnó, chomh maith le daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí ar an bhforas amháin go soláthraíonn siad tacaíocht airgeadais don rialtas sin, gan é a bheith riachtanach a fhíorú, ar an gcéad dul síos, an 'príomhdhaoine gnó' iad na daoine nádúrtha lena mbaineann, ar an dara dul síos, an bhfuil baint ag na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí sin le hearnáil de gheilleagar na Rúise agus, ar an tríú dul síos, an bhfuil a dtacaíocht airgeadais, fiú ag glacadh leis nach mór tábhacht chainníochtúil nó cháilíochtúil éigin a bheith ag baint léi (féach, de réir analaí, breithiúnas an 1 Márta 2016, *National Iranian Oil Company* v *an Chomhairle*, C-440/14 P, EU:C:2016:128, míreanna 82 agus 83), le haicmiú mar 'fhoinse shubstaintiúil ioncaim' don rialtas céanna.

113 Sna himthosca sin, tá caomhnú éifeachtacht chritéar (g) i ndáil leis an gcritéar a leagtar síos in Airteagal 2(1)(f) de Chinneadh 2014/145 i bhfabhar léiriú ar dá réir nach mór don fhoinse shuntasach ioncaim a chuirtear ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise teacht ó 'earnálacha eacnamaíocha' an tríú tír sin.

114 Thairis sin, is fíor, mar a mhaíonn an tríú agus an ceathrú hachomharcóir, go sonraítear in aithris 11 de Chinneadh 2022/329 agus in aithris 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/427, go bunúsach, go ndearnadh na critéir liostaithe atá mar bhonn le bearta sriantacha a fhorchur i bhfianaise ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise i ndíchobhsú na hÚcráine a leasú, tar éis ionradh na tríú tíre sin ar an Úcráin, ionas go n-áireofaí, faoi seach, 'daoine agus eintitis [...] a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim [do Rialtas Chónaidhm na Rúise]' agus 'daoine agus eintitis a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise', agus tagairt á déanamh ag na nathanna sin do chritéar (g).

115 Mar sin féin, is cásdlí socair é, cé go bhfuil brollach gnímh de chuid an Aontais Eorpaigh in ann ábhar fhorálacha an ghnímh sin a shoiléiriú sa mhéid is gur treoir thábhachtach é maidir le léiriú a d'fhéadfadh intinn údar an ghnímh sin a shoiléiriú, nach bhfuil aon fheidhm dhlíthiúil cheangailteach ag brollach den sórt sin agus nach féidir brath air mar fhoras chun maolú ar fhorálacha iarbhír an ghnímh atá i gceist nó chun na forálacha sin a léiriú ar bhealach atá

contrártha go follasach lena bhfoclaíocht (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Nollaig 2019, *Puppinck agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-418/18 P, EU:C:2019:1113, míreanna 75 agus 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

116 Mar a luaitear i mír 109 den bhreithiúnas seo, níl na leaganacha teanga éagsúla de chritéar (g) éagsúil óna chéile, a mhéid a leanann sé ó léamh comhchoiteann ar na leaganacha sin nach mór don 'fhoinse shubstaintiúil ioncaim' a sholáthraítear do Rialtas Chónaidhm na Rúise teacht 'ó earnálacha eacnamaíocha' an tríú tír sin. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil foclaíocht na n-aithrisí dá dtagraítear i mír 114 den bhreithiúnas seo ag teacht salach ar fhoclaíocht an chritéir sin, bhí an Chúirt Ghinearálta i dteideal a chinneadh, go bunúsach, i mír 57 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, nach bhfuil na haithrisí sin críochnaitheach chun críocha na hanailíse comhthéacsúla ar an gcritéar sin, atá beartaithe chun tionscnamh fhoinse an ioncaim sin a shainaithint.

117 Ar an tríú dul síos, maidir leis an gcuspóir a shaothraítear le critéar (g) agus leis an reachtaíocht a bhfuil an critéar sin mar chuid di, chomh maith leis an gcomhthéacs stairiúil ar cuid de é, ba cheart a mheabhrú gur mar gheall ar ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise sa Chrimé in 2014 a ghlac an tAontas Eorpach, go háirithe le Cinneadh 2014/145 agus Rialachán Uimh. 269/2014, gníomhartha atá beartaithe chun freagairt, trí bhíthin bearta sriantacha, do na gníomhaíochtaí sin agus, ar bhonn níos leithne, do ghníomhaíochtaí lena ndéantar oirthear na hÚcráine a dhíchobhsú, agus ansin d'ionsaí i gcoinne na hÚcráine ina hiomláine, ag an gCónaidhm sin.

118 Sa chomhthéacs sin, chinn an Chúirt gurb é cuspóir na mbeart sriantach aonair agus earnála a glacadh ó 2014, *inter alia*, costais ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, míreanna 104 agus 123, agus an 25 Meitheamh 2020, *VTB Bank* v *an Chomhairle*, C-729/18 P, EU:C:2020:499, mír 59).

119 I bhfianaise mharthanacht agus scála méadaitheach na ngníomhaíochtaí sin, tá an córas smachtbhannaí sin neartaithe de réir a chéile ag an Aontas. Dá bhrí sin, chuir sé, *inter alia*, critéir leis an aon chritéar liostaithe amháin, mar a bhí sé sa leagan tosaigh de na gníomhartha sin, eadhon an critéar a bhaineann le daoine nádúrtha atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo. Leathnaigh reachtas an Aontais raon feidhme critéar áirithe atá ann cheana de réir a chéile freisin, ionas go mbeidh sé in ann bearta sriantacha a fhorchur ar chiorcal daoine, eintiteas nó comhlachtaí atá ag éirí níos leithne (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Márta 2025, *Shuvalov* v *an Chomhairle*, C-271/24 P, EU:C:2025:180, mír 8).

120 Mar is léir ó mhíreanna 11 agus 12 den bhreithiúnas seo, tugadh isteach critéar (g), mar chritéar liostaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, an lá tar éis ionradh fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin, agus an t-ionradh sin á aicmiú, de réir aithrisí 9 agus 10 de Chinneadh 2022/329, mar ionradh neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta ag an gComhairle agus ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála araon.

121 I bhfianaise a thromchúisí atá an t-ionradh sin agus gur luaigh an Chomhairle mí roimhe sin, mar is léir ó aithris 5 den chinneadh sin, go mbeadh iarmhairtí ollmhóra ag aon fhogha breise a dhéanfadh Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine ó thaobh, *inter alia*, costais i bhfoirm bearta sriantacha earnála agus aonair araon, ní mór a mheas go raibh sé beartaithe ag an

gComhairle, tríd an gcritéar sin a ghlacadh, mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i mír 68 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 55 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, brú breise a chur ar Chónaidhm na Rúise agus na costais a mhéadú do Chónaidhm na Rúise as a gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, ionas go gcuirfeadh Cónaidhm na Rúise deireadh lena fogha míleata faoin Úcráin agus, ar bhonn níos ginearálta, lena gníomhaíochtaí agus lena beartais lena ndéantar an tríú tír sin a dhíchobhsú.

122 Mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 63 dá Tuairim i gCás C-711/23 P agus i mír 60 dá Tuairim i gCás C-35/24 P, ní fhéadfadh critéar (g) rannchuidiú chomh héifeachtach céanna leis na cuspóirí sin a bhaint amach dá ndéanfaí é a léiriú sa chaoi nach bhféadfaí bearta sriantacha a fhorchur ach ar phríomhdhaoine gnó, ar dhaoine dlítheanacha, ar eintitis agus ar chomhlachtaí a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim iad féin do Rialtas Chónaidhm na Rúise.

123 Os a choinne sin, maidir leis an bhféidearthacht bearta sriantacha a fhorchur ar gach príomhdhuine gnó, ar gach duine dlítheanach, ar gach eintiteas agus ar gach comhlacht a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, gan beann ar an bhfíoras go soláthraíonn siad féin foinse ioncaim den sórt sin don rialtas sin, d'fhéadfaí cumas an Aontais Eorpaigh brú a chur ar an rialtas sin a neartú, go háirithe trí bhac a chur ar fheidhmiú na n-earnálacha eacnamaíocha lena mbaineann agus, ar an gcaoi sin, na foinsí ioncaim a chuireann na hearnálacha sin ar fáil don rialtas sin a lagú.

124 Ní mór an méid sin a bheith níos tábhachtaí fós ós rud é, i gcomhthéacs ionsaí gan chúis i gcoinne Stát neamhspleách, de shárú ar an dlí idirnáisiúnta, go bhfuil geilleagar na tíre is ionsaitheoir ag athrú ó bhonn nó gur dócha go n-athróidh sé é féin ina gheilleagar cogaidh. Sna himthosca sin, ní mór a mheas go bhfuil critéar (g) beartaithe, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta, go bunúsach, i mír 62 dá Tuairim i gCás C-711/23 P agus i mír 59 dá Tuairim i gCás C-35/24 P, chun príomhfhoinsí ioncaim rialtas na tíre is ionsaitheoir sin a chreimeadh agus, dá bhrí sin, an bonn a bhaint de mhaoiniú an ionsaithe i gcoinne na hÚcráine, trí chistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine, eintiteas nó comhlachtaí a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha brabúsacha don rialtas sin a reo agus ar dócha, tríd an ngníomhaíocht sin, go rannchuideoidh siad, agus iad ina bpríomhdhaoine gnó, le brabúsacht na n-earnálacha sin a chothabháil, nó fiú le rathúnas na n-earnálacha sin.

125 Is léir ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 104 go 124 den bhreithiúnas seo, murab ionann agus an méid a mhaíonn an tríú hachomharcóir agus an ceathrú hachomharcóir, nach ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i míreanna 69 agus 70 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 56 agus 57 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc araon, agus í ag cinneadh nach mór critéar (g) a léiriú sa chaoi nach príomhdhaoine gnó é, ach 'earnálacha eacnamaíocha' nach mór foinse shuntasach ioncaim a sholáthar do Rialtas Chónaidhm na Rúise.

126 Ar an tríú dul síos, maidir le hargóint an tríú hachomharcóir agus an cheathrú hachomharcóir go leanann sé ó dhlí príomha an Aontais nach mór tagairt a dhéanamh do 'iompar pearsanta' na ndaoine agus na n-eintiteas lena mbaineann i gcritéir liostaithe amhail critéar (g), ní mór a thabhairt faoi deara, ag an gcéad chéim, gur ardaigh an tríú hachomharcóir agus an ceathrú hachomharcóir an argóint sin ní hamháin maidir le léiriú chritéar (g), ach maidir le pléadáil neamhdhleathachta an chritéir sin. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn siad é ag céim an achomhairc, i gcomhthéacs an dara cuid dá dtríú foras achomhairc faoi seach, chun diúltú na Cúirte Ginearálta don eisceacht sin a cháineadh. Sna himthosca sin, scrúdófar an argóint sin san anailís ar an dara cuid sin.

127 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don dara foras achomhairc agus don chéad chuid den tríú foras achomhairc i gCás C-711/23 P agus don dara foras achomhairc agus don chéad chuid den tríú foras achomhairc i gCás C-35/24 P.

(b) An dara gearán sa dara cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P, an chéad chuid go dtí an tríú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-711/23 P, an chéad ghearán sa dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-35/24 P agus an seachtú foras achomhairc i gCás C-111/24 P

(1) Argóintí na bpáirtithe

128 Leis an dara gearán sa dara cuid dá chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P, áitíonn an dara hachomharcóir, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i mír 105 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, ina léiriú ar an téarma 'suntasach', de réir bhrí chritéar (g). Dar leis, bhí an Chúirt Ghinearálta mícheart an téarma sin a shainmhíniú mar 'nach bhfuil fánach', rud a d'imigh óna ghnáthbhrí. Ina theannta sin, níor shocraigh an Chúirt Ghinearálta tairseacha uimhriúla óna bhféadfaí a mheas go bhfuil ioncam de chineál suntasach. Níor shonraigh sé an comparadóir ach an oiread, amhail an t-ioncam foriomlán atá ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise, ar i bhfianaise an mhéid sin a d'fhéadfaí an cineál sin a shuí.

129 Leis an gcéad chuid dá cheathrú foras achomhairc i gCás C-711/23 P, áitíonn an tríú hachomharcóir go bhfuil léiriú na Cúirte Ginearálta, i mír 98 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, ar an gcoincheap 'ioncam', de réir bhrí chritéar (g), eadhon 'an t-ioncam go léir arna ghiniúint ag an earnáil gníomhaíochta' lena mbaineann, róleathan agus go sáraíonn sé gnáthbhrí an choincheapa sin ar bhealach do-ghlactha. De réir an achomharcóra sin, níor cheart go gcumhdófaí leis na foinsí ioncaim ach na foinsí iarbhír airgid a dtéann buiséad Chónaidhm na Rúise chun tairbhe dóibh go díreach.

130 Maíonn an tríú hachomharcóir freisin, i gcomhthéacs an dara cuid dá cheathrú foras achomhairc, nach bhfuil an léiriú sin ar an gcoincheap 'ioncam' réasúnaithe go leordhóthanach. Go háirithe, theip ar an gCúirt Ghinearálta a shonrú cad é an t-ioncam nach mór a bheith ann, cé a chaithfear a mheas mar thairbhí an ioncaim sin nó cad iad na cineálacha ioncaim nach mór a mheas mar ioncam arna fháil ag Rialtas Chónaidhm na Rúise.

131 Leis an tríú cuid dá cheathrú foras achomhairc, áitíonn an tríú hachomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí tríd an bhfocal 'suntasach' a chur, i mír 87 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, leis an nath 'nach bhfuil fánach'. Tá difríocht thábhachtach idir an focal sin agus an nath sin sa chiall, a mhéid a chiallaíonn an focal 'suntasach' 'mór, luachmhar nó tábhachtach', cé go mbaineann an nath 'nach bhfuil fánach' leis an méid 'nach bhfuil róbheag le bheith tábhachtach'. Thairis sin, ós rud é gur coincheap coibhneasta é an téarma 'suntasach', ba cheart don Chúirt Ghinearálta, chun measúnú a dhéanamh ar chineál suntasach na foinse ioncaim arna soláthar ag an earnáil eacnamaíoch lena mbaineann, ioncam foriomlán Rialtas Chónaidhm na Rúise a ghlacadh mar thagairt, rud nach ndearna sí.

132 I gCás C-35/124 P, is ionann na hargóintí a chuireann an ceathrú hachomharcóir chun cinn i gcomhthéacs an chéad ghearáin sa dara cuid dá cheathrú foras achomhairc agus a bhaineann le míreanna 75 agus 79 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc agus na hargóintí a chuireann an tríú hachomharcóir chun cinn mar thaca leis an tríú cuid den cheathrú foras achomhairc, mar a leagtar amach sa mhír roimhe seo.

133 Lena seachtú foras achomhairc i gCás C-111/24 P, cáineann an cúigiú hachomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí dhiúltú a chinneadh, i mír 108 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, nár cheart cineál suntasach na foinse ioncaim dá dtagraítear i gcritéar (g) a mheasúnú i ndáil le buiséad Rialtas Chónaidhm na Rúise. Is coincheap coibhneasta é an téarma 'suntasach' lena gceanglaítear go gcuirfear an fhoinse ioncaim lena mbaineann i gcomparáid le hioncam foriomlán an rialtais sin. Is amhlaidh is mó é sin ós rud é nach bhféadfaí aon bhrú a chur ar an rialtas sin mura mbeadh san earnáil atá i gceist ach foinse fhánach ioncaim dó.

134 Cuireann an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Laitvia agus ón gCoimisiún i gCás C-35/24 P, i gcoinne fhiúntas argóintí an dara agus an chúigiú hachomharcóir.

(2) Breithniú na Cúirte Breithiúnais

135 Ar an gcéad dul síos, áitíonn an dara go dtí an ceathrú hachomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag sainmhíniú, i mír 105 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, i mír 87 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 75 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, an téarma 'suntasach' mar théarma atá comhchiallach leis an abairt 'nach bhfuil fánach'.

136 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, sna míreanna éagsúla sin de na breithiúnais sin, gur chinn an Chúirt Ghinearálta gur chiallaigh úsáid na haidiachta 'suntasach' sa fhrása ainmfhoclach 'foinse shuntasach ioncaim' 'nach mór an fhoinse ioncaim sin a bheith suntasach agus, dá bhrí sin, [nach bhfuil sí] fánach'. Ní féidir an soiléiriú sin ar raon feidhme an téarma 'suntasach', de réir bhrí chritéar (g), a cháineadh, sa mhéid is, chuige sin, gur bhain an Chúirt Ghinearálta úsáid as dhá chomhchiallach den téarma sin, eadhon an aidiacht 'nach beag' agus an aidiacht chumaisc 'nach bhfuil fánach'. Úsáidtear an nath deireanach sin, sa ghnáthchaint i bhFraincis, arb í teanga an cháis ba chúis leis an dara breithiúnas atá faoi achomharc, agus i mBéarla ('*not negligible*'), arb í teanga an cháis ba chúis leis an tríú agus leis an gceathrú breithiúnas atá faoi achomharc, chun, *inter alia*, méid nach beag a ainmniú.

137 Ar an dara dul síos, áitíonn an dara go dtí an cúigiú hachomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i mír 105 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, i mír 87 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, i míreanna 75 agus 79 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 108 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, trí mhainneachtain an t-ioncam a ghineann na hearnálacha eacnamaíocha atá i gceist a nascadh le hioncam foriomlán Rialtas Chónaidhm na Rúise chun a chinneadh an bhfuil sé suntasach, cé gur coincheap coibhneasta é cineál den sórt sin a éilíonn gné chomparáide.

138 I ndáil leis sin, cé gur fíor go bhféadfar cineál suntasach cainníochta a mheasúnú i dtéarmaí coibhneasta, is é sin le rá, i ndáil le cainníocht tagartha, féadfar an cineál sin a mheasúnú freisin i ndearbhthéarmaí. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás an ioncaim a sholáthraíonn earnáil dá gheilleagar do rialtas Stáit. Is féidir a mheas go soláthraíonn earnáil eacnamaíoch ioncam suntasach do rialtas den sórt sin, gan beann ar an gcéatadán den ioncam sin i ndáil le hioncam foriomlán an rialtais sin, agus mar thoradh air sin nach ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí mhainneachtain comparáid den sórt sin a dhéanamh.

139 Ar an tríú dul síos, áitíonn an tríú hachomharcóir, go bunúsach, gur ghlac an Chúirt Ghinearálta, i mír 98 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, léiriú róleathan agus ginearálta ar an gcoincheap 'ioncam', de réir bhrí chritéar (g), trí 'an t-ioncam go léir arna ghiniúint ag an earnáil gníomhaíochta' lena mbaineann a áireamh, gan aon soiléiriú.

140 I ndáil leis sin, is leor a thabhairt faoi deara gur gá go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'ioncam', i bhfianaise a ghnáthbhrí sa ghnáthchaint, a luann an tríú hachomharcóir féin ina achomharc, na hacmhainní airgeadais go léir a sholáthraíonn an earnáil eacnamaíoch lena mbaineann do Rialtas Chónaidhm na Rúise mar eintiteas poiblí, lena n-áirítear, mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta mar shampla i mír 98 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, cánacha ón earnáil sin.

141 Maidir leis an bhfíoras nach bhfuil léiriú níos beaichte ar an gcoincheap sin sa mhír sin, agus mar thoradh air sin gur chuir an Chúirt Ghinearálta a réasúnaíocht ó bhail le ráiteas neamhleor ar chúiseanna, is leor a thabhairt faoi deara, i mír 98 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta d'argóint an tríú hachomharcóir nárbh ionann cáin a íoc agus tacú leis an réimeas. Sna himthosca sin, ní raibh sé i gceist ag an gCúirt Ghinearálta, sa mhír sin, an coincheap 'ioncam' a shainmhíniú. Ní dhearna sí ach a mhíniú nár bhain critéar (g) le cánacha a bheith á n-íoc ag an achomharcóir sin nó ag an ngnóthas ina raibh sé gníomhach, ach, *inter alia*, leis na cánacha arna nginiúint ag an earnáil eacnamaíoch lena mbaineann. Ní féidir a mheas, dá bhrí sin, gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid cúiseanna a lua a chomhlíonadh.

142 I bhfianaise an mhéid roimhe seo, ní mór diúltú don dara gearán sa dara cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P, don chéad chuid go dtí an tríú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-711/23 P, don chéad ghearán sa dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-35/24 P agus don seachtú foras achomhairc i gCás C-111/24 P.

2. Na forais achomhairc lena n-éilítear gur bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as an gcoincheap 'tionchar' de réir bhrí chritéar (g)

143 Déileálfar san fhoroinn seo leis an gcéad fhoras achomhairc i gCás C-696/23 P, leis an gcéad ghearán agus leis an dara gearán sa chéad chuid den chéad fhoras achomhairc agus leis an tríú cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P, leis an gceathrú cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-35/24 P agus leis an dara foras achomhairc agus leis an gcéad chuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P.

(a) Argóintí na bpáirtithe

144 I gCás C-696/23 P, trína chéad fhoras achomhairc, atá roinnte ina thrí chuid, déanann an chéad achomharcóir gearán go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag cinneadh go bhféadfaí é a aicmiú go dlisteanach mar 'phríomhdhuine gnó' de réir bhrí chritéar (g).

145 Leis an gcéad chuid dá chéad foras achomhairc, áitíonn an chéad achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sí, go háirithe i míreanna 51 agus 63 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh an Chomhairle i dteideal critéar (g) a chur i bhfeidhm maidir leis agus é a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó' i bhfianaise na bhfeidhmeanna a bhí aige laistigh de TMK agus grúpa Sinara amháin, gan beann ar an tábhacht a bhí aige, ina cháil phearsanta, do Rialtas Chónaidhm na Rúise ná ar an tionchar a d'fheidhmigh sé ar an rialtas sin. De réir an chéad achomharcóra, eascraíonn an fíoras, chun critéar (g) a chomhlíonadh, nach mór tábhacht nó tionchar den sórt sin a bheith ag na daoine gnó lena mbaineann as léiriú litriúil, comhthéacsúil agus teileolaíoch an chritéir sin. Thairis sin, dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta féin é sin i míreanna 79 go 81 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, a tugadh an lá céanna leis an gcéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus i míreanna 66 agus 68 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, a tugadh seachtain amháin tar éis an chéad bhreithiúnais atá faoi achomharc. Dá bhrí sin, bhain sí míthuiscint, sa chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc agus i gcontrárthacht leis an

dara agus an tríú breithiúnas atá faoi achomharc, as an gcoincheap 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g), trína mheas go bhfuil tionchar den sórt sin teoranta don réimse eacnamaíoch, cé go gceanglaítear leis an gcritéar sin freisin an réimse polaitiúil a chur san áireamh.

146 Leis an dara cuid dá chéad foras achomhairc, áitíonn an chéad achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i mír 65 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, arna léamh i gcomhar le míreanna 51 agus 63 de, go raibh sé indéanta leis na feidhmeanna a bhí aige laistigh de TMK agus grúpa Sinara, iontu féin, é a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó' de réir bhrí chritéar (g). Ba cheart don Chúirt Ghinearálta a fhíorú, ar an dáta a glacadh an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid, an raibh aon fhíorthábhacht nó fíorthionchar ag an gcéad achomharcóir i ndáil le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus ar fheidhmigh sé rialú ar an gcuideachta sin agus ar an ngrúpa sin. Go háirithe, theip ar an gCúirt Ghinearálta staid ar leith an achomharcóra sin a chur san áireamh, eadhon, ar an lá deireanach a chomhlíon sé a dhualgais laistigh de TMK agus grúpa Sinara, eadhon an 9 Márta 2022, arb é freisin an dáta a glacadh an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid, nach raibh rialú ná tionchar aige ar na cuideachtaí sin a thuilleadh.

147 I gcomhthéacs an tríú cuid dá chéad foras achomhairc, áitíonn an chéad achomharcóir gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i mír 63 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, a fhíorú ar aistrigh sé, cúpla lá sular glacadh an cinneadh agus an rialachán atá faoi chonspóid, na scaireanna a bhí aige laistigh de TMK agus grúpa Sinara, cé go gcuirfeadh fíorú den sórt sin ar chumas na Cúirte Ginearálta a chinneadh, in ainneoin a sheasamh leanúnach sa chuideachta sin agus sa ghrúpa sin go dtí an 9 Márta 2022, nach raibh aon tionchar ag an achomharcóir sin a thuilleadh ar na cuideachtaí sin, gan trácht ar Rialtas Chónaidhm na Rúise.

148 Leis an gcéad ghearán agus leis an dara gearán sa chéad chuid dá chéad foras achomhairc i gCás C-704/23 P, líomhnaíonn an dara hachomharcóir, go bunúsach, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta an coincheap 'príomhdhaoine gnó' de réir bhrí chritéar (g). Ar an gcéad dul síos, tá an sainmhíniú ar an gcoincheap sin a thug an Chúirt Ghinearálta i mír 80 den dara breithiúnas atá faoi achomharc contrártha do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, sa mhéid nach bhfuil sé soiléir ná beacht.

149 Ar an dara dul síos, i míreanna 88 agus 90 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, chuir an Chúirt Ghinearálta, chun a chinneadh go bhféadfaí an dara hachomharcóir a aicmiú go bailí mar phríomhdhuine gnó, de réir bhrí chritéar (g), critéar i bhfeidhm nár leag sé amach sa sainmhíniú ar an gcoincheap 'tionchar' a tugadh i mír 80 den bhreithiúnas sin, eadhon tábhacht eacnamaíoch Yandex, an chuideachta inar oibrigh an t-achomharcóir sin. Ina theannta sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 89 den bhreithiúnas sin, ábhar fíorais nach bhfuil ábhartha i bhfianaise an tsainmhínithe sin, eadhon gur ghlac an t-achomharcóir páirt i gcruinniú an 24 Feabhra 2022 le hUachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin.

150 Leis an tríú cuid dá chéad foras achomhairc, maíonn an dara hachomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na rialacha maidir le dualgas cruthúnais agus glacadh fianaise trí mhainneachtain a fháil amach, mar a luaigh sé mar sin féin i mír 79 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, an raibh aon tionchar ag duine gnó amhail é ar Rialtas Chónaidhm na Rúise agus an raibh sé in ann brú a chur ar an rialtas sin a bheartas a athrú.

151 I gCás C-35/24 P, cáineann an ceathrú hachomharcóir, leis an gceathrú cuid dá chéad foras achomhairc, an Chúirt Ghinearálta as a léiriú ar an gcoincheap 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g), a bhunú, i mír 54 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, ar an toimhde go bhfuil

duine atá faoi réir bearta sriantacha arna nglacadh ar bhonn an chritéir sin in ann tionchar a imirt ar Rialtas Chónaidhm na Rúise, gan beann ar an bhfíoras nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil nasc idir an duine sin agus an rialtas sin. Bhí sé d'éifeacht ag an earráid dlí sin an dualgas cruthúnais a aisiompú agus bhí iarmhairtí aici freisin ar an anailís a rinne an Chúirt Ghinearálta i mír 75 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc.

152 Leis an dara foras achomhairc i gCás C-111/24 P, líomhnaíonn an cúigiú hachomharcóir, go bunúsach, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta an coincheap 'tionchar' de réir bhrí chritéar (g). Ar an gcéad dul síos, theip ar an gCúirt Ghinearálta, i mír 92 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, anailís a dhéanamh ar na leaganacha teanga éagsúla de chritéar (g), ach, mar a mhaígh an t-achomharcóir sin ag an gcéad chéim, úsáidtear an téarma 'tionchar' i gcuid de na leaganacha sin agus úsáidtear an téarma 'tábhachtach' i gcuid eile díobh. Dá bhrí sin, rinne an Chúirt Ghinearálta an coincheap 'tionchar' a ionannú go mícheart leis an gcoincheap 'tábhachtach'.

153 Ar an dara dul síos, tá an anailís theileolaíoch a rinne an Chúirt Ghinearálta mícheart, a mhéid a shainaithin an chúirt sin, i míreanna 52 agus 89 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, cuspóir na mbeart sriantach a eascraíonn as na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid agus as na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid i bhfianaise bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta a bhaineann le bearta sriantacha earnála, seachas bearta sriantacha aonair mar atá sa chás seo. De réir an chúigiú hachomharcóir, is é cuspóir na ngníomhartha atá faoi chonspóid, a mhéid a fhoráiltear leo do bhearta sriantacha aonair bunaithe ar Airteagal 215(2) CFAE, brú a chur ar dhaoine a n-iompar a leasú. Sna himthosca sin, níor cheart critéar (g) a léiriú mar thagairt do gach duine gnó 'tábhachtach', ach amháin do 'phríomhdhaoine gnó' de réir bhunbhrí an fhocail, is é sin le rá, iad siúd atá in ann tionchar a imirt ar Rialtas Chónaidhm na Rúise.

154 Leis an gcéad chuid dá cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P, áitíonn an cúigiú hachomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabal na deimhneachta dlíthiúla trí shainmhíniú róleathan ar an gcoincheap 'tionchar' a ghlacadh, i mír 91 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc. Leis an sainmhíniú sin, a mhéid a bhaineann sé le haon duine gnó mór le rá a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch ar leith, ní chuirtear ar chumas na ndaoine atá faoi smachtbhannaí tuiscint a fháil ar an iompar a bhfuil siad ceaptha a ghlacadh chun brú a chur ar Rialtas Chónaidhm na Rúise agus chun na bearta sriantacha a bhfuil siad faoina réir a bhaint. Dá bhrí sin, ba cheart don Chúirt Ghinearálta an coincheap 'tionchar' a léiriú mar an tionchar atá ag duine gnó ar an rialtas sin chun é a spreagadh chun a ghníomhaíochtaí agus a bheartas i leith na hÚcráine a athrú.

155 Cuireann an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Laitvia agus ón gCoimisiún i gCás C-35/24 P, i gcoinne fhiúntas argóintí an chéad, an dara, an cheathrú agus an chúigiú hachomharcóir.

156 I gCás C-696/23 P, áitíonn an Chomhairle, gan do-ghlacthacht an chéad fhorais achomhairc ar a bhfuil an chéad achomharcóir ag brath mar thaca lena achomharc a phléadáil go foirmiúil, ar an gcéad dul síos, nach léiríonn an t-achomharcóir sin go soiléir, mar thaca leis an gcéad chuid den fhoras achomhairc sin, na míreanna den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc a bhfuil sé ag iarraidh a cháineadh ná na cúiseanna a mheasann sé go bhfuil earráid dlí sna míreanna sin. Ar an dara dul síos, tugann an Chomhairle faoi deara go bhfuil sé neamhghnách, i gcomhthéacs na chéad choda sin, an Chúirt Ghinearálta a cháineadh toisc nár lean sí an cásdlí a d'fhorbair sí sa tríú breithiúnas atá faoi achomharc, a tugadh tar éis an chéad bhreithiúnais atá faoi achomharc. Ar an

tríú dul síos, measann an Chomhairle, trí fhormhór na n-argóintí a chuir sí chun cinn mar thaca leis na trí chuid den chéad foras achomhairc, go bhféachann an chéad achomharcóir leis an gCúirt a spreagadh chun measúnú nua a dhéanamh ar na fíorais, nach bhfuil dlínse ag an gCúirt in achomharc ina leith, ach amháin i gcásanna saobhadh ar na fíorais nár líomhnaíodh sa chás seo.

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais

(1) Inghlacthacht an chéad fhoras achomhairc i gCás C-696/23 P

157 Eascraíonn sé ón dara fomhír d'Airteagal 256(1) CFAE, ón gcéad fhomhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ó Airteagal 168(1)(d) de na Rialacha Nós Imeachta go gcaithfear a chur in iúl go beacht in achomharc na míreanna a ndéantar cáineadh orthu sa bhreithiúnas a n-iarrtar a chur ar neamhní, agus na hargóintí dlíthiúla a lena dtacaítear go sonrach leis sin, nó beidh an t-achomharc nó an foras achomhairc lena mbaineann do-ghlactha agus gur faoin gCúirt atá sé, *ex officio* más gá, a fhíorú an bhfuil an ceanglas sin maidir le cruinneas leordhóthanach (breithiúnas an 13 Márta 2025, *Shuvalov* v *an Chomhairle*, C-271/24 P, EU:C:2025:180, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

158 Thairis sin, ní mór a mheabhrú go leanann sé ó Airteagal 256 CFAE agus ó Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur ar phointí dlí amháin atá an t-achomharc agus go bhfuil dlínse eisiach ag an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, chun na fíorais a chinneadh, seachas i gcás inar léir míchruinneas substainteach a cinntí ó na doiciméid a cuireadh faoina bráid, agus, ar an dara dul síos, chun measúnú a dhéanamh ar na fíorais sin. Ní hionann an measúnú sin, ach amháin i gcás inar saobhadh an fhianaise a tugadh os comhair na Cúirte Ginearálta, agus ceist dlí atá, mar sin, faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais. I gcás ina bhfuil na fíorais suite nó measúnaithe ag an gCúirt Ghinearálta, tá dlínse aici, faoi Airteagal 256 CFAE, athbhreithniú a dhéanamh ar aicmiú dlíthiúil na bhfíoras sin agus ar na conclúidí dlíthiúla a bhain an Chúirt Ghinearálta astu (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Márta 2021, *Deutsche Telekom* v *an Coimisiún*, C-152/19 P, EU:C:2021:238, mír 110, agus an 26 Meán Fómhair 2024, *JCDecaux Street Furniture Belgium* v *an Coimisiún*, C-710/22 P, EU:C:2024:787, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

159 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, murab ionann agus an méid a mhaíonn an Chomhairle, gur luaigh an chéad achomharcóir, i gcomhthéacs na chéad choda dá chéad fhoras achomhairc, na míreanna sonracha den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc a raibh sé beartaithe aige a cháineadh, eadhon míreanna 45, 51 agus 63 de, agus gur mhínigh sé leis an tsoiléireacht agus leis an mbeachtas is gá nach dtacódh léiriú litriúil, comhthéacsúil agus teileolaíoch ar an gcritéar sin le raon feidhme an choincheapa 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g), mar is léir freisin ó na forais ar a bhfuil an Chúirt Ghinearálta ag brath sa dara agus sa tríú breithiúnas atá faoi achomharc.

160 Ar an dara dul síos, is fíor, i míreanna 45 go 51, 63 agus 65 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, dá dtagraítear sna trí chuid den chéad foras achomhairc, gur scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta faoi seach, ar an gcéad dul síos, an raibh bunús leis an bhforas ar a raibh an Chomhairle ag brath chun bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne an chéad achomharcóra faoi chritéar (g) i ndáiríre, ar an dara dul síos, an ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe trí mhainneachtain a chur san áireamh, chun críocha an t-achomharcóir sin a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó', ábhar fíorais, eadhon aistriú líomhnaithe a scaireanna cúpla lá roimh dháta glactha an chinnidh agus an rialacháin atá faoi chonspóid agus, ar an tríú dul síos, an raibh sé

riachtanach a chur san áireamh, chun an t-achomharcóir sin a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó', ábhar fíorais eile, eadhon an easpa rialaithe líomhnaithe a d'fheidhmigh an t-achomharcóir sin ar an gcuideachta agus ar an ngrúpa ina raibh sé fós ag feidhmiú ar an dáta sin.

161 É sin ráite, ba cheart a thabhairt faoi deara, go háirithe i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais dá dtagraítear i mír 158 den bhreithiúnas seo, nach bhféachann an chéad achomharcóir, leis na trí chuid dá chéad fhoras achomhairc, le cinneadh agus measúnú na bhfíoras a rinne an Chúirt Ghinearálta i míreanna 45 go 51 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc a thabhairt faoi cheist, ós rud é, thairis sin, nach ndearna an chúirt sin cinneadh ná measúnú den sórt sin i míreanna 63 agus 65 den bhreithiúnas sin. Os a choinne sin, measann sí, go bunúsach, i míreanna 51, 63 agus 65 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart go bhféadfaí é a aicmiú go dlisteanach mar 'phríomhdhuine gnó', de réir bhrí chritéar (g), i bhfianaise na bhfeidhmeanna a bhí aige laistigh de TMK agus grúpa Sinara amháin, gan beann ar cé acu ar aistrigh sé a scaireanna sa chuideachta nó sa ghrúpa sin nó ar fheidhmigh sé rialú orthu fós ar dháta glactha an chinnidh agus an rialacháin atá faoi chonspóid. Measann an chéad achomharcóir, le réasúnaíocht den sórt sin, gur ghlac an Chúirt Ghinearálta brí eacnamaíoch amháin leis an gcoincheap 'tionchar', cé, mar a d'áitigh sé ina iarratas ag an gcéad chéim, go dtugann an coincheap sin le tuiscint tábhacht nó tionchar i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise.

162 Dá bhrí sin, baineann cáineadh an chéad achomharcóra le haicmiú dlíthiúil na bhfíoras ag an gCúirt Ghinearálta mar fhianaise lena dtugtar údar le cur i bhfeidhm na mbeart sriantach a glacadh ina choinne (féach, de réir analaí, breithiúnas an 15 Samhain 2012, *an Chomhairle* v *Bamba*, C-417/11 P, EU:C:2012:718, mír 60), a thagann, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 158 den bhreithiúnas seo, faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais. A mhéid a bhaineann na gearáin sin freisin leis an léiriú a ghlac an Chúirt Ghinearálta go hintuigthe, sa chomhthéacs sin, ar an gcoincheap 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g), ba cheart a mheabhrú gur ceist dlí í an cheist ar bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as foráil de ghníomh de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs achomhairc. (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Samhain 2000, *Sarrió* v *an Coimisiún*, C-291/98 P, EU:C:2000:631, mír 35).

163 Ar an tríú dul síos, i gcás, in achomharc, ina gcáineann achomharcóir an Chúirt Ghinearálta toisc nár ghlac sí, sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, an léiriú céanna ar fhoráil de ghníomh de chuid an Aontais agus a ghlac sí i mbreithiúnas eile a tugadh an lá céanna nó fiú i mbreithiúnas ina dhiaidh sin, ní féidir a dhearbhú go bhfuil gearán den sórt sin do-ghlactha. Murach sin, bhainfí an fhéidearthacht go míchuí den achomharcóir sin contrárthacht nó neamhréireacht a d'fhéadfadh a bheith ann i léiriú forála den sórt sin ag an gCúirt Ghinearálta a shainaithint, cé gur ceist dlí a thagann faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais í an cheist an ndearna an chúirt sin léiriú ceart agus aonfhoirmeach ar dhlí an Aontais i bhfianaise a cásdlí féin (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2018, *Philips agus Philips France* v *an Coimisiún*, C-98/17 P, EU:C:2018:774, míreanna 82 go 85).

164 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go bhfuil an chéad fhoras achomhairc ar a bhfuil an chéad achomharcóir ag brath mar thaca lena achomharc i gCás C-696/23 P inghlactha ina hiomláine.

(2) Substaint an cháis

(i) An chéad fhoras achomhairc i gCás C-696/23, an tríú cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P agus an ceathrú cuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-35/24 P

165 A mhéid a bhaineann siad lena chéile, déanfar argóintí an chéad, an dara agus an cheathrú hachomharcóir a scrúdú le chéile thíos, agus déanfar na hargóintí a bhaineann go sonrach le gach ceann de na hachomharcóirí sin a scrúdú ar leithligh, i gcás inarb iomchuí.

166 Ar an gcéad dul síos, ní mór a mheas go ndéanann an chéad achomharcóir an dara agus an tríú breithiúnas atá faoi achomharc a mhíléamh, díreach mar a dhéanann an dara hachomharcóir an dara breithiúnas atá faoi achomharc a mhíléamh agus go ndéanann an ceathrú hachomharcóir an ceathrú breithiúnas atá faoi achomharc a mhíléamh. Níor mheas an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 79 go 81 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, ná i míreanna 66 agus 68 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, ná i mír 54 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, nach mór nasc pearsanta a bheith ag 'príomhdhaoine gnó', de réir bhrí chritéar (g), le Rialtas Chónaidhm na Rúise, sa mhéid nach mór dóibh a bheith tábhachtach go nithiúil don rialtas sin nó a bheith in ann tionchar suntasach nó brú suntasach a chur air, agus níor ghlac an Chúirt Ghinearálta leis a leithéid.

167 Ar an gcéad dul síos, i mír 79 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, dá dtagraíonn an chéad achomharcóir agus an dara hachomharcóir araon, i mír 66 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, dá dtagraíonn an chéad achomharcóir, agus i mír 54 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, dá dtagraíonn an ceathrú hachomharcóir, chinn an Chúirt Ghinearálta nár foráladh le critéar (g) ach do nasc idir, ar thaobh amháin, Rialtas Chónaidhm na Rúise agus, ar an taobh eile, ní príomhdhaoine gnó, ach earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim don rialtas sin. Ina theannta sin, mheas an Chúirt Ghinearálta nach raibh sé d'aidhm ag an gcritéar sin ach leas a bhaint as an tionchar 'a d'fhéadfadh' a bheith ag an gcatagóir daoine a chomhdhéanann na daoine gnó sin ar réimeas na Rúise trí 'bhrú' a chur ar na daoine sin brú a chur ar an rialtas sin a bheartas a athrú, agus léirigh an fhoclaíocht sin go soiléir nár chinn an Chúirt Ghinearálta nach mór nasc pearsanta a bheith ag príomhdhaoine gnó leis an rialtas sin nó nach mór dóibh a bheith in ann brú a chur air i ndáiríre.

168 Ina dhiaidh sin, i mír 80 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, dá dtagraíonn an chéad achomharcóir, chinn an Chúirt Ghinearálta gur áiríodh leis an gcoincheap 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g), an tábhacht a d'fhéadfadh a bheith ag daoine gnó i dtéarmaí eacnamaíocha i bhfianaise, de réir mar a bheidh, a stádais gairme, thábhacht a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, mhéid a sealúchas caipitil nó a bhfeidhmeanna laistigh de cheann amháin nó níos mó de na cuideachtaí ina saothraíonn siad na gníomhaíochtaí sin, gan beann ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine gnó sin le Rialtas Chónaidhm na Rúise.

169 Ar deireadh, i mír 81 den dara breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 68 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, dá dtagraíonn an chéad achomharcóir, chinn an Chúirt Ghinearálta gur thacaigh cuspóir na mbeart sriantach atá i gceist le léiriú den sórt sin ar an gcoincheap sin, gan aird a thabhairt ar aon chineál naisc a d'fhéadfadh a bheith ag daoine gnó leis an rialtas sin, eadhon brú a chur ar an rialtas sin agus costais ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine a mhéadú.

170 Dá bhrí sin, ní mór a mheas nár chuir an Chúirt Ghinearálta aon toimhde i bhfeidhm i ndáil leis an gcáil sin, agus nár aisiompaigh sí an dualgas cruthúnais. Mar an gcéanna, níor mheas an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 79 go 81 den dara breithiúnas atá faoi achomharc nó i míreanna 66 agus 68 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, nach mór nasc pearsanta a bheith ag 'príomhdhaoine gnó', de réir bhrí chritéar (g), le Rialtas Chónaidhm na Rúise, sa mhéid nach mór dóibh a bheith tábhachtach go nithiúil don rialtas sin nó a bheith in ann fíorthionchar a chur air. Ar na cúiseanna sin, ní mór diúltú do phléadálacha an dara agus an cheathrú hachomharcóir.

171 É sin ráite, ní mór a fhíorú, ar an dara dul síos, cibé cúinsí arna leagan amach ag an gCúirt Ghinearálta sa dara agus sa tríú breithiúnas atá faoi achomharc, ar thuig an Chúirt Ghinearálta i gceart, sa chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, an coincheap 'tionchar', de réir bhrí an chritéir sin, a mhéid a chinn sí, go bunúsach, i míreanna 51, 63 agus 65 den bhreithiúnas sin, nach bhféadfaí duine amhail an chéad achomharcóir a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó' ach amháin i bhfianaise na bhfeidhmeanna atá aige i ngeilleagar na Rúise, gan beann ar nasc a bheith ann idir é féin agus Rialtas Chónaidhm na Rúise.

172 Sa chomhthéacs sin, ní mór a fhíorú, i gcomhréir leis na rialacha maidir le léiriú fhorálacha dhlí an Aontais dá dtagraítear i míreanna 99 agus 100 den bhreithiúnas seo, an bhfuil an léiriú ar an gcoincheap 'tionchar' arna ghlacadh amhlaidh ag an gCúirt Ghinearálta sa chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc curtha ó bhail mar gheall ar earráid dlí.

173 Maidir leis an téarma 'príomh', is cosúil go n-úsáidtear sna leaganacha teanga go léir de chritéar (g) téarmaí a bhfuil a mbrí inchomparáide, a mhéid is go léiríonn siad an smaoineamh nach mór don duine gnó a bheith mór le rá, príomha nó iomráiteach. Foráiltear leis na leaganacha sin nach mór daoine gnó a bheith 'céimiúil' ('*видни*' sa Bhulgáiris), 'mór le rá' ('*principales*' sa Spáinnis agus '*importanți*' sa Rómáinis), 'príomha' ('*předních*' sa tSeicis, '*fremtrædende*' sa Danmhairgis, '*führende*' sa Ghearmáinis, '*leading*' sa Bhéarla, '*príomhdhaoine*' sa Ghaeilge, '*vodeće*' sa Chróitis, '*vezető*' san Ungáiris, '*vooraanstaande*' san Ollainnis, '*wiodących*' sa Pholainnis, '*propredných*' sa tSlóvaicis, '*johtavat*' san Fhionlainnis agus '*ledande*' sa tSualainnis), 'iomráiteach' ('*juhtivad*' san Eastóinis, '*εέχοντε*' sa Ghréigis, '*di spicco*' san Iodáilis agus '*proeminentes*' sa Phortaingéilis), 'cumhachtach' ('*influents*' sa Fhraincis chomh maith le '*ietekmīgi*' sa Laitvis agus '*įtakingi*' sa Liotuáinis), 'príomh-' ('*ewlenin*' sa Mháltais) nó 'ceannasach' ('*vodilne*' sa tSlóivéinis).

174 Thairis sin, ní thugtar le tuiscint ar bhealach ar bith leis na téarmaí a úsáidtear sna leaganacha teanga éagsúla, iontu féin agus gan aon chomhthéacs, nasc le haon réimse, amhail réimsí eacnamaíocha nó polaitiúla, nó le daoine nó eintitis shonracha, amhail rialtas Stáit.

175 Dá bhrí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 32 dá Tuairim i gCás C-696/23 P, leis an aidiacht 'ceannasach', in éagmais aon fhianaise, i bhfoclaíocht chritéar (g), ar dá réir ba cheart tionchar a fheidhmiú ar Rialtas Chónaidhm na Rúise nó ar bhonn níos leithne i gcomhthéacs polaitiúil, déantar tagairt don tábhacht nach mór don duine gnó lena mbaineann a bheith aige ina earnáil gníomhaíochta, gan beann ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith ag an duine sin freisin, de réir mar a bheidh, leis an rialtas sin.

176 Is fíor go dtagraíonn critéar (g) don rialtas sin, ionas go bhféadfaí a mheas go bhfuil coincheap an tionchair mar chuid de chomhthéacs polaitiúil freisin. Mar sin féin, mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta i míreanna 79 go 81 den dara breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 66 agus 68 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, dá dtagraíonn an chéad achomharcóir, bunaítear leis an gcritéar sin nasc idir, ar thaobh amháin, an rialtas sin agus, ar an taobh eile, ní príomhdhaoine gnó, ach na hearnálacha eacnamaíocha ina bhfuil na daoine gnó sin gníomhach.

Mar a chuirtear in iúl i mír 125 den bhreithiúnas seo, ní mór critéar (g) a léiriú sa chaoi gurb iad na hearnálacha eacnamaíocha seachas príomhdhaoine gnó nach mór foinse shuntasach ioncaim a sholáthar do Rialtas Chónaidhm na Rúise.

177 Dá bhrí sin, leanann sé ó fhoclaíocht chritéar (g) nach bhfuil i gceist leis an gcritéar sin ach a léiriú go bhfuil tábhacht shuntasach ag baint le daoine gnó in earnáil eacnamaíoch bhrabúsach do Rialtas Chónaidhm na Rúise, gan beann ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine sin leis an rialtas sin, ar a dtábhacht nithiúil dó nó ar a gcumas éifeachtach tionchar a imirt air.

178 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, mar a thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara i mír 80 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, dá dtagraíonn an chéad achomharcóir, nach féidir an coincheap 'tionchar' daoine gnó san earnáil eacnamaíoch ina ndéanann siad a ngníomhaíocht a thuiscint ach amháin i bhfianaise an chomhthéacs eacnamaíoch ina n-oibríonn siad, de réir critéir amhail a stádas gairmiúil nó a ndualgais ghairmiúla, tábhacht a ngníomhaíochta eacnamaíche, méid a sealúchas caipitil nó a n-infheistíochtaí, a bhfeidhmeanna laistigh den ghnóthas ina ndéanann siad na feidhmeanna sin nó aon chritéar eacnamaíoch ábhartha eile.

179 Neartaíonn na cuspóirí a shaothraítear le critéar (g) leis an léiriú sin. I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i mír 90 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc agus mar a tugadh chun cuimhne i mír 121 den bhreithiúnas seo, gurb é atá i gceist leis na cuspóirí sin brú breise a chur ar Chónaidhm na Rúise agus na costais a bhaineann lena gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú, ionas go gcuirfidh Cónaidhm na Rúise deireadh lena fogha míleata i gcoinne na hÚcráine agus, ar bhonn níos ginearálta, lena gníomhaíochtaí agus lena beartais lena ndéantar an tír sin a dhíchobhsú.

180 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 44 dá Tuairim i gCás C-696/23 P, is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach trí dhíriú, trí bhíthin bearta sriantacha, ar dhaoine gnó a rannchuidíonn, toisc go bhfuil tábhacht shuntasach ag baint leo in earnáil eacnamaíoch bhrabúsach do Rialtas Chónaidhm na Rúise, leis an ioncam a fhaigheann an rialtas sin ón earnáil chéanna, agus, dá bhrí sin, le maoiniú na ngníomhaíochtaí a dhéanann an tríú tír sin i gcoinne na hÚcráine, i gcomhthéacs geilleagar atá athraithe nó ar dócha go ndéanfar é a athrú ina gheilleagar cogaidh. Trí bhac a chur ar fheidhmiú na n-earnálacha eacnamaíocha lena mbaineann, d'fhéadfadh forchur beart sriantach ar dhaoine gnó den sórt sin, gan beann ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith acu, de réir mar a bheidh, leis an rialtas sin, costas na ngníomhaíochtaí sin a mhéadú agus brú a chur ar an rialtas sin deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí sin.

181 Dá bhrí sin, is léir ó mhíreanna 173 go 180 den bhreithiúnas seo nach mór an coincheap 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g), a thuiscint mar thagairt do dhaoine gnó a bhfuil tábhacht shuntasach acu in earnálacha eacnamaíocha brabúsacha do Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus mar thoradh air sin go bhfuil siad in ann maoiniú na ngníomhaíochtaí díchobhsaithe a dhéanann an rialtas sin i gcoinne na hÚcráine a chur chun cinn go hindíreach trí rannchuidiú le brabúsacht na n-earnálacha sin a choinneáil nó fiú lena rathúnas.

182 Sna himthosca sin, ní mór diúltú d'argóint an chéad achomharcóra gur bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as an gcoincheap 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g), i míreanna 51, 63 agus 65 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus í ag cinneadh go bhféadfaí é a aicmiú go bailí mar phríomhdhuine gnó i bhfianaise na bhfeidhmeanna a bhí aige laistigh de TMK agus grúpa Sinara, beag beann ar aon nasc le Rialtas Chónaidhm na Rúise.

183 Ar an tríú dul síos, maidir le hargóintí an chéad achomharcóra go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sí, i míreanna 63 agus 65 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach raibh cailleadh a chumhachta rialaithe ar TMK agus ar ghrúpa Sinara tar éis aistriú a scaireanna ina thoisc ábhartha le cur san áireamh chun critéar (g) a léiriú agus a chur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, chun é a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó', de réir bhrí an chritéir sin, ní mór diúltú dóibh ar na cúiseanna seo a leanas.

184 Is léir ó mhír 181 den bhreithiúnas seo nach bhfuil an coincheap 'tionchar' na ndaoine gnó dá dtagraítear i gcritéar (g) teoranta do dhaoine gnó a fheidhmíonn, de bhua a bpost laistigh de chuideachta nó de bhua na scaireanna atá acu, fíor-rialú éifeachtach ar an gcuideachta sin. Cumhdaítear leis an gcoincheap sin, mar is léir freisin ó mhíreanna 47 go 51 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc agus ó mhír 178 den bhreithiúnas seo, iad siúd, mar gheall, go háirithe, ar thábhacht a stádais agus a bhfeidhmeanna agus ar thábhacht eacnamaíoch na cuideachta dá ndéanann siad gníomhaíocht, a bhfuil tábhacht shuntasach ag baint leo san earnáil eacnamaíoch ina ndéanann siad a ngníomhaíocht. Cé gur féidir, in imthosca áirithe, tábhacht den sórt sin a shuíomh i bhfianaise, go háirithe, an rialaithe a fheidhmíonn duine gnó ar an gcuideachta ina ndéanann sé gnó, féadfar é a shuíomh freisin i bhfianaise tosca oibiachtúla eile, amhail iad siúd a luaitear thuas.

185 Is léir, go bunúsach, ó na cinntí agus na measúnuithe fíorais a rinne an Chúirt Ghinearálta i míreanna 47 go 51 agus 62 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár cháin an chéad achomharcóir ina achomharc, go raibh stádas agus feidhmeanna aige a thug, i bhfianaise thábhacht eacnamaíoch TMK agus grúpa Sinara freisin, tábhacht shuntasach dó, go dtí dáta glactha an chinnidh agus an rialacháin atá faoi chonspóid, san earnáil gníomhaíochta inar oibrigh sé, is é sin le rá, 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g). Sna himthosca sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, go bunúsach, i míreanna 63 agus 65 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár ghá a shuíomh, chun críocha an chéad achomharcóir a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó', an raibh fíor-rialú éifeachtach fós á fheidhmiú ag an achomharcóir sin, go dtí an dáta sin, ar an gcuideachta sin agus ar an ngrúpa sin.

186 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don chéad foras achomhairc i gCás C-696/23, don tríú cuid den chéad foras achomhairc i gCás C-704/23 P agus don cheathrú cuid den chéad foras achomhairc i gCás C-35/24 P.

(ii) An chéad ghearán agus an dara gearán den chéad chuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 agus an dara foras achomhairc agus an chéad chuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P

187 Ar an gcéad dul síos, i gcomhthéacs an chéad ghearáin den chéad chuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P agus an chéad chuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P, áitíonn an dara hachomharcóir agus an cúigiú hachomharcóir, trí shainmhíniú róleathan a thabhairt ar an gcoincheap 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g), a tugadh i mír 80 den dara breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 91 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

188 I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí socair, faoi phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, ar an gcéad dul síos, nach mór go mbeadh rialacha dlí soiléir agus beacht agus, ar an dara dul síos, go mbeadh a gcur i bhfeidhm intuartha ag na daoine atá faoina réir, go háirithe i gcás ina bhféadfadh iarmhairtí díobhálacha a bheith acu. Go háirithe, ceanglaítear leis an bprionsabal sin go gcuirfear ar chumas na ndaoine lena mbaineann leis an reachtaíocht sin eolas beacht a bheith acu ar mhéid

na n-oibleagáidí a fhorchuirtear orthu, agus go mbeidh na daoine sin in ann a fháil amach go soiléir cad iad a gcearta agus a n-oibleagáidí agus bearta a dhéanamh dá réir sin. Mar sin féin, ní féidir a thuiscint go gceanglaítear leis na ceanglais sin nach féidir le reachtóir an Aontais, i ndáil le riail a ghlacann sé, coincheap dlí teibí a úsáid, nó go luaitear i riail i gcónaí na cásanna sonracha éagsúla ina bhféadfadh feidhm a bheith aici, ós rud é nach féidir leis an reachtóir, nó le Cúirteanna an Aontais agus an riail sin á léiriú acu, na cásanna sin ar fad a chinneadh roimh ré (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2024, *an Liotuáin agus páirtithe eile* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle (Pacáiste soghluaisteachta)*, C-541/20 go C-555/20, EU:C:2024:818, míreanna 158 agus 159 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 1 Lúnasa 2025, *Timchenko* v *an Chomhairle*, C-703/23 P, EU:C:2025:608, mír 33.

189 Thairis sin, ní féidir prionsabal na deimhneachta dlíthiúla a shárú ar an bhforas amháin nach mór do Chúirteanna an Aontais Eorpaigh leas a bhaint as modhanna léirithe seachas léiriú litriúil ar riail a bhfuil feidhm ghinearálta aici (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *Irish Ferries*, C-570/19 P, EU:C:2021:664, mír 167).

190 Ba cheart a mheabhrú, i mír 91 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh daoine gnó ina ‘bpríomhdhaoine gnó’, de réir bhrí chritéar (g), mar gheall ar a dtábhacht san earnáil ina n-oibríonn siad agus tábhacht na hearnála sin do gheilleagar na Rúise. Sa mhír sin agus i mír 80 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, shonraigh an Chúirt Ghinearálta gur áiríodh leis an gcoincheap ‘tionchar’, de réir bhrí chritéar (g), an tábhacht a d’fhéadfadh a bheith ag daoine gnó i bhfianaise, de réir mar a bheidh, a stádais gairme, thábhacht a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, mhéid a sealúchas caipitil nó a bhfeidhmeanna laistigh de cheann amháin nó níos mó de na cuideachtaí ina saothraíonn siad na gníomhaíochtaí sin.

191 Agus an rialú sin á dhéanamh aici, chuaigh an Chúirt Ghinearálta i ngleic leis an gcoincheap ‘tionchar’ sa chiall eacnamaíoch agus chuir sí critéir atá soiléir agus beacht go leor ar fáil lena chur i bhfeidhm, cé nár ghá na cásanna ina bhféadfadh feidhm a bheith ag an gcoincheap sin a lua go mion toisc, mar is léir freisin ó mhír 184 den bhreithiúnas seo, go mbraitheann an chaoi a dtuigtear an tábhacht nó an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag duine gnó san earnáil eacnamaíoch lena mbaineann den chuid is mó ar chomhthéacs agus ar imthosca an cháis (féach, de réir analaí, breithiúnas an 1 Lúnasa 2025, *Timchenko* v *an Chomhairle*, C-703/23 P, EU:C:2025:608, mír 34).

192 Thairis sin, ós rud é go raibh an Chúirt Ghinearálta in ann a chinneadh, mar is léir ó mhír 178 den bhreithiúnas seo, gan earráid dlí a dhéanamh, i mír 91 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, go leanann sé ón gcoincheap ‘tionchar’ go gcumhdaítear leis cásanna ina bhfuil tábhacht ag baint le duine gnó san earnáil eacnamaíoch lena mbaineann i bhfianaise a stádais ghairmiúil, thábhacht a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, mhéid a shealúchais chaipitil nó a fheidhmeanna laistigh de ghnóthas amháin nó níos mó, ní féidir a mheas nach dtugtar aird i mír 91 ar an gceanglas maidir le hintuarthacht a cheanglaítear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

193 Ar an dara dul síos, lena dhara gearán a bhfuiltear ag brath air chun tacú leis an gcéad chuid dá chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P, áitíonn an dara hachomharcóir, go bunúsach, gur chuir an Chúirt Ghinearálta i bhfeidhm, i míreanna 88 go 90 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, critéir nó tosca nár leag sí amach sa sainmhíniú a thug sí ar an gcoincheap ‘príomhdhuine gnó’ i mír 80 den bhreithiúnas sin, eadhon, faoi seach, tábhacht eacnamaíoch na cuideachta Yandex inar oibrigh an dara hachomharcóir agus cruinniú le hUachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, inar ghlac an t-achomharcóir sin páirt, mar a líomhnaítear, an 24 Feabhra 2022.

194 I ndáil leis sin, is fíor, i mír 80 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, gur shainaithin an Chúirt Ghinearálta ceithre chritéar neamhcharnacha chun a mheas go bhfuil duine gnó ina 'phríomhdhuine gnó', de réir bhrí chritéar (g), agus nach luaitear in aon cheann de na critéir sin tábhacht eacnamaíoch na cuideachta ina ndéanann an duine gnó sin a ghníomhaíocht. Is fíor freisin, i míreanna 88 agus 90 den bhreithiúnas sin, gur chinn an Chúirt Ghinearálta gur chuideachta é Yandex a bhfuil tábhacht eacnamaíoch ag baint léi agus go raibh sí ag brath, *inter alia*, ar an bhfachtóir sin chun a chinneadh go raibh an Chomhairle i dteideal an dara hachomharcóir a aicmiú mar 'phríomhdhuine gnó' de réir bhrí chritéar (g).

195 É sin ráite, mar is léir ó mhíreanna 178 agus 191 den bhreithiúnas seo, féadfar tionchar duine gnó a bhunú trí úsáid a bhaint as critéir eacnamaíocha éagsúla ag brath ar imthosca an cháis. Dá bhrí sin, is gné ábhartha í tábhacht eacnamaíoch na cuideachta dá ndéanann duine gnó a ghníomhaíocht chun a chinneadh, i gcomhar le tosca eile, an bhfuil an duine gnó sin ina 'phríomhdhuine gnó', de réir bhrí chritéar (g), is é sin le rá, mar a luaitear i mír 181 den bhreithiúnas seo, an bhfuil tábhacht shuntasach aige san earnáil eacnamaíoch lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus an toisc sin á cur san áireamh i míreanna 87 go 90 den bhreithiúnas sin.

196 Maidir leis an bhfíoras go raibh an Chúirt Ghinearálta, i mír 89 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, ag brath ar fhíoras nach dtagann faoi na critéir a luaitear sa sainmhíniú ar an gcoincheap 'tionchar' a thugtar i mír 80 den bhreithiúnas sin, eadhon rannpháirtíocht an dara hachomharcóir i gcruinniú arna eagrú ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin an 24 Feabhra 2022, is leor a thabhairt faoi deara, i mír 89, nár chinn an Chúirt Ghinearálta ach go raibh an t-ábhar sin 'comhthacaithe' le tionchar an dara hachomharcóir, de réir bhrí chritéar (g). Mar is léir ó mhír 188 den bhreithiúnas seo, ní féidir leis an sainmhíniú ginearálta ar choincheap, amhail an sainmhíniú a thug an Chúirt Ghinearálta i mír 80 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, na cásanna sonracha éagsúla ina bhféadfadh feidhm a bheith ag an gcoincheap sin a lua, ach is lú fós na gnéithe fíorasacha lena bhféadfar bunús a thabhairt nó a dheimhniú go dtagann cás sonrach faoin gcoincheap sin.

197 Thairis sin, agus cruinniú an 24 Feabhra 2022 á chur san áireamh, ní mór a thuiscint nach gciallaíonn sé go bhfuil tionchar ag an achomharcóir mar gheall ar na naisc atá aige le Rialtas Chónaidhm na Rúise nó lena Uachtarán, ach go gciallaíonn sé go ndeimhnítear a thábhacht shuntasach san earnáil eacnamaíoch ina n-oibríonn sé toisc go bhfuil sé ar cheann de na holagarcaí ar tugadh cuireadh dó páirt a ghlacadh sa chruinniú sin.

198 Ar an tríú dul síos, lena dhara foras achomhairc i gCás C-111/24 P, cáineann an cúigiú hachomharcóir, go bunúsach, nach ndearna an Chúirt Ghinearálta, i mír 92 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, anailís chomparáideach ar an téarma 'príomhdhuine gnó' sna leaganacha teanga éagsúla de chritéar (g) agus, i mír 89 den bhreithiúnas sin, arna léamh i gcomhar le mír 52 de, gur bhunaigh sí a hanailís theileolaíoch ar an gcoincheap sin ar chuspóirí nach mbaineann le bearta sriantacha aonair ach le bearta sriantacha earnála arna nglacadh ag an Aontas i ndáil le gníomhaíochtaí chun an Úcráin a dhíchobhsú ag Cónaidhm na Rúise.

199 Maidir leis an gcéad cheann den dá ghearán sin, déanann an cúigiú hachomharcóir mír 92 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc a mhíléamh. Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, fiú dá mbeadh éagothromaíocht idir na leaganacha teanga éagsúla den téarma 'príomhdhuine gnó' i bhfoclaíocht an chritéir sin, gur ghá, i gcomhréir leis an gcásdlí dá

dtagraítear sa mhír sin agus dá dtagraítear i mír 100 den bhreithiúnas seo, an critéar sin a léiriú trí thagairt a dhéanamh do scéim ghinearálta agus do chuspóir na rialacha ar cuid díobh é, a rinne sí go sonrach i míreanna 88 go 91 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc.

200 In aon chás, ba cheart a mheabhrú nach bhfuil na 24 leagan teanga den téarma 'príomhdhuine gnó' éagsúil óna chéile a mhéid a d'fhéadfaidís a bheith oiriúnach do léamh aonfhoirmeach, mar is léir ó mhíreanna 173 agus 174 den bhreithiúnas seo.

201 Maidir leis an dara gearán dá dtagraítear i mír 198 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheabhrú, mar is léir ó mhíreanna 118 agus 121 den bhreithiúnas seo agus mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta i míreanna 52 agus 89 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, go raibh sé mar chuspóir ag gníomhartha an Aontais a bhaineann le bearta sriantacha arna nglacadh i gcomhthéacs na staide san Úcráin ó 2014 i leith, trí bhearta sriantacha earnála agus, mar atá sa chás seo, trí bhearta sriantacha aonair, brú a chur ar Chónaidhm na Rúise agus costais a gníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú, ionas go gcuirfeadh Cónaidhm na Rúise deireadh lena gníomhaíochtaí agus lena beartais lena ndéantar an Úcráin a dhíchobhsú agus, ó 2022 i leith, leis an ionsaí i gcoinne na tíre sin. Dá bhrí sin, rinne an Chúirt Ghinearálta an anailís theileolaíoch a leagtar amach i míreanna 88 agus 89 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc trí na cuspóirí a shaothraítear leis na bearta sriantacha a eascraíonn as na gníomhartha tosaigh atá faoi chonspóid agus as na chéad ghníomhartha coimeádta atá faoi chonspóid a shainaithint i gceart.

202 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don chéad agus don dara gearán don chéad chuid den chéad fhoras achomhairc i gCás C-704/23 P agus don dara foras achomhairc agus don chéad chuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P.

B. Na forais achomhairc lena n-éilítear gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabal na comhréireachta agus Airteagal 52(1) den Chairt agus an dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P

203 Tugtar le chéile sa roinn seo, sa bhreis ar an dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P, na forais achomhairc ina líomhnaítear earráidí dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta i ndáil le prionsabal na comhréireachta agus na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 52(1) den Chairt, eadhon an tríú agus an ceathrú foras achomhairc i gCás C-696/23 P agus an tríú foras achomhairc agus an dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-704/23 P.

1. An tríú foras achomhairc i gCás C-696/23 P, lena n-éilítear sárú ar an gcéad abairt d'Airteagal 52(1) den Chairt

(a) Argóintí na bpáirtithe

204 Lena thríú foras achomhairc i gCás C-696/23 P, áitíonn an chéad achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i mír 80 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus í ag cinneadh, go bunúsach, go ndearnadh 'foráil le dlí' don teorannú ar fheidhmiú a chearta bunúsacha leis na bearta sriantacha a bhfuil sé faoina réir, de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 52(1) den Chairt. Theip ar an gcúirt sin, contrártha le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, a fhíorú an leagtar síos leis an gcinneadh agus leis an rialachán atá faoi chonspóid lena leagtar síos na bearta sin rialacha soiléire agus beachta lena rialaítear raon feidhme an chur isteach ar chearta

bunúsacha an chéad achomharcóra a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 17 den Chairt, eadhon an ceart go n-urramófaí a shaol príobháideach agus an ceart chun maoine. Mar sin féin, ní hamhlaidh an cás anseo. Go háirithe, níl critéar (g) soiléir ná beacht agus tá sé bunaithe ar théarmaí débhríocha nach gcomhlíonann ceanglas na hintuarthachta agus nach dtugann ráthaíochtaí leordhóthanacha i gcoinne úsáid threallach a lánrogha ag an gComhairle.

205 Cuireann an Chomhairle i gcoinne thuillteanas na n-argóintí a rinne an chéad achomharcóir.

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais

206 Ní mór a mheabhrú nach cearta iomlána iad an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, an saol cónaithe agus cumarsáidí a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt agus an ceart chun maoine dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Chairt agus go bhféadfadh a bhfeidhmiú a bheith faoi réir srianta a bhfuil údar leo de bharr cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú ag an Aontas, ar choinníoll go bhfreagraíonn na srianta sin do chuspóirí leasa ghinearálta agus nach ionann iad, i ndáil leis an aidhm atá á saothrú, agus cur isteach díréireach agus dofhulaingthe, rud a chuireann isteach ar shubstaint na gceart a ráthaítear (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 148, agus an 21 Márta 2024, *Landeshauptstadt Wiesbaden*, C-61/22 P, EU:C:2024:251, mír 75).

207 Sa chomhthéacs sin, foráiltear leis an gcéad abairt d'Airteagal 52(1) den Chairt go bhféadfar teorainneacha a fhorchur ar na cearta sin, ar choinníoll go bhforáiltear dóibh le dlí agus go n-urramaíonn siad éirim na gceart sin.

208 I ndáil leis sin, ní mór a choinneáil i gcuimhne, maidir leis an gceanglas nach mór foráil a dhéanamh le dlí maidir le haon teorannú den chineál sin (prionsabal na dlíthiúlachta), tugtar le tuiscint leis nach mór don ghníomh lena gceadaítear cur isteach ar na cearta sin raon feidhme an teorannaithe ar fheidhmiú an chirt lena mbaineann a shainiú é féin, agus é ráite, ar an gcéad dul síos, nach gcoisctear leis an gceanglas sin an srian atá i gceist a fhoirmliú i dtéarmaí atá sách oscailte chun oiriúnú do chásanna éagsúla agus d'athruithe i gcásanna, agus, ar an dara dul síos, go bhféadfaidh an Chúirt, i gcás inarb iomchuí, raon feidhme sonrach an teorannaithe a shainiú, trí léiriú, i bhfianaise théarmaí iarbhír reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i gceist agus a scéime ginearálta agus na gcuspóirí a shaothraíonn sí, mar a léirítear í i bhfianaise na gceart bunúsach a ráthaítear leis an gCairt (breithiúnas an 21 Márta 2024, *Landeshauptstadt Wiesbaden*, C-61/22, EU:C:2024:251, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).

209 Sa chás seo, is fíor, i mír 80 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach ndearna an Chúirt Ghinearálta ach a thabhairt faoi deara, agus scrúdú á dhéanamh aici ar phrionsabal na dlíthiúlachta, gur leagadh amach na bearta sriantacha atá i gceist leis na gníomhartha atá faoi chonspóid don chéad achomharcóir i ngníomhartha a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a bhfuil bunús dlí soiléir acu i ndlí an Aontais. Agus an méid sin á dhéanamh aici, níor scrúdaigh sí, sa mhír sin, an cheist ar shainigh na gníomhartha lena gceadaítear cur isteach ar chearta bunúsacha an chéad achomharcóra raon feidhme an teorannaithe ar fheidhmiú na gceart sin de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo. Sa mhéid sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí.

210 Mar sin féin, i gcomhréir le cásdlí socair, má nochtann forais chinnidh ón gCúirt Ghinearálta sárú ar dhlí an Aontais, ach is cosúil go bhfuil bunús maith leis an gcuid oibríochtúil den chinneadh sin bunaithe ar fhorais dhlíthiúla eile, nach bhfuil mar thoradh ar shárú den sórt sin go ndéanfaí an

cinneadh sin a neamhniú agus ní mór forais eile a chur ina n-ionad (breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Fronta Polisario*, C-778/21 P agus C-798/21 P, EU:C:2024:833, mír 178).

211 I ndáil leis sin, is fíor go gceanglaítear le hAirteagal 52(1) den Chairt nach mór foráil le dlí a dhéanamh d'aon teorannú ar fheidhmiú cirt bhunúsaigh a ráthaítear leis an gCairt, rud a chiallaíonn nach mór don bhunús dlí lena gceadaítear cur isteach ar an gceart sin raon feidhme an teorannaithe ar a fheidhmiú a shainiú go soiléir agus go beacht é féin (breithiúnais an 16 Iúil 2020, *Facebook Ireland agus Schrems*, C-311/18, EU:C:2020:559, mír 175, agus an 8 Meán Fómhair 2020, *Recorded Artists Actors Performers*, C-265/19, EU:C:2020:677, mír 86).

212 Scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, comhlíonadh an cheanglais sin ina hanailís ar an gcéad foras achomhairc, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus ar chearta bunúsacha.

213 Go háirithe, chinn sí, i míreanna 83, 84 agus 91 go 93 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm agus raon feidhme na dteorainneacha ar fheidhmiú na gceart bunúsach a ráthaítear in Airteagail 7 agus 17 den Chairt sainithe go soiléir agus go beacht le Cinneadh 2014/145 agus Rialachán Uimh. 269/2014 iad féin. Ní fhéadfar bearta sriantacha den sórt sin a fhorchur ach amháin i leith catagóirí daoine agus eintiteas a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagail 1 agus 2 de Chinneadh 2014/145 agus in Airteagal 3 de Rialachán Uimh. 269/2014, a bhfuil critéar (g) mar chuid de. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 1(2), (3) agus (6) de Chinneadh 2014/145 na cásanna ina bhféadfaidh duine tairbhiú de mhaolú ar an mbeart lena dtoirmisctear teacht isteach i gcríoch an Aontais Eorpaigh a bhfuil sé faoina réir agus idirthuras a dhéanamh tríd, agus foráiltear le hAirteagal 2(3) go (5), (7) agus (8) den chinneadh sin agus le hAirteagail 4 go 6b de Rialachán Uimh. 269/2014 do na cásanna ina bhféadfar cistí agus acmhainní eacnamaíocha duine atá reoite a scaoileadh saor.

214 Sna himthosca sin, feictear go bhfuil bunús maith le conclúid na Cúirte Ginearálta, i mír 80 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhforáiltear le dlí do na bearta sriantacha atá sna gníomhartha atá faoi chonspóid don chéad achomharcóir, de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 52(1) den Chairt, i bhfianaise na bhforas a leagtar amach i gcuid eile den bhreithiúnas sin.

215 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don tríú foras achomhairc i gCás C-696/23 P..

2. An ceathrú foras achomhairc i gCás C-696/23 P agus an tríú foras achomhairc i gCás C-704/23 P, lena n-éilítear sárú ar an dara habairt d'Airteagal 52(1) den Chairt, agus an dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-704/23 P, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta

(a) Argóintí na bpáirtithe

216 Tá an ceathrú foras achomhairc i gCás C-696/23 P roinnte ina shé chuid.

217 Leis an gcéad chuid den fhoras achomhairc sin, áitíonn an chéad achomharcóir, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i míreanna 88 agus 90 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh na bearta sriantacha a forchuireadh air iomchuí agus riachtanach chun na cuspóirí atá á saothrú ag an Aontas a bhaint amach. Ar an gcéad dul síos,

maidir le mír 88 den bhreithiúnas sin, ní raibh an tionchar is lú ag na bearta sin ar Chónaidhm na Rúise, agus ní thugann na breithnithe a leagtar amach i mír 88 bunús ach an oiread le comhréireacht na mbeart sin. Go háirithe, áitíonn an chéad achomharcóir go raibh an cheist ar dhíol sé a scaireanna in TMK agus grúpa Sinara, chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na mbeart sriantach chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach, ina fíoras ábhartha ar cheart don Chúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh air i gcomhthéacs na fianaise a cuireadh ar fáil. Ar an dara dul síos, maidir le mír 90 den bhreithiúnas sin, measann an chéad achomharcóir, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta, nach raibh sé in ann bearta nach bhfuil chomh sriantach céanna a mholadh ós rud é go mbeadh bearta den sórt sin chomh mí-oiriúnach céanna chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach.

218 Leis an dara cuid dá cheathrú foras achomhairc, cáineann an chéad achomharcóir an Chúirt Ghinearálta toisc gur chinn sí, i mír 94 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, in ainneoin na fianaise a tugadh ar aird le linn na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, nach raibh bunús leis an argóint go bhfreastalaíonn na bearta sriantacha a bunaíodh leis an gcinneadh agus leis an rialachán atá faoi chonspóid ar leasanna Chónaidhm na Rúise ar deireadh ar an gcaighdeán dlíthiúil is gá.

219 Sa tríú cuid dá cheathrú foras achomhairc, áitíonn an chéad achomharcóir nár thug an Chúirt Ghinearálta aghaidh ar a argóint go bhfuil na bearta sriantacha a forchuireadh air míréasúnta toisc go rannchuidíonn na Ballstáit, trí bhreoslaí iontaise a cheannach, le maoiniú chostas an chogaidh a d'fhógair Cónaidhm na Rúise.

220 Mar thaca leis an gceathrú cuid dá cheathrú foras achomhairc, áitíonn an chéad achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí neamhaird a dhéanamh, i mír 90 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar an bhfíoras nach bhféadfadh sé dul timpeall go hábhartha ar na srianta a forchuireadh, rud a d'fhéadfadh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh dá gcuirfeadh sí na tairiscintí fianaise maidir le haistriú a scaireanna san áireamh.

221 Áitíonn an chéad achomharcóir, leis an gcúigiú agus leis an séú cuid dá cheathrú foras achomhairc, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí thábhacht iomarcach a thabhairt, i míreanna 81, 82 agus 93 agus i míreanna 83, 84, 91 agus 92 faoi seach den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht na mbeart sriantach a bhfuil sé faoina réir, d'athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar na bearta sin agus do na féidearthachtaí chun iarratas a dhéanamh ar údarú chun na cistí a úsáid nó chun cead taistil a fháil ar chúiseanna daonnúla.

222 Mar thaca lena thríú foras achomhairc i gCás C-704/23 P, cáineann an dara hachomharcóir mír 143 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, a mhéid nár fhíoraigh an Chúirt Ghinearálta, murab ionann agus an méid a luaigh sí sa mhír sin, an raibh na bearta sriantacha arna mbunú agus arna gcoinneáil ar bun leis na gníomhartha atá faoi chonspóid iomchuí chun na cuspóirí a shaothraítear leis na gníomhartha sin a bhaint amach. Ní bhaineann léiriú na Cúirte Ginearálta sa mhír sin leis an athbhreithniú ar oiriúnacht na mbeart sriantach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ní féidir leis na bearta sriantacha a fhorchuirtear ar an dara hachomharcóir aon bhrú a chur ar cheannaireacht Chónaidhm na Rúise, difear a dhéanamh dá beartas ná aon tionchar a imirt ar an earnáil eacnamaíoch lena mbaineann.

223 Leis an dara cuid dá cheathrú foras achomhairc sa chás céanna, áitíonn an dara hachomharcóir go bhfuil mír 166 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, a bhaineann le comhréireacht an teorannaithe ar fheidhmiú a cheart bunúsach agus a thagraíonn go háirithe don anailís ar chomhréireacht a rinneadh i mír 143 den bhreithiúnas sin, curtha ó bhail freisin mar gheall ar earráid dlí.

224 Áitíonn an Chomhairle, i gCás C-696/23 P, go bhféachann an chéad achomharcóir, leis an gcéad chuid, leis an dara cuid agus leis an gceathrú cuid dá cheathrú foras achomhairc, le measúnú na Cúirte Ginearálta ar na fíorais a thabhairt faoi cheist, ós rud é nach dtagann athbhreithniú den sórt sin ar na fíorais, in éagmais aon líomhain maidir le saobhadh, faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais i gcomhthéacs achomhairc.

225 Maidir leis an gcuid eile, cuireann an institiúid sin i gcoinne fhiúntas argóintí an chéad achomharcóra agus an dara hachomharcóra.

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais

(1) Inghlacthacht an chéad, dara agus ceathrú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-696/23 P

226 Maidir le hinghlacthacht na chéad choda agus an cheathrú coda den cheathrú foras achomhairc a bhfuiltear ag brath orthu mar thaca leis an achomharc i gCás C-696/23 P, ní mór a mheas, i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais dá dtagraítear i mír 158 den bhreithiúnas seo, nach bhféachann an chéad achomharcóir leis na cinntí agus na measúnuithe fíorasacha a rinne an Chúirt Ghinearálta a thabhairt faoi cheist. Os a choinne sin, déanann sé gearán nár chuir an Chomhairle ábhar fíorais san áireamh, eadhon aistriú a scaireanna in TMK agus grúpa Sinara, chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an chur isteach ar a chearta bunúsacha leis na bearta sriantacha a forchuireadh air agus ar an riosca go rachfaí timpeall ar na bearta sin. Is ionann argóint den sórt sin agus iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais athbhreithniú a dhéanamh ar shárú féideartha ar phrionsabal na comhréireachta agus ar na rialacha maidir leis an dualgas cruthúnais agus glacadh fianaise ag an gCúirt Ghinearálta, a bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais ina leith in achomharc (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2025, *Timchenko* v *an Chomhairle*, C-702/23 P, EU:C:2025:605, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear). Sna himthosca sin, tá an dá chuid sin inghlactha.

227 Os a choinne sin, ní mór a thabhairt faoi deara, leis an dara cuid den cheathrú foras achomhairc a bhfuiltear ag brath air i gCás C-696/23 P, go bhféachann an chéad achomharcóir le measúnú nua a fháil ar an bhfianaise a chuir sé ar fáil mar thaca lena chaingean ag an gcéad chéim chun a léiriú go bhfuil na bearta sriantacha atá i gceist, contrártha leis an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta i mír 94 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, chun tairbhe Rialtas Chónaidhm na Rúise mar gheall ar an bhfilleadh éigeantach ar an tír sin ar roinnt daoine gnó. Ní mór argóint den sórt sin, nach líomhnaítear léi go ndearna an Chúirt Ghinearálta aon saobhadh ar an bhfianaise sin, a dhiúltú mar argóint do-ghlactha, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte dá dtagraítear i bpointe 158 den bhreithiúnas seo.

228 Is léir ón méid sin nach bhfuil ach an chéad agus an ceathrú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-696/23 P inghlactha.

(2) Substaint an cháis

(i) Barúlacha tosaigh

229 Ar an gcéad dul síos, maidir le comhréireacht na mbeart sriantach a leagtar síos leis an Aontas Eorpach nó na rialacha ginearálta a leagtar síos i ngníomhartha an Aontais lena bhforchuirtear bearta den sórt sin, mheabhraigh an Chúirt go gceanglaítear le prionsabal na comhréireachta go mbeidh bearta a chuirtear chun feidhme le forálacha dhlí an Aontais iomchuí chun na cuspóirí dlisteanacha a shaothraítear leis an reachtaíocht atá i gceist a bhaint amach agus nach rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun iad a bhaint amach (breithiúnais an 31 Eanáir 2019, *Islamic Republic of Iran Shipping Lines agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-225/17 P, EU:C:2019:82, mír 102 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 9 Iúil 2020, *Haswani* v *an Chomhairle*, C-241/19 P, EU:C:2020:545, mír 99).

230 Maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar chomhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as prionsabal na comhréireachta, ba cheart a mheabhrú gur aithin an Chúirt go bhfuil lánrogha leathan ag an gComhairle nuair a fhorálann sí do chóras beart sriantach a thagann faoi raon feidhme chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh, lena mbaineann roghanna polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta uaithi féin, agus ina n-iarrtar uirthi measúnuithe agus meastóireachtaí casta a dhéanamh. Thuig sí ón méid sin nach í an cheist an raibh beart a glacadh faoi chóras den sórt sin an t-aon bheart amháin nó an beart ab fhearr ab fhéidir, ach nach féidir ach le cineál follasach míchuí beart den sórt sin, i ndáil leis an gcuspóir atá beartaithe ag an gComhairle a shaothrú, difear a dhéanamh dá dhlíthiúlacht. Shonraigh an Chúirt freisin, fiú i gcás ina bhfuil corrlach leathan lánroghnach ann, ceanglaítear ar an gComhairle a rogha a bhunú ar chritéir oibiachtúla agus scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na haidhmeanna a shaothraítear leis an mbeart a roghnaítear de chineál lena dtugtar údar le hiarmhairtí diúltacha eacnamaíocha, fiú de chineál suntasach, d'oibreoirí áirithe (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Manufacturing Support & Procurement Kala Naft*, C-348/12 P, EU:C:2013:776, mír 120 agus an cásdlí dá dtagraítear, an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 146, agus an 9 Iúil 2020, *Haswani* v *an Chomhairle*, C-241/19 P, EU:C:2020:545, mír 100).

231 Ar an dara dul síos, mar a tugadh faoi deara i mír 206 den bhreithiúnas seo, féadfaidh feidhmiú na gceart bunúsach, amhail na cearta sin a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 17 den Chairt agus in Airteagal 16 den Chairt maidir leis an tsaoirse chun gníomhaíocht eacnamaíoch a shaothrú, a bheith faoi réir srianta a bhfuil údar leo de bharr cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú ag an Aontas, ar choinníoll go bhfreagraíonn na srianta sin do na cuspóirí sin i ndáiríre agus nach ionann iad, i ndáil leis an aidhm atá á saothrú, agus cur isteach díréireach agus dofhulaingthe, rud a chuireann isteach ar shubstaint na gceart a ráthaítear. Shonraigh an Chúirt freisin go bhfuil éifeachtaí ag bearta sriantacha, de réir sainmhínithe, a dhéanann difear don cheart go n-urramófaí an saol príobháideach, don cheart chun maoine agus don tsaoirse chun trádáil nó gnó a shaothrú, rud a dhéanann dochar do na daoine a bhfuil feidhm acu maidir leo (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Manufacturing Support & Procurement Kala Naft*, C-348/12 P, EU:C:2013:776, míreanna 121 go 123 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, míreanna 148 agus 149).

232 I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, ní mór foráil le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí a chumhdaítear leis an gCairt, ní mór ábhar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a chomhlíonadh agus, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfaí teorainneacha a chur leis na cearta agus na saoirsí ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraítear

leo i ndáiríre do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas Eorpach nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint. Sa chomhthéacs sin, tá sé beartaithe freisin go mbeidh feidhm ag an gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 229 agus 230 den bhreithiúnas seo chun a chinneadh an bhfuil an cur isteach a rinneadh le bearta sriantacha ar chearta bunúsacha an duine lena mbaineann díréireach (féach, chuige sin, breithiúnais an 31 Eanáir 2019, *Islamic Republic of Iran Shipping Lines agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-225/17 P, EU:C:2019:82, míreanna 101 go 103, agus an 9 Iúil 2020, *Haswani* v *an Chomhairle*, C-241/19 P, EU:C:2020:545, míreanna 98 go 100).

233 Is léir ó mhíreanna 229 go 232 den bhreithiúnas seo, chun a chinneadh an gcomhlíonann na bearta sriantacha a leagtar síos leis an Aontas Eorpach nó na rialacha ginearálta a leagtar síos i ngníomh de chuid an Aontais lena bhforchuirtear bearta den sórt sin prionsabal na comhréireachta nó an bhfuil an cur isteach ar na cearta nó ar na saoirsí a ráthaítear leis an gCairt mar thoradh ar theorainneacha ar na cearta nó ar na saoirsí sin le gníomh de chuid an Aontais lena bhforchuirtear bearta sriantacha comhréireach, gur gá a fhíorú, ar an gcéad dul síos, an gcomhlíonann na bearta nó na rialacha sin cuspóir leasa ghinearálta arna aithint ag an Aontas Eorpach, ar an dara dul síos, an follasach nach bhfuil siad míchuí i bhfianaise an chuspóra sin, is é sin le rá, an follasach nach bhfuil siad míchuí chun é a bhaint amach, agus, ar an tríú dul síos, an amhlaidh nach dtéann siad nó, i gcás inarb iomchuí, an teorainn atá i gceist thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Manufacturing Support & Procurement Kala Naft*, C-348/12 P, EU:C:2013:776, mír 126, agus an 17 Meán Fómhair 2020, *Rosneft agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-732/18 P, EU:C:2020:727, míreanna 110 go 115 agus 117).

234 Dá bhrí sin, i bhfianaise an chreata anailísigh sin, is gá scrúdú a dhéanamh an ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, mar a áitíonn an chéad achomharcóir agus an dara hachomharcóir, ina measúnú ar chomhréireacht na mbeart sriantach a glacadh ar leibhéal an Aontais i gcoinne an dara hachomharcóir nó ar chomhréireacht an chur isteach ar chearta bunúsacha an chéad achomharcóra agus an dara hachomharcóir, a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 17 den Chairt agus, maidir leis an dara hachomharcóir, in Airteagal 16 di.

235 Is é an cuspóir atá á shaothrú leis na bearta sriantacha atá i gceist brú a chur ar Rialtas Chónaidhm na Rúise agus costais a ghníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú. Is cuspóir dlisteanach é sin a thagann faoi na cuspóirí a shaothraítear faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, dá dtagraítear in Airteagal 21(2)(b) agus (c) CAE, eadhon, faoi seach, an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus tacú leo agus, ar an taobh eile, an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú (féach, de réir analaí, breithiúnais an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Manufacturing Support & Procurement Kala Naft*, C-348/12 P, EU:C:2013:776, mír 124, an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 115, agus an 31 Eanáir 2019, *Islamic Republic of Iran Shipping Lines agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-225/17 P, EU:C:2019:82, mír 104). Thairis sin, ní chuireann an chéad agus an dara hacomharcóir i gcoinne dhlisteanacht an chuspóra sin ina n-argóintí.

(ii) Anailís

236 Ar dtús, maidir le hargóint an dara hachomharcóir nár scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta, ina hanailís ar chomhréireacht na mbeart sriantach arna nglacadh ar leibhéal an Aontais i gcoinne an achomharcóra sin agus ar chomhréireacht an chur isteach ar a chearta bunúsacha a eascraíonn as

na bearta sin, faoi seach, i míreanna 143 agus 166 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, oiriúnacht na mbeart sin i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraítear leis na gníomhartha atá faoi chonspóid, ba cheart a thabhairt faoi deara gur mhíléigh an t-achomharcóir sin na míreanna sin.

237 Ar an gcéad dul síos, leis na tagairtí do chásdlí na Cúirte Ginearálta dá dtagraítear i mír 143 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, go háirithe an tagairt do mhír 116 de bhreithiúnas an 12 Márta 2014, *Al Assad* v *an Chomhairle* (T-202/12, EU:T:2014:113), inar chinn an Chúirt Ghinearálta gur eascair oiriúnacht na mbeart sriantach lena mbaineann as cineál bunúsach chuspóir an leasa ghinearálta a shaothraítear leis na bearta sin, don phobal idirnáisiúnta, is féidir a thuiscint gur chinn an Chúirt Ghinearálta, de réir analaí, i mír 143, i bhfianaise thábhacht na gcuspóirí a shaothraítear leis na bearta sriantacha atá i gceist, a leagtar amach i mír 235 den bhreithiúnas seo agus nár chuir an dara hachomharcóir ina gcoinne, gurbh iomchuí na bearta sin chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

238 Ar an dara dul síos, ós rud é go dtagraítear i mír 166 den dara breithiúnas atá faoi achomharc don anailís a leagtar amach, go háirithe, i mír 143 de, ní mór a mheas go ndearna an Chúirt Ghinearálta scrúdú ar oiriúnacht na mbeart sin i bhfianaise na gcuspóirí atá á saothrú acu agus gur mheas sí go raibh siad iomchuí chun iad a bhaint amach. Ina theannta sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i mír 143, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais dá dtagraítear i míreanna 231 agus 233 den bhreithiúnas seo, nach féidir a mheas go bhfuil na hiarmhairtí diúltacha a eascraíonn as an gcur isteach ar chearta bunúsacha mar thoradh ar na bearta sriantacha a forchuireadh ar an dara hachomharcóir díréireach, a mhéid nach dtéann siad go follasach thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach.

239 Anuas air sin, is iomchuí scrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar an gcéad chuid agus ar an gceathrú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-696/23 P, lena gcáineann an chéad achomharcóir an Chúirt Ghinearálta as earráidí dlí a dhéanamh ina hanailís, i míreanna 88 agus 90 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar oiriúnacht na mbeart sriantach chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach agus ar an ngá atá leis an teorannú sin, chun a chinneadh an raibh an teorannú ar fheidhmiú a cheart bunúsach comhréireach.

240 Ar dtús, ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, nach bhféadfadh gearáin i gcoinne forais cinnidh ón gCúirt Ghinearálta sa bhreis a bheith ina gcúis le neamhniú an chinnidh sin agus níl feidhm leo mar sin (breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2019, *Crédit mutuel Arkéa* v *BCE*, C-152/18 P agus C-153/18 P, EU:C:2019:810, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ós rud é go dtosaíonn mír 88 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc leis an bhfrása ‘Is amhlaidh is mó an scéal ó…’, ní mór a thuiscint go n-áirítear na cúiseanna a eascraíonn as an bhfrása sin ar mhaithe le hiomláine i ndáil leo siúd a tháinig roimhe, a leagtar amach i mír 87 den bhreithiúnas sin, nach gcáineann an chéad achomharcóir agus lenar chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh na bearta sriantacha a bunaíodh leis an gcinneadh agus leis an rialachán atá faoi chonspóid iomchuí chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach. Dá bhrí sin, ní mór diúltú d’argóintí an chéad achomharcóra atá dírithe i gcoinne mhír 88 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc toisc iad a bheith neamhéifeachtach.

241 Ina dhiaidh sin, maidir le hargóint an chéad achomharcóra go raibh an Chúirt Ghinearálta neamhleanúnach nuair a chinn sí, i mír 90 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur cheart di a léiriú cé hiad na bearta, nach bhfuil chomh sriantach céanna ach atá chomh héifeachtach céanna i bhfianaise na gcuspóirí atá á saothrú ag an gComhairle, a d’fhéadfadh sí a ghlacadh chun na hiarmhairtí diúltacha a eascraíonn as an teorannú ar fheidhmiú a ceart bunúsach a mhaolú, nuair nach ann do bheart malartach iomchuí, tá an argóint sin gan bhunús. Sa mhír sin den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, tar éis di bearta nach raibh

chomh sriantach sin a lua agus tar éis di a chinneadh nár éirigh leo na cuspóirí a bhí á saothrú a bhaint amach ar bhealach chomh héifeachtach céanna, nár chuir an chéad achomharcóir samplaí eile de bhearta den sórt sin ar fáil. In éagmais samplaí den sórt sin, ní féidir leis an gCúirt Ghinearálta neamhghníomhaíocht an chéad achomharcóra a leigheas (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *VTB Bank* v *an Chomhairle*, C-729/18 P, EU:C:2020:499, míreanna 85 go 87), agus ní féidir a thoimhdiú gur ghá go measfadh an Chúirt Ghinearálta go mbeadh aon bheart malartach a d'fhéadfadh an t-achomharcóir sin a chur in iúl míchuí.

242 Ar deireadh, go háirithe maidir leis an gceathrú cuid den chéad fhoras achomhairc, atá dírithe i gcoinne mhír 90 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, níor ceanglaíodh ar an gCúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh, sa mhír sin, an raibh an chéad achomharcóir, mar gheall ar chailleadh líomhnaithe a chumhachta rialaithe ar TMK agus grúpa Sinara, in ann dul timpeall ar na bearta sriantacha a forchuireadh air. Ní bhaineann mír 90 den bhreithiúnas sin ach leis an gceist an raibh bearta sriantacha ann nach raibh chomh sriantach céanna ach a bhí chomh héifeachtach céanna chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach. Cé go bhféadfadh an scrúdú ar an riosca imchéimniúcháin a bheith úsáideach chun a chinneadh an ann do bhearta malartacha den sórt sin, ní chiallaíonn an fíoras nach féidir le duine atá faoi réir bearta sriantacha dul timpeall ar na bearta sin go dtéann an teorannú ar fheidhmiú a cheart bunúsach thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

243 Ar an dara dul síos, ba cheart an tríú cuid den cheathrú foras achomhairc a dhiúltú lena n-áitíonn an chéad achomharcóir nár thug an Chúirt Ghinearálta aghaidh ar a argóint go bhfuil na bearta sriantacha a forchuireadh air míréasúnta toisc go rannchuidíonn na Ballstáit, trí bhreoslaí iontaise a cheannach, le maoiniú chostas an chogaidh do Chónaidhm na Rúise. Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i míreanna 87 agus 89 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár cháin an t-achomharcóir sin ina achomharc, níl aon nasc oibiachtúil idir imthosca den sórt sin, a mhéid a bhaineann siad le ceist i ndáil le caidreamh tráchtála idir Stáit cheannasacha, agus critéar (g) agus leis an gcuspóir a shaothraítear leis na bearta sriantacha a bhunaítear leis an gcinneadh agus leis an rialachán atá faoi chonspóid, eadhon brú breise a chur, trí bhíthin bearta sriantacha aonair, ar Rialtas na Cónaidhme sin agus na costais a bhaineann lena ghníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 101 den bhreithiúnas seo, d'fhéadfadh an chéad achomharcóir a thuiscint, ó na míreanna sin den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, cén fáth nach n-éireodh le hargóint den sórt sin i gcomhthéacs an scrúdaithe ar chomhréireacht an chur isteach ar a chearta bunúsacha.

244 Ar an tríú dul síos, maidir leis an gcúigiú agus leis an séú cuid den cheathrú foras achomhairc lena n-áitíonn an chéad achomharcóir gur thug an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, i míreanna 81 go 84 agus i míreanna 92 agus 93 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhréireacht an chur isteach ar a chearta bunúsacha, tábhacht iomarcach d'athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar na bearta sriantacha lena mbaineann agus do na féidearthachtaí chun iarratas a dhéanamh ar údarú chun na cistí a úsáid nó chun cead taistil a fháil ar chúiseanna daonnúla, ní mór iad a dhiúltú.

245 Ar thaobh amháin, ní bhaineann míreanna 81 go 84 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc leis an scrúdú a rinne an Chúirt Ghinearálta ar cheanglas na comhréireachta dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 52(1) den Chairt, ach le scrúdú an cheanglais a leagtar síos sa chéad abairt den fhoráil sin nach mór d'aon teorannú ar chearta bunúsacha bunbhrí na gceart sin a

urramú. Leis an gcúigiú agus an séú cuid dá cheathrú foras achomhairc, ní mhaíonn an chéad achomharcóir ach go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí maidir leis an scrúdú a rinne sí ar phrionsabal na comhréireachta i bhfianaise an chur isteach ar a chearta bunúsacha.

246 Ar an taobh eile, maidir le míreanna 92 agus 93 den chéad bhreithiúnas atá faoi achomharc, is leor a thabhairt faoi deara nár shonraigh an chéad achomharcóir na cúiseanna ar chuir an Chúirt Ghinearálta 'tábhacht iomarcach' leis na gnéithe dá dtagraítear sna míreanna sin. Níor thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara ach gur rannchuidigh an t-athbhreithniú tréimhsiúil ar na bearta sriantacha agus maoluithe a d'fhéadfaí a dheonú chun cistí reoite agus acmhainní eacnamaíocha a úsáid nó chun teacht isteach ar chríoch an Aontais Eorpaigh lena léiriú go raibh an cur isteach ar chearta bunúsacha an chéad achomharcóra comhréireach.

247 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don chéad chuid agus don tríú cuid go dtí an séú cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-696/23 P agus don tríú foras achomhairc agus don dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-704/23 P.

3. An dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P

(a) Argóintí na bpáirtithe

248 I gcomhthéacs an dara cuid dá cheathrú foras achomhairc, a bhfuiltear ag brath uirthi mar thaca lena achomharc i gCás C-111/24 P, measann an cúigiú hachomharcóir go sáraítear go díréireach leis an sainmhíniú ar an gcoincheap 'príomhdhaoine gnó' a thug an Chúirt Ghinearálta i mír 91 den bhreithiúnas atá faoi achomharc a shaoirse chun gnó a sheoladh agus a cheart chun maoine, a chumhdaítear in Airteagail 16 agus 17 den Chairt faoi seach. Ós rud é gurb é an t-aon bheart a d'fhéadfadh duine gnó a dhéanamh le réasún a thiocfadh faoi chritéar (g) ná a stádas a chailleadh trína scaireanna nó a scaireanna a dhíol, mar shampla, ní bheadh na bearta sriantacha sealadach ná inchúlaithe a thuilleadh, ach, os a choinne sin, bheadh siad cinntitheach agus dochúlaithe.

249 Measann an Chomhairle, mar gheall ar a heaspa soiléireachta, gur cheart a dhearbhú go bhfuil an chuid sin do-ghlactha. Ina theannta sin, cuireann sí i gcoinne thuillteanas na n-argóintí a rinne an cúigiú hachomharcóir.

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais

250 Mar réamhphointe, ní mór a mheas, i bhfianaise chásdlí na Cúirte dá dtagraítear i mír 157 den bhreithiúnas seo, murab ionann agus an méid a mhaíonn an Chomhairle, go bhfuil an gearán a leagtar amach sa dara cuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P, in ainneoin a chineáil gonta, sothuigthe go leor.

251 Maidir leis an tsubstaint, ní mór a mheabhrú, de réir prionsabal ginearálta léirithe, nach mór gníomh de chuid an Aontais a léiriú, a mhéid is féidir, ar bhealach nach dtarraingíonn amhras ar a bhailíocht agus atá i gcomhréir leis an dlí príomha ina iomláine agus, go háirithe, le forálacha na Cairte (breithiúnas an 15 Feabhra 2016, *N.*, C-601/15 PPU, EU:C:2016:84, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

252 Sa chás seo, i mír 91 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, chun teacht faoi chritéar (g), nár mhór a mheas go bhfuil daoine gnó ina 'bpríomhdhaoine gnó' mar gheall ar a dtábhacht, i bhfianaise critéir eacnamaíocha éagsúla, san

earnáil eacnamaíoch ina n-oibríonn siad, agus an léiriú sin saor ó aon earráid dlí, mar is léir ó mhíreanna 178 agus 181 den bhreithiúnas seo. Is gá, dá bhrí sin, a fhíorú ar ghlac an Chúirt Ghinearálta, agus an méid sin á dhéanamh aici, léiriú ar chritéar (g), nach bhfuil comhsheasmhach leis na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 16 agus 17 den Chairt, sa mhéid is go mbeadh sé d'éifeacht ag an léiriú sin cur isteach go díréireach ar na cearta sin i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais dá dtagraítear i mír 233 den bhreithiúnas seo.

253 I ndáil leis sin, ní mór a mheas, ar an gcéad dul síos, ar na cúiseanna céanna leis na cúiseanna a leagtar amach i mír 235 den bhreithiúnas seo, go gcomhlíonann critéar (g) cuspóir dlisteanach a thagann faoi na cuspóirí a shaothraítear i gcomhthéacs chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, eadhon, mar a mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta i míreanna 52, 54, 89 agus 122 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, an cuspóir brú ar Rialtas Chónaidhm na Rúise agus costas ghníomhaíochtaí na Cónaidhme sin chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú.

254 Ar an dara dul síos, ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 52 go 55 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, nach gcáineann an cúigiú hachomharcóir, ní mór a mheas nach bhfuil na bearta sriantacha arna nglacadh ar bhonn chritéar (g) míchuí go follasach i bhfianaise an chuspóra sin sa mhéid is gur léir nach bhfuil siad míchuí chun é a bhaint amach.

255 Ar an tríú dul síos, is gá scrúdú a dhéanamh an mbeadh an cur isteach ar na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 16 agus 17 den Chairt, a eascraíonn as na bearta sriantacha arna ndéanamh ar bhonn chritéar (g), díréireach sa mhéid is gur léir go rachadh sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

256 I bhfianaise cuspóir chomh bunúsach leis an gcuspóir deireadh a chur le hionsaí arna dhéanamh i gcoinne Stát neamhspleách de shárú ar an dlí idirnáisiúnta agus iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine a chosaint, ní féidir a mheas go bhfuil an cur isteach sin díréireach agus dofhulaingthe a mhéid a rachadh sé go follasach thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

257 Sna himthosca sin, ní féidir a mheas, mar thoradh ar léiriú ceart na Cúirte Ginearálta ar an gcoincheap 'tionchar', de réir bhrí chritéar (g), go mbeadh an cur isteach ar chearta bunúsacha an chúigiú hachomharcóir a eascraíonn as na bearta sriantacha a glacadh ar bhonn an chritéir sin díréireach.

258 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don dara chuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-111/24 P.

C. Na forais achomhairc lena n-éilítear earráidí dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta ina hanailís ar phléadálacha neamhdhleathachta chritéar (g)

259 Sa roinn seo, déantar scrúdú ar an dara cuid den tríú foras achomhairc i gCásanna C-711/23 P agus C-35/24 P agus ar an tríú foras achomhairc i gCás C-111/24 P, trína gcáineann an tríú hachomharcóir go dtí an cúigiú hachomharcóir anailís na Cúirte Ginearálta maidir leis na pléadálacha neamhdhleathachta i leith chritéar (g) a d'ardaigh siad ag an gcéad chéim ar bhonn Airteagal 277 CFAE.

1. An tríú foras achomhairc i gCás C-111/24 P

(a) Argóintí na bpáirtithe

260 Lena thríú foras achomhairc i gCás C-111/24 P, áitíonn an cúigiú hachomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí dhiúltú don phléadáil maidir le neamhdhleathacht chritéar (g) a d'ardaigh sé os a comhair.

261 Tá réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta i mír 37 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc mícheart a mhéid a thugann sí le tuiscint go gceadaítear don Chomhairle le hAirteagal 215(2) CFAE bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne na gcatagóirí daoine uile is mian léi, fiú mura bhfuil aon nasc acu le córas an tríú tír lena mbaineann. Go háirithe, thug an Chúirt Ghinearálta neamhaird ar a mhalairt de chásdlí a d'eascair as breithiúnas an 13 Márta 2012, *Tay Za* v *an Chomhairle* (C-376/10 P, EU:C:2012:138), a bhfuil a chonclúidí fós bailí, in ainneoin go raibh na bearta sriantacha atá i gceist sa chás as ar eascair an breithiúnas sin bunaithe ar Airteagail 60 agus 301 CE.

262 Cuireann an cúigiú hachomharcóir in iúl freisin gur bhain an tAontas Eorpach úsáid chruthaitheach as an dá Airteagal sin chun bheith in ann córais 'smachtbhannaí cliste' (*smart sanctions*) a ghlacadh, is é sin le rá, bearta níos spriocdhírithe agus níos roghnaithí amhail reo cistí nó toirmisc taistil i leith daoine aonair nó eintitis a bhfuil baint acu le ceannairí an tríú tír lena mbaineann, a sholáthraíonn tacaíocht eacnamaíoch dóibh nó atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag na ceannairí sin, agus, dá bhrí sin, go gceanglaítear go córasach an ceanglas maidir le nasc leordhóthanach idir na daoine aonair nó na heintitis sin agus an tríú tír sin. Chun tacú leis na cleachtais nua sin agus chun creat dlíthiúil níos iomchuí a chur ar fáil don Aontas Eorpach ná an dá Airteagal thuasluaite de Chonradh CE, tugadh Airteagal 215 CFAE isteach i ndlí an Aontais le Conradh Liospóin. Agus an méid sin á dhéanamh acu, rinne na Ballstáit an cleachtas 'smachtbhannaí cliste' a ionchorprú go foirmiúil i struchtúr téacsúil chonarthaí bunaidh an Aontais Eorpaigh gan an smacht reachta a athrú ar bhealach ar bith, mar a luaigh an Chúirt Ghinearálta go mícheart i mír 37 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc.

263 Cuireann an cúigiú hachomharcóir in iúl freisin go bhfuil gá leis an gceanglas maidir le nasc den sórt sin ionas nach dtabharfar seic bán d'institiúidí an Aontais lena gcuirtear ar a gcumas bearta sriantacha a fhorchur ar aon duine nó ar aon chatagóir daoine. Trí dhul ar aghaidh trí smachtbhannaí spriocdhírithe, roghnaigh an tAontas Eorpach córas smachtbhannaí níos cothroime, ar léiriú é ar Aontas a ceapadh mar limistéar ceart agus saoirsí.

264 Cuireann an Chomhairle i gcoinne thuillteanas na n-argóintí a rinne an cúigiú hachomharcóir.

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais

265 Lena thríú foras achomhairc, áitíonn an cúigiú hachomharcóir, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i mír 37 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, go bhféadfadh aon duine, ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE, a bheith faoi réir bearta sriantacha, fiú in éagmais nasc leordhóthanach idir an chatagóir daoine a ndírítear na bearta sin orthu agus an tríú tír lena mbaineann.

266 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, mar a chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl i gceart i mír 37 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, go bhforáiltear le hAirteagal 215(2) CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle bearta sriantacha a ghlacadh ní hamháin i gcoinne rialóirí tríú tír agus daoine nó eintitis a bhfuil baint acu leo nó atá á rialú go díreach nó go hindíreach acu, ach freisin i gcoinne daoine agus eintitis nach bhfuil aon bhaint acu le córas rialaithe tíre den sórt sin, agus é á thabhairt faoi deara gur foráladh cheana féin le dlí an Aontais, roimh Chonradh Liospóin, don dé-fhéidearthacht sin, ar bhonn Airteagail 60 agus 301 CE, ar thaobh amháin, agus ar bhonn na bhforálacha sin agus Airteagal 308 CE, ar an taobh eile (féach, chuige sin, breithiúnais an 3 Meán Fómhair 2008, *Kadi agus Al Barakaat International Foundation* v *an Chomhairle agus an Coimisiún*, C-402/05 P agus C-415/05 P, EU:C:2008:461, míreanna 166 agus 216, an 13 Márta 2012, *Tay Za* v *an Chomhairle*, C-376/10 P, EU:C:2012:138, míreanna 63 agus 64, agus an 19 Iúil 2012, *an Pharlaimint* v *an Chomhairle*, C-130/10, EU:C:2012:472, míreanna 51 go 53 agus 73).

267 Mar sin féin, ní chiallaíonn sé sin go bhféadfaidh an Chomhairle, ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE, bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne daoine agus eintitis nach bhfuil nasc oibiachtúil acu leis an tír sin.

268 Is léir ó fhoclaíocht Airteagal 215(2) CFAE, mar a mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta féin i mír 37 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, nach bhféadfaidh an Chomhairle, ar bhonn na forála sin, bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, grúpaí nó eintitis neamhstáit ach amháin a mhéid a fhoráiltear dóibh le cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le forálacha Chaibidil 2 de Theideal V de Chonradh AE, a bhfuil Airteagal 29 den Chonradh sin mar chuid de.

269 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go dtugtar de chumhacht don Chomhairle le hAirteagal 29 CAE cinntí a ghlacadh lena sainmhínítear seasamh an Aontais Eorpaigh maidir le hábhar ar leith de chineál geografach nó téamach, ós rud é go bhféadfadh bearta sriantacha i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, grúpaí nó eintitis neamhstáit a bheith san áireamh i seasamh den sórt sin. Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar an gComhairle ábhar na mbeart sriantach a ghlacann an tAontas Eorpach i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a shainmhíniú, nó a shonrú fiú, agus lánrogha leathan aici ina leith sin agus í ag gníomhú d'aon toil (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, míreanna 87, 88 agus 90, agus an 16 Deireadh Fómhair 2025, *Timchenko agus Timchenko* v *an Chomhairle*, C-805/24 P, EU:C:2025:792, míreanna 20 agus 23).

270 Mínítear an lánrogha leathan atá ag an gComhairle ina leith sin le raon feidhme leathan aidhmeanna agus chuspóirí an Aontais sa réimse sin, mar a chuirtear in iúl in Airteagail 3(5) agus 21 CAE agus sna forálacha sonracha a bhaineann le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 23 agus 24 CAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 88).

271 Go háirithe, mar is léir, go bunúsach, ó mhír 230 den bhreithiúnas seo, tá lánrogha leathan ag an gComhairle maidir le hábhar na mbeart sriantach arna nglacadh sa réimse sin agus maidir le sainmhíniú agus raon feidhme na gcritéar ginearálta ar ar a mbonn a fhéadfar na bearta sin a ghlacadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Aibreán 2015, *Anbouba* v *an Chomhairle*, C-605/13 P, EU:C:2015:248, mír 41). Dá bhrí sin, chinn an Chúirt, a bhfuil dlínse aici faoin dara mír d'Airteagal 275 CFAE i gcomhar leis an gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE chun measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha an Aontais lena bhforáiltear do bhearta sriantacha in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, grúpaí agus eintitis neamhstáit agus, dá bhrí sin, na

critéir liostaithe a leagtar síos ann, nach féidir difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht gnímh den sórt sin ach amháin más léir go bhfuil an gníomh míchuí ag féachaint don chuspóir atá an institiúid inniúil ag iarraidh a shaothrú (féach, chuige sin, breithiúnais an 23 Aibreán 2013, *Gbagbo agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-478/11 P go C-482/11 P, EU:C:2013:258, mír 57, agus an 31 Eanáir 2019, *Islamic Republic of Iran Shipping Lines agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-225/17 P, EU:C:2019:82, mír 103).

272 É sin ráite, in ainneoin na lánrogha leithne atá ag an gComhairle maidir le sainmhíniú ábhar na mbeart sriantach a ghlacann an tAontas Eorpach i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála agus na gcritéar dlíthiúil lena gceadaítear bearta sriantacha a fhorchur, ní mór d'aon chinneadh lena nglactar bearta den sórt sin ar bhonn Airteagal 29 CAE, d'fhonn brú a chur ar thríú tír, mar is amhlaidh sa chás seo, cuspóir an bhrú atá á shaothrú a shainmhíniú agus a theorannú, mar aon leis na catagóirí daoine nó eintiteas a chumhdaítear leis na critéir sin.

273 Sa chomhthéacs sin, ní mór a léiriú le cinneadh den sórt sin, sna critéir a leagtar síos leis, nasc oibiachtúil idir na catagóirí daoine nó eintiteas sin agus an tríú tír lena mbaineann i bhfianaise an chuspóra a shainmhínítear agus a theorannaítear amhlaidh. Go háirithe, ní mór na catagóirí sin a bhunú sa chaoi go mbeidh nasc oibiachtúil ag na daoine agus na heintitis a chumhdaítear leo leis an tír sin ionas go mbeidh na bearta sriantacha a fhorchuirtear ar an mbonn sin in ann an cuspóir brú atá beartaithe ag an Aontas dá bhrí sin a bhaint amach, ar bhealach nach bhfuil míchuí go follasach. In éagmais nasc den sórt sin, is léir go mbeadh critéar maidir le cuimsiú ar liosta daoine atá faoi réir bearta den sórt sin míchuí chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus, dá bhrí sin, ba cheart é a mheas mar chritéar neamhdhleathach (féach, chuige sin, breithiúnas an 31 Eanáir 2019, *Islamic Republic of Iran Shipping Lines agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, C-225/17 P, EU:C:2019:82, mír 111).

274 I gcás ina nglacfaidh an Chomhairle rialachán ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE, ní mór don rialachán sin nasc den sórt sin a léiriú freisin, gan a bheith in ann a raon feidhme a athrú. Ós rud é gurb é is cuspóir do rialachán den sórt sin an cinneadh arna ghlacadh i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála ar bhonn Airteagal 29 CAE a chur chun feidhme, chun éifeacht a thabhairt do na bearta sriantacha dá bhforáiltear ann a mhéid a thagann siad faoi raon feidhme CFAE agus chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na mbeart sin a áirithiú i ngach Ballstát, ní mór don rialachán lena mbaineann é féin a theorannú d'ábhar an chinnidh a atáirgeadh agus do shainmhínithe agus soiléirithe a sholáthar a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbeart sriantach dá bhforáiltear leis an gcinneadh sin, gan a bheith in ann, mar sin féin, critéir nua nó bearta sriantacha nua a chur leis ná raon feidhme na gcritéar agus na mbeart atá sa chinneadh sin a athrú (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, míreanna 89 agus 90).

275 Trína shonrú, i mír 37 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc, go dtugtar de chumhacht don Chomhairle, ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE, bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne 'aon "duine nádúrtha nó dlítheanach", "eintiteas neamhstáit" nó "grúpa" ar an gcoinníoll amháin go bhforáiltear do bhearta den sórt sin le cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal V de Chonradh AE', mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, agus an ceart aici, nach féidir bearta sriantacha den sórt sin a ghlacadh ach amháin má dhéantar cinneadh ar bhonn Airteagal 29 CAE. Sna himthosca sin, ní féidir an mhír sin den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc a léamh sa chaoi gur luaigh an Chúirt Ghinearálta inti go bhféadfadh an Chomhairle, agus rialachán á ghlacadh aici ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE, an ceanglas nach mór do na critéir

liostaithe a leagtar síos i gcinneadh den sórt sin agus a atáirgtear sa rialachán sin díriú ar chatagóirí daoine, grúpaí agus eintiteas neamhstáit a bhfuil nasc oibiachtúil acu leis an tríú tír a bhfuil sé beartaithe ag an Aontas agóid a dhéanamh ina coinne a chur ar ceal.

276 Thairis sin, deimhnítear míléamh an chúigiú hachomharcóir ar mhír 37 den chúigiú breithiúnas atá faoi achomharc leis an bhfíoras, i mír 41 den bhreithiúnas sin, nach gcáineann an t-achomharcóir sin, gur leag an Chúirt Ghinearálta béim ar an bhfíoras, maidir le critéar (g), go raibh nasc, indíreach ar a laghad, idir na daoine gnó a chumhdaítear leis an gcritéar sin agus an tríú tír lena mbaineann, eadhon Cónaidhm na Rúise, ós rud é go gcumhdaítear leis an gcritéar sin, *inter alia*, catagóir daoine nádúrtha a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha áirithe ar foinse shuntasach ioncaim iad, do Rialtas na Rúise, lena gcuirtear ar a chumas a bheartas díchobhsaithe agus foghach i gcoinne na hÚcráine a shaothrú.

277 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don tríú foras achomhairc i gCás C-111/24 P.

2. An dara cuid den tríú foras achomhairc i gCásanna C-711/23 P agus C-35/24 P

(a) Argóintí na bpáirtithe

278 Leis an dara cuid dá thríú foras achomhairc i gCás C-711/23 P, áitíonn an tríú hachomharcóir, fiú ag glacadh leis nach mór don ‘fhoinse shubstaintiúil ioncaim’ dá dtagraítear i gcritéar (g) teacht ó earnálacha eacnamaíocha seachas ó phríomhdhaoine gnó, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i mír 101 et seq. den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, agus í ag diúltú dá phléadáil lena líomhnaítear neamhdhleathacht an chritéir sin.

279 Ghlac an Chúirt Ghinearálta léiriú ‘oibiachtúil’ ar an gcritéar sin lena gcuirfí ar chumas na Comhairle bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne príomhdhaoine gnó ar an bhforas amháin go bhfuil siad rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, gan beann ar iompar agus rannchuidiú aonair an duine sin. Bheadh tuiscint den sórt sin ar chritéar (g) contrártha don phrionsabal ginearálta, i bhfianaise chuspóir agus raon feidhme chóras beart sriantach an Aontais, nach mór do bhearta den sórt sin féachaint le hathrú a dhéanamh ar iompar na ndaoine aonair lena mbaineann. Sa chás seo, níl príomhdhaoine gnó atá faoi réir bearta sriantacha in ann a fháil amach cad is gá dóibh a athrú ina n-iompar ionas nach mbeidh siad faoi réir na mbeart sin a thuilleadh.

280 Mar sin féin, i gcomhthéacs an dara cuid sin, áitíonn an tríú hachomharcóir gur theip ar an gComhairle, de shárú ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, an earnáil eacnamaíoch ina raibh sé ceaptha gníomhaíocht a dhéanamh a shainmhíniú roimh ré agus go soiléir.

281 Áitíonn an ceathrú hachomharcóir freisin, leis an dara cuid dá thríú foras achomhairc i gCás C-35/24 P, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí dhiúltú, sa cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, don phléadáil maidir le neamhdhleathacht chritéar (g) a d’ardaigh sé os a comhair. Leis an anailís a rinne an chúirt sin i míreanna 87, 89 agus 90 den bhreithiúnas sin, tugtar neamhaird ar an bhfíoras, mar sin féin, a raibh an ceathrú hachomharcóir ag brath air os comhair na Cúirte Ginearálta, nach mór, faoi Airteagal 215(2) CFAE, critéar liostaithe amhail critéar (g) a bheith beartaithe chun athruithe ar iompar daoine atá faoi réir bearta sriantacha a spreagadh, agus ní chun ‘íospartaigh chomhthaobhacha’ a dhéanamh de na daoine sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gComhairle, faoin bhforáil sin, ach bearta sriantacha a ghlacadh lena bhféadfaí iompar an duine lena mbaineann a athrú ar bhealach intuigthe agus réalaíoch.

282 Mar thoradh ar léiriú na Cúirte Ginearálta ar an gcoincheap 'tionchar' atá ag daoine gnó a chumhdaítear le critéar (g), eadhon an tábhacht choibhneasta nach mór a bheith ag na daoine gnó sin in earnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, bheadh na daoine lena mbaineann faoi réir bearta sriantacha maidir lena bhfuil i gceist leo agus ní maidir leis an méid a dhéanann siad nó ar cheart dóibh a dhéanamh, agus mar thoradh air sin ní chuirfí iompar agus rannchuidiú aonair na ndaoine sin san áireamh.

283 Sonraíonn an ceathrú hachomharcóir freisin, cé go bhféadfaí, gan amhras, deireadh a chur leis na bearta sriantacha a bhfuil an duine gnó sin faoina réir dá n-éireodh príomhdhuine gnó, de réir bhrí chritéar (g), as a phost nó dá ndíolfadh sé a scaireanna i ngnóthas a bhfeidhmíonn sé rialú air, nach bhfeiceann sé conas a fhulaingeodh Cónaidhm na Rúise toisc go mbeadh ar an duine sin an earnáil eacnamaíoch lena mbaineann a fhágáil nó conas a rannchuideodh an fíoras sin le cuspóirí chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh a bhaint amach.

284 Cuireann an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Laitvia agus ón gCoimisiún i gCás C-35/24 P, i gcoinne fhiúntas argóintí an tríú agus an cheathrú hachomharcóir.

(b) Breithniú na Cúirte Breithiúnais

285 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a luadh cheana i mír 126 den bhreithiúnas seo, nach mór na hargóintí a chuir an tríú hachomharcóir agus an ceathrú hachomharcóir chun cinn mar mhalairt air sin mar thaca leis an dara cuid dá dtríú foras achomhairc dlí faoi seach a léamh i gcomhar leis na hargóintí a leag siad amach i gcomhthéacs na chéad choda de na forais achomhairc sin agus a bhfuil achoimre orthu i míreanna 94 agus 96 den bhreithiúnas seo.

286 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, leis an dara cuid seo, go ndéanann an tríú hachomharcóir agus an ceathrú hachomharcóir gearán, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, faoi seach, i míreanna 104 go 109 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 87 go 92 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, nach raibh critéar (g) neamhdhleathach.

287 Go háirithe, áitíonn na hachomharcóirí sin nach féidir tionchar daoine gnó sna hearnálacha eacnamaíocha ina saothraíonn siad a ngníomhaíocht a ionannú le hiompar pearsanta nó, ar a laghad, le hiompar pearsanta atá tromchúiseach go leor chun a chur ar a gcumas a n-iompar a athrú ar bhealach nach bhfuil siad faoi réir bearta sriantacha a thuilleadh. Ní féidir iompar den sórt sin, a leanann a chineál pearsanta de réir an tríú hachomharcóir, ó chuspóir agus ó raon feidhme chóras beart sriantach an Aontais nó, de réir an cheathrú hachomharcóir, ó Airteagal 215(2) CFAE, a shaintréithriú go leordhóthanach ach amháin más rud é go soláthraíonn na daoine lena mbaineann, fiú mura bhfuil nasc pearsanta acu le Rialtas Chónaidhm na Rúise, foinse shuntasach ioncaim don rialtas sin iad féin. Ós rud é gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do léiriú den sórt sin ar chritéar (g) i mír 70 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 57 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, ba cheart di, dá bhrí sin, seasamh leis an bpléadáil neamhdhleathachta.

288 Mar réamhphointe, a mhéid a cháineann an tríú hachomharcóir gur sháraigh an Chomhairle prionsabal na deimhneachta dlíthiúla trí mhainneachtain an earnáil eacnamaíoch ina raibh sé ceaptha gníomhaíocht a dhéanamh a shainmhíniú go soiléir roimh ré, ní mór a mheabhrú, i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nach mór achomharc a dhéanamh i gcoinne breith de chuid na Cúirte Ginearálta. Dá bhrí sin, tá

argóintí in achomharc nach gcáineann an breithiúnas a thug an Chúirt Ghinearálta tar éis iarratas ar neamhniú cinnidh, ach an cinneadh ar iarradh a neamhniú os comhair na Cúirte Ginearálta, do-ghlactha go follasach (breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Inpost Paczkomaty* v *an Coimisiún*, C-431/19 P agus C-432/19 P, EU:C:2020:1051, mír 108 agus an cásdlí dá dtagraítear).

289 I bhfianaise na réamhbharúlacha sin, ní mór a mheabhrú, mar is léir ó mhír 271 den bhreithiúnas seo, nach féidir difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht critéir atá mar bhonn le bearta sriantacha a fhorchur ach amháin más léir go bhfuil an critéar míchuí i bhfianaise an chuspóra atá an institiúid inniúil ag iarraidh a shaothrú. Go háirithe, ní féidir critéar maidir le cuimsiú ar liosta daoine atá faoi réir bearta sriantacha i gcoinne tríú tír a mheas mar chritéar neamhdhleathach i gcás ina ndíríonn sé ar chatagóirí daoine nó eintiteas a bhfuil nasc oibiachtúil acu, fiú go hindíreach, leis an tríú tír atá i gceist.

290 Mar a luaigh an Coimisiún, go bunúsach, ag an éisteacht os comhair na Cúirte agus mar a chuir an tAbhcóide Ginearálta in iúl i mír 86 dá Tuairim i gCás C-711/23 P agus i mír 83 dá Tuairim i gCás C-35/24 P, ós rud é, go háirithe mar gheall ar nasc den sórt sin a bheith ann, nach bhfuil critéar liostaithe míchuí go follasach i ndáil leis an gcuspóir atá á shaothrú, ní féidir leis an gcaoi a léirítear an nasc sin sna heilimintí a chomhdhéanann an critéar sin amhras a chaitheamh ar bhailíocht an chritéir sin.

291 Sa chás seo, chinn an Chúirt Ghinearálta, agus an ceart aici, i míreanna 107 agus 108 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc, arna léamh i gcomhar le míreanna 66 agus 67 de, agus i míreanna 90 agus 91 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, arna léamh i gcomhar le mír 54 de, gur léirigh critéar (g) nasc ‘loighciúil’ agus, dá bhrí sin, nasc oibiachtúil idir, ar thaobh amháin, spriocdhíriú ar dhaoine tábhachtacha gnó sna hearnálacha eacnamaíocha ina n-oibríonn siad agus a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus, ar an taobh eile, an cuspóir brú ar an tríú tír sin agus costas a gníomhaíochtaí a mhéadú. Mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart i mír 108 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 91 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, tagraíonn critéar (g), trí thagairt a dhéanamh do na daoine gnó sin, do dhaoine a bhfuil glacadh na mbeart sriantach atá i gceist de chineál a mhéadódh costais ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise san Úcráin i bhfianaise thábhacht na n-earnálacha sin do gheilleagar na Rúise.

292 Leanann sé ó na breithnithe roimhe seo go ndírítear le critéar (g) ar chatagóirí daoine nó eintiteas a bhfuil nasc oibiachtúil acu le Rialtas Chónaidhm na Rúise, agus mar thoradh air sin go ndealraíonn sé gurb iomchuí é chun an cuspóir dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a bhaint amach agus nach féidir a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil sé neamhdhleathach.

293 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go raibh sé de cheart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh nach raibh an critéar sin (g) curtha ó bhail mar gheall ar neamhdhleathacht.

294 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don dara cuid den tríú foras achomhairc i gCás C-711/23 P agus C-35/24 P araon.

D. Na forais achomhairc lena n-éilítear earráidí dlí a rinne an Chúirt Ghinearálta ina hanailís ar phrionsabal na córa comhionainne

1. Argóintí na bpáirtithe

295 Leis an gcéad chuid dá cheathrú foras achomharc i gCás C-704/23 P, cáineann an dara hachomharcóir, i míreanna 135, 137 agus 138 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabal na córa comhionainne. I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, ba cheart don Chúirt Ghinearálta díriú ní hamháin ar fhoclaíocht chritéar (g), ach freisin ar iarmhairtí a chur i bhfeidhm ó thaobh staidrimh de. Sa chás seo, is náisiúnaigh Rúiseacha nó saoránaigh Rúiseacha iad na 43 dhuine atá ainmnithe ar bhonn an chritéir sin agus caitheadh go mífhabhrach leo mar gheall ar a náisiúntacht.

296 Thairis sin, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta, ní féidir an chóir neamh-chomhionann sin a mhaolú le prionsabal na dlíthiúlachta dá dtagraítear i mír 138 den dara breithiúnas atá faoi achomharc. Murach sin, bheadh prionsabal na córa comhionainne gan bhrí ós rud é go mbeadh sé dodhéanta aon neamhionannas a chruthú i gcomhthéacs bearta sriantacha, rud a bhainfeadh aon leigheas dlí de na daoine atá faoina réir.

297 Lena gcúigiú foras achomhairc i gCásanna C-711/23 P agus C-35/24 P faoi seach, maíonn an tríú hachomharcóir agus an ceathrú hachomharcóir, i míreanna 143 go 145 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 124 go 131 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabal na córa comhionainne. Is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, chun rialú a thabhairt ar líomhaintí maidir le cóir neamh-chomhionann, nach mór do chúirt amhail an Chúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh ní hamháin ar fhoclaíocht an chritéir liostaithe atá i gceist, ach freisin ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm é sa chleachtas, trí anailís a dhéanamh ar na staitisticí atá ar fáil chun na críche sin. Dá bhrí sin, ní bhaineann sé le hábhar, murab ionann agus an méid a chinn an Chúirt Ghinearálta, nach dtagraíonn critéar (g) do náisiúntacht na ndaoine ainmnithe agus go bhféadfaidh an Chomhairle, ar bhonn an chritéir sin, daoine nádúrtha d'aon náisiúntacht a ainmniú. Is saoránaigh Rúiseacha iad na 43 dhuine arna n-ainmniú ar bhonn chritéar (g) an 5 Meitheamh 2023 nó, ar a laghad, na 34 dhuine arna n-ainmniú ar an mbonn sin ar dháta seachadta an tríú agus an ceathrú breithiúnas atá faoi achomharc. Dá bhrí sin, trí mhainneachtain anailís a dhéanamh, *in concreto*, ar iarmhairtí chur i bhfeidhm chritéar (g) ag an gComhairle, mhainnigh an Chúirt Ghinearálta athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chritéir sin.

298 Maíonn an tríú hachomharcóir agus an ceathrú hachomharcóir tosca atá cosúil leo siúd a ndéantar achoimre orthu i mír 296 den bhreithiúnas seo chun a mhaíomh nach dtugtar na breithnithe sin faoi cheist le prionsabal na dlíthiúlachta dá dtagraíonn an Chúirt Ghinearálta i mír 145 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 129 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc.

299 Cuireann an Chomhairle, le tacaíocht ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Laitvia agus ón gCoimisiún i gCás C-35/24 P, i gcoinne fhiúntas argóintí an dara, an tríú, an cheathrú agus an chúigiú hachomharcóir.

2. Breithniú na Cúirte Breithiúnais

300 Déanann an dara hachomharcóir go dtí an ceathrú hachomharcóir gearán, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i míreanna 137 agus 138 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, i míreanna 143 go 145 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 124 go 131 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, ina hanailís ar cé acu a sháraigh nó nár sháraigh an Chomhairle prionsabal na córa comhionainne trí bhearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne príomhdhaoine gnó, de réir bhrí chritéar (g).

301 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú gur prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é prionsabal na córa comhionainne, mar a leagtar amach in Airteagal 20 den Chairt freisin, lena gceanglaítear nach gcaithfear ar bhealach éagsúil le cásanna inchomparáide agus nach gcaithfear le cásanna éagsúla ar an mbealach céanna mura bhfuil údar oibiachtúil leis an gcóir sin (féach breithiúnas an 30 Samhain 2023, *MG* v *BEI*, C-173/22 P, EU:C:2023:932, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

302 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, mar is léir ó mhír 271 den bhreithiúnas seo, go bhfuil lánrogha leathan ag an gComhairle agus ábhar na mbeart sriantach á shainmhíniú aici, na critéir liostaithe agus na catagóirí daoine a chumhdaítear leis na critéir sin agus nach féidir difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht birt arna ghlacadh i réimse na mbeart sriantach ach amháin más léir go bhfuil an beart míchuí i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag an institiúid sin, agus go bhfuil an cásdlí sin infheidhme freisin i bhfianaise phrionsabal na córa comhionainne (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 132, agus an 25 Meitheamh 2020, *VTB Bank* v *an Chomhairle*, C-729/18 P, EU:C:2020:499, mír 70).

303 Sa chás seo, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart i mír 137 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, i mír 144 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 127 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, tagraíonn critéar (g) go neamh-idirdhealaitheach do phríomhdhaoine gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, gan idirdhealú a dhéanamh idir na daoine gnó sin ar bhonn aon chritéar amhail critéar na náisiúntachta. Sna himthosca sin, ní féidir a mheas go gcaitear ar bhealach éagsúil le daoine a bhfuil náisiúntacht Rúiseach acu, i bhfianaise fhoclaíocht chritéar (g) agus i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an chritéir sin, leo siúd a bhfuil náisiúntacht eile acu.

304 Is fíor go dtugtar le tuiscint leis an gcoinníoll nach mór do phríomhdhaoine gnó a chumhdaítear le critéar (g) a bheith rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha den sórt sin, i bhformhór mór na gcásanna, go bhfuil náisiúntacht Rúiseach ag na daoine gnó sin. Mar sin féin, leanann sé sin go loighciúil, mar is léir ó mhíreanna 273 agus 275 den bhreithiúnas seo, agus, go bunúsach, ó mhíreanna 79 go 83 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, ó mhíreanna 66 go 70, 107 agus 108 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus ó mhíreanna 54 go 57, 90 agus 91 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil critéar (g) mar chuid de bhearta atá beartaithe chun brú a chur ar Rialtas Chónaidhm na Rúise chun é a spreagadh chun deireadh a chur lena ghníomhaíochtaí díchobhsaithe agus foghacha i gcoinne na hÚcráine trí dhaoine agus eintitis a bhfuil nasc oibiachtúil acu leis an tríú tír sin, amhail príomhdhaoine gnó.

305 Is léir freisin ó mhíreanna 285 go 294 den bhreithiúnas seo nach ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i míreanna 106 go 109 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i míreanna 89 go 92 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, nach raibh critéar (g) neamhdhleathach toisc nach raibh sé míchuí go follasach i bhfianaise na gcuspóirí a bhí á

saothrú. Tá na breithnithe sin infheidhme *mutatis mutandis* maidir leis an gceist an bhfuil bearta sriantacha arna nglacadh ar bhonn critéar (g) contrártha do phrionsabal na córa comhionainne, lena n-áirítear i gCás C-704/23 P.

306 Dá bhrí sin, is léir ó na trí mhír roimhe seo, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart i mír 137 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, i mír 144 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 127 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, nach féidir a bhaint de thátal as an bhfíoras gurb iad príomhdhaoine gnó de náisiúntacht Rúiseach atá, den chuid is mó, faoi réir bearta sriantacha faoi chritéar (g) gur sháraigh an Chomhairle prionsabal na córa comhionainne agus an critéar sin á ghlacadh agus á chur i bhfeidhm aici.

307 Thairis sin, mar a chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl i mír 139 den dara breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 128 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, ní féidir an lánrogha leathan atá ag an gComhairle maidir le príomhdhaoine gnó a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta sriantacha faoi chritéar (g) a shainaithint a mheas mar shárú ar phrionsabal na córa comhionainne (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *VTB Bank* v *an Chomhairle*, C-729/18 P, EU:C:2020:499, mír 70).

308 Ar deireadh, mar a chinn an Chúirt Ghinearálta, agus an ceart aici, go bunúsach, i mír 138 den dara breithiúnas atá faoi achomharc, i mír 145 den tríú breithiúnas atá faoi achomharc agus i mír 129 den cheathrú breithiúnas atá faoi achomharc, ní féidir an Chomhairle a cháineadh, i bhfianaise na lánrogha leithne sin agus dhlíthiúlacht chritéar (g) i bhfianaise phrionsabal na córa comhionainne, as an bprionsabal sin a shárú ar an bhforas nach bhfuil na bearta sriantacha a ghlac sí dírithe ar gach duine nádúrtha a d'fhéadfadh na coinníollacha a leagtar síos leis an gcritéar sin a chomhlíonadh.

309 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don chéad chuid den cheathrú foras achomhairc i gCás C-704/23 P agus don chúigiú foras achomhairc i gCásanna C-711/23 P agus C-35/24 P araon.

